AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 18.4.2023
COM(2023) 227 final

2023/0112 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a mhaoiniú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2023) 225-226} - {SEC(2023) 230}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá na leasuithe atá beartaithe ar Threoir 2014/59/AE[1] (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc nó BRRD) mar chuid den phacáiste reachtach maidir le bainistiú géarchéime agus árachas taiscí (CMDI) lena n-áirítear freisin leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014[2] (an Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair nó an Rialachán maidir le SRA) agus ar Threoir 2014/49/AE[3] (an Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí nó DGSD).

Tá creat bainistíochta géarchéime an Aontais seanbhunaithe, mar sin féin, léiríodh le heachtraí a tharla roimhe maidir le teipeanna banc go bhfuil gá le feabhsuithe. Is é is aidhm d'athchóiriú CMDI tógáil ar chuspóirí an chreata bainistíochta géarchéime agus cur chuige níos comhsheasmhaí i leith réitigh a áirithiú, ionas gur féidir le haon bhanc anásta imeacht ón margadh ar bhealach ordúil, agus cobhsaíocht airgeadais agus airgead na gcáiníocóirí a chaomhnú mar aon le muinín taisceoirí a áirithiú an tráth céanna. Go háirithe, ní mór an creat réitigh atá ann cheana do bhainc bheaga agus mheánmhéide a neartú i ndáil lena dhearadh, lena chur chun feidhme agus, níos tábhachtaí fós, le dreasachtaí chun é a chur i bhfeidhm, ionas gur féidir é a chur i bhfeidhm ar bhealach níos inchreidte maidir leis na bainc sin.

Comhthéacs an togra

Tar éis na ngéarchéimeanna domhanda airgeadais agus fiachais cheannasaigh, rinne an tAontas gníomhaíochtaí cinntitheacha, i gcomhréir le hiarrataí idirnáisiúnta ar athchóiriú, chun earnáil airgeadais níos sábháilte a chruthú do mhargadh aonair an Aontais. Ar na gníomhaíochtaí sin bhí na huirlisí agus na cumhachtaí chun teip aon bhainc a láimhseáil ar bhealach ordúil agus cobhsaíocht airgeadais, airgeadas poiblí agus cosaint taisceoirí a chaomhnú an tráth céanna. Cruthaíodh an tAontas Baincéireachta in 2014 agus tá dhá cholún ann faoi láthair: Sásra Maoirseachta Aonair (SAM) agus Sásra Réitigh Aonair (SRA). Mar sin féin, tá an tAontas Baincéireachta fós neamhiomlán agus tá a thríú colún ar lár: scéim Eorpach árachais taiscí (SEÁT)[4]. Tá an togra ón gCoimisiún a glacadh an 24 Samhain 2015 chun SEÁT[5] a bhunú ar feitheamh fós.

Tacaítear leis an Aontas Baincéireachta le Leabhar Rialacha Aonair, ina bhfuil trí ghníomh dlí de chuid an Aontais a glacadh in 2014 maidir le CMDI: BRRD, an Rialachán maidir le SRA

---

1 Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/24/CE, Treoir 2002/47/CE, Treoir 2004/25/CE, Treoir 2005/56/CE, Treoir 2007/36/CE, Treoir 2011/35/AE, Treoir 2012/30/AE agus Treoir 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

2 Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

3 Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí, (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).

4 Ina theannta sin, níl aon chomhaontú ann fós maidir le sásra inchreidte stóinsithe chun leachtacht a sholáthar i gcás réitigh san Aontas Baincéireachta, i gcomhréir leis an gcaighdeán arna leagan síos ag piaraí idirnáisiúnta.

5 COM/2015/0586 final.

agus DGSD. Sainítear in BRRD na cumhachtaí, na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le téarnamh agus réiteach banc, lena n-áirítear socruithe comhair trasteorann chun dul i ngleic le teipeanna baincéireachta trasteorann. Leis an Rialachán maidir le SRA, cruthaítear an Bord Réitigh Aonair (BRA) agus an Ciste Réitigh Aonair (CRA) agus sainítear cumhachtaí, rialacha agus nósanna imeachta maidir le réiteach na n-eintiteas atá bunaithe san Aontas Baincéireachta, i gcomhthéacs an tsásra réitigh aonair. Áirithíonn DGSD cosaint taisceoirí agus leagtar amach na rialacha maidir le cistí SRT a úsáid. Tá feidhm ag BRRD agus DGSD sna Ballstáit uile agus tá feidhm ag an Rialachán maidir le SRA sna Ballstáit atá rannpháirteach san Aontas Baincéireachta.

I bpacáiste baincéireachta 2019, ar a dtugtar an 'pacáiste laghdaithe riosca' freisin, rinneadh athbhreithniú ar BRRD, ar an Rialachán SRA, ar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR)[6] agus ar an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil (CRD)[7]. Ar na bearta sin bhí bhearta a thabhairt isteach lena gcomhlíontar gealltanais an Aontais a rinneadh i bhfóraim idirnáisiúnta[8] chun céimeanna breise a ghlacadh chun an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche trí bhearta inchreidte laghdaithe riosca a chur ar fáil chun bagairtí ar chobhsaíocht airgeadais a mhaolú.

I mí na Samhna 2020, chomhaontaigh an Grúpa Euro go ndéanfadh an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE) cúlstop coiteann do CRA a chruthú agus a thabhairt isteach go luath[9].

An t-athchóiriú ar bhainistiú géarchéime agus árachas taiscí (CMDI) agus na himpleachtaí níos leithne don Aontas Baincéireachta

In éineacht le hathchóiriú CMDI, an t-Aontas Baincéireachta iomlán, lena n-áirítear an tríú colún de, is é sin SEÁT, chuirfeadh sé leibhéal níos airde cosanta airgeadais agus muiníne ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí an Aontais, mhéadófaí muinín agus neartófaí an chobhsaíocht airgeadais de réir mar is gá don fhás, don rathúnas agus don athléimneacht san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus san Aontas i gcoitinne. Comhlánaíonn Aontas na Margaí Caipitil an tAontas Baincéireachta toisc go bhfuil an dá thionscnamh sin ríthábhachtach chun an dá aistriú (aistriú digiteach agus aistriú glas) a mhaoiniú, chun dlús a chur le ról idirnáisiúnta an euro agus chun neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais agus a iomaíochas a neartú i ndomhan atá ag athrú, go háirithe i bhfianaise na timpeallachta dúshlánaí eacnamaíche agus geopholaitiúla atá ann faoi láthair[10,11].

---

6 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

7 Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

8 Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB). An Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (leagan nuashonraithe 2014), *Príomhthréithe na gcóras réitigh éifeachtach d'institiúidí airgeadais* agus (2015), *Prionsabail maidir le acmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaiplitiúcháin na mBanc Domhanda a bhfuil Tábhacht Shistéamach leo (G-SIBanna) i gcás Réitigh, Bileog Téarmaí na hAcmhainneachta Ionsúcháin Caillteanais Iomláine (TLAC).*

9 An Grúpa Euro (an 30 Samhain 2020), *Ráiteas ón nGrúpa Euro i bhformáid chuimsitheach maidir le hathchóiriú SCE agus tabhairt isteach luath an chúlstop don Chiste Réitigh Aonair*. Tharlódh an cur chun feidhme sin le linn 2022-2024. Mar sin féin, tá daingniú an Chomhaontaithe lena leasaítear an Conradh lena mbunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach ar feitheamh fós.

10 An Coimisiún Eorpach (2020), *Clár Oibre an Choimisiúin 2021*, roinn 2.3, lch. 5.

11 An Coimisiún Eorpach (2023), *Iomaíochas fadtéarmach an Aontais Eorpaigh:níos faide ar aghaidh ná 2030*.

I mí an Mheithimh 2022, níor aontaigh an Grúpa Euro le plean oibre níos cuimsithí chun an tAontas Baincéireachta a thabhairt i gcrích trí SEÁT a chur san áireamh. Ina ionad sin, d'iarr an Grúpa Euro ar an gCoimisiún tograí reachtacha níos spriocdhírithe a chur síos chun athchóiriú a dhéanamh ar chreat an Aontais maidir le bainistiú géarchéime banc agus árachas taiscí náisiúnta[12].

San am céanna, ina tuarascáil bhliantúil 2021 maidir leis an Aontas Baincéireachta[13], leag Parlaimint na hEorpa béim freisin ar a thábhachtaí atá sé é a thabhairt i gcrích le bunú SEÁT agus thacaigh sí leis an gCoimisiún togra reachtach a chur ar aghaidh maidir leis an athbhreithniú ar CMDI. Cé nár thacaigh an Grúpa Euro go sainráite le SEÁT, d'fhágfadh sé go mbeadh athchóiriú CMDI níos láidre agus chuirfeadh sé sineirgí agus gnóthachain éifeachtúlachta ar fáil don tionscal. Bheadh pacáiste reachtach den sórt sin ina chuid den chlár oibre chun an tAontas Baincéireachta a chomhlánú, mar a leagadh béim air i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen, inar meabhraíodh freisin an tábhacht a bhaineann le SEÁT, agus tacaíocht rialta ó cheannairí[14].

Cuspóirí an chreata bainistithe géarchéime agus árachais taiscí (CMDI)

Ceapadh creat CMDI chun na rioscaí a mhaolú agus chun bainistiú a dhéanamh ar theip institiúidí d'aon mhéid, agus ceithre chuspóir uileghabhálacha a bhaint amach san am céanna:

(i) cobhsaíocht airgeadais a chosaint agus, san am céanna, tadhlacht a sheachaint, agus ar an gcaoi sin smacht an mhargaidh agus leanúnachas feidhmeanna criticiúla don tsochaí a áirithiú,

(ii) feidhmiú an mhargaidh aonair a choimirciú agus cothrom iomaíochta a sholáthar ar fud an Aontais;

(iii) an leas is lú is féidir a bhaint as airgead na gcáiníocóirí agus an lúb bhainc-cheannasach a lagú agus

(iv) taisceoirí a chosaint agus muinín na dtomhaltóirí a áirithiú.

Foráiltear le creat CMDI do shraith ionstraimí is féidir a chur i bhfeidhm sna céimeanna éagsúla de shaolré na mbanc atá ar an anás: gníomhaíocht téarnaimh a fhaigheann tacaíocht ó phleananna téarnaimh arna ndréachtú ag na bainc; bearta luath-idirghabhála; bearta chun teip bainc a chosc; pleananna réitigh arna n-ullmhú ag údaráis réitigh; agus bosca uirlisí réitigh nuair a dhearbhaítear go bhfuil banc i mbéal teipthe nó gur dóigh dó teip agus nuair a mheastar go rachaidh sé chun leasa an phobail é a réiteach (seachas a leachtú). Ina theannta sin, na nósanna imeachta dócmhainneachta náisiúnta, atá lasmuigh de chreat CMDI[15], leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu maidir leis na bainc anásta sin ar féidir dul i ngleic leo faoi na nósanna imeachta náisiúnta sin, i gcás ina bhfuil siad níos oiriúnaí (seachas réiteach)

---

12 An Grúpa Euro (an 16 Meitheamh 2022), *Ráiteas ón nGrúpa Euro maidir le todhchaí an Aontais Baincéireachta.*

13 Parlaimint na hEorpa (2022), *An tAontas Baincéireachta — tuarascáil bhliantúil 2021;* D'eisigh Parlaimint na hEorpa tuarascáil ar an Aontas Baincéireachta gach bliain ag tosú amach in 2015.

14 Cruinniú Mullaigh Euro (24 Márta 2023), *Ráiteas ón gCruinniú Mullaigh Euro, ag teacht le chéile i bhformáid chuimsitheach*.

15 Níl imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta comhchuibhithe. Mar sin féin, is cuid de chreat CMDI é cinneadh an údaráis réitigh maidir le banc anásta a chur faoi réiteach, lena gceanglaítear comparáid a dhéanamh idir imeachtaí réitigh agus imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta (measúnú ar leas an phobail). Má chinneann údarás réitigh gan banc anásta a chur faoi réiteach, caithfear leis an gcás ina dhiaidh sin ar an leibhéal náisiúnta, i gcás ina ndéantar an measúnú ar thionscnamh nósanna imeachta dócmhainneachta nó cineálacha eile imeachtaí foirceanta, i gcomhréir le mionsonraí sonracha na gcóras dócmhainneachta náisiúnta.

agus nach ndéanann siad dochar do leas an phobail ná nach gcuireann siad cobhsaíocht airgeadais i mbaol.

Tá sé d'aidhm ag creat CMDI meascán d'fhoinsí cistiúcháin a chur ar fáil chun teipeanna a bhainistiú ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de, cobhsaíocht airgeadais agus taisceoirí a chosaint agus smacht an mhargaidh a chothabháil, agus san am céanna an leas a bhaintear as an mbuiséad poiblí agus, ar deireadh, an costas ar cháiníocóirí a laghdú. Clúdaítear an costas a bhaineann leis an mbanc a réiteach ar dtús trí acmhainní an bhainc féin, i.e. leithdháiltear é ar scairshealbhóirí agus ar chreidiúnaithe an bhainc féin (lena mbunaítear acmhainneacht ionsúcháin inmheánach an bhainc), rud a laghdaíonn an baol morálta agus a fheabhsaíonn smacht an mhargaidh. Más gá, is féidir é a chomhlánú le cistí ó scéimeanna ráthaithe taiscí (DGS) agus ó shocruithe maoinithe réitigh (cistí réitigh náisiúnta (RF) nó CRA san Aontas Baincéireachta). Maoinítear na cistí sin le ranníocaíochtaí ó na bainc uile gan beann ar a méid agus ar a samhail ghnó. San Aontas Baincéireachta, rinneadh na rialacha sin a chomhtháthú tuilleadh trína chur de chúram ar BRA bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar CRA, a mhaoinítear le ranníocaíochtaí ón tionscal i mBallstáit rannpháirteacha an Aontais Baincéireachta. Ag brath ar an uirlis a chuirtear i bhfeidhm maidir le banc atá ar an anás (e.g. bearta coisctheacha, réamhchúraim, réitigh nó bearta malartacha faoi imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta) agus sonraí sonracha an cháis, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le rialú Státchabhrach[16] le haghaidh idirghabhálacha ó RF/CRA, ó SRT nó ó chistiú poiblí ó bhuiséad an Stáit.

Cúiseanna leis an togra

D'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh ó 2014, is annamh a chuirtear réiteach i bhfeidhm, go háirithe san Aontas Baincéireachta. Sainaithníodh réimsí le haghaidh tuilleadh neartaithe agus coigeartaithe a mhéid a bhaineann le creat CMDI ó thaobh ceapadh, cur chun feidhme de agus, thar aon rud eile, dreasachtaí chun é a chur i bhfeidhm.

Go dtí seo, is minic a baineadh úsáid as airgead na gcáiníocóirí (tarrthálacha) in ionad líontáin sábhála atá maoinithe ag an tionscal, amhail SRF san Aontas Baincéireachta nár úsáideadh go dtí seo i gcás réitigh, le go leor banc anásta, bainc bheaga nó mheánmhéide. Téann sé sin in aghaidh intinn an chreata mar a bunaíodh é tar éis na géarchéime airgeadais domhanda, a raibh aistriú paraidíme mór ó tharrtháil go tarrtháil inmheánach i gceist leis. Sa chomhthéacs sin, baineann deischostas nach beag leis na socruithe um maoiniú réitigh arna maoiniú ag na bainc uile.

Níor éirigh leis an gcreat réitigh príomhchuspóirí uileghabhálacha a bhaint amach go hiomlán, go háirithe feidhmiú mhargadh aonair an Aontais i mbaincéireacht a éascú trí chothrom iomaíochta a áirithiú, trí ghéarchéimeanna trasteorann agus intíre a láimhseáil agus trí úsáid airgid na gcáiníocóirí a íoslaghdú.

Dreasachtaí mí-ailínithe chun an uirlis cheart a roghnú chun bainc anásta a bhainistiú is cúis leis na cúiseanna go príomha, as a n-eascraíonn neamhchur i bhfeidhm an chreata réitigh chomhchuibhithe, i bhfabhar bealaí eile. Ar an iomlán, is amhlaidh atá mar gheall ar an lánrogha leathan atá sa mheasúnú ar leas an phobail, ar dheacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú i gcás réitigh gan caillteanais a fhorchur ar thaisceoirí, agus ar rochtain níos éasca

[16] Tá na rialacha maidir le státchabhair nasctha go dlúth le creat CMDI agus tá siad comhlántach leis. Níl na rialacha sin faoi réir an athbhreithnithe seo agus an mheasúnaithe tionchair seo. Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an dá chreat, d'iarr an Grúpa Euro ar an gCoimisiún i mí na Samhna 2020 athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat Státchabhrach do na bainc, agus é a thabhairt i gcrích i gcomhthráth leis an athbhreithniú ar chreat CMDI, lena n-áirithítear go dtiocfaidh sé i bhfeidhm san am céanna le creat CMDI nuashonraithe.

ar chistiú lasmuigh de réiteach. Má leantar ar aghaidh an gconaire sin, cuirtear le rioscaí an ilroinnte agus torthaí fo-optamacha maidir le teipeanna banc a bhainistiú, go háirithe teipeanna na mbanc beag agus meánmhéide.

Leis an athbhreithniú ar chreat CMDI agus leis an idirghníomhaíocht le himeachtaí dócmhainneachta náisiúnta, ba cheart réitigh a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Ina theannta sin, ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas an chreata a chuspóirí a bhaint amach go hiomlán agus a bheith oiriúnach don fheidhm do gach banc san Aontas gan beann ar a méid, ar a samhail ghnó agus ar astruchtúr dliteanais, fiú bainc bheaga agus mheánmhéide, más gá de réir na gcúinsí atá ann faoi láthair. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an athbhreithniú cur i bhfeidhm comhsheasmhach na rialacha a áirithiú ar fud na mBallstát, cothrom iomaíochta níos fearr a chur ar fáil, agus cobhsaíocht airgeadais agus taisceoirí a chosaint san am céanna, tadhlacht a chosc agus úsáid airgid na gcáiníocóirí a laghdú. Go háirithe, ba cheart an creat a fheabhsú chun réiteach na mbanc beag agus meánmhéide a éascú mar a raibh coinne leis i dtosach, trí mhaolú a dhéanamh ar an tionchar ar chobhsaíocht airgeadais agus ar an bhfíorgheilleagar gan leas a bhaint as cistiú poiblí, agus trí mhuinín a dtaisceoirí a chothú, taisceoirí ar teaghlaigh agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) iad go príomha. I dtéarmaí mhéid na n-athruithe atá beartaithe, ní fhéachann an t-athbhreithniú ar CMDI leis an gcreat reatha a ollchóiriú ach le feabhsuithe a bhfuil géarghá leo a dhéanamh i roinnt príomhréimsí chun go n-oibreoidh an creat mar a bhí beartaithe do na bainc uile.

Achoimre ar eilimintí athchóirithe an bhainistithe géarchéime agus an árachais taiscí (CMDI)

Cumhdaíonn na leasuithe a áirítear i bpacáiste CMDI raon gnéithe beartais agus is freagairt chomhleanúnach iad ar na fadhbanna a sainaithníodh:

- raon feidhme an réitigh a leathnú trí athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú ar leas an phobail, nuair a bhaintear amach cuspóirí an chreata, e.g. cobhsaíocht airgeadais, airgead na gcáiníocóirí agus muinín taisceoirí a chosaint ar bhealach níos fearr ná imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta;
- an cistiú i gcás réitigh a neartú trí acmhainneacht ionsúcháin caillteanais inmheánach na n-institiúidí a chomhlánú, arb í an chéad líne chosanta i gcónaí í, le húsáid cistí SRT i gcás réitigh chun cabhrú le rochtain a fháil ar chistí réitigh gan caillteanais a fhorchur ar thaisceoirí i gcás inarb iomchuí, faoi réir coinníollacha agus coimircí;
- rangú éileamh i gcás dócmhainneachta a leasú agus tosaíocht ghinearálta do taisceoirí a áirithiú le tosaíocht aonleibhéil do thaisceoirí, agus é d'aidhm leis sin cistí SRT a úsáid i mbearta seachas eisíocaíocht taiscí cumhdaithe;
- comhchuibhiú a dhéanamh ar an tástáil ar an gcostas is lú do gach cineál idirghabhála SRT lasmuigh d'íocaíocht taiscí cumhdaithe i gcás dócmhainneachta chun cothrom iomaíochta a fheabhsú agus comhsheasmhacht torthaí a áirithiú;
- an creat luath-idirghabhála a shoiléiriú trí fhorluí idir luath-idirghabháil agus bearta maoirseachta a bhaint, deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar maidir leis na coinníollacha is infheidhme agus comhar idir údaráis inniúla agus údaráis réitigh a éascú;
- truicear tráthúil réitigh a áirithiú; agus

- cosaint do thaisceoirí a fheabhsú (e.g. feabhsuithe spriocdhírithe ar fhorálacha SRTanna maidir le raon feidhme na cosanta agus an chomhair trasteorann, roghanna náisiúnta a chomhchuibhiú, agus feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le stóinseacht airgeadais SRTanna).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Moltar sa togra leasuithe ar an reachtaíocht atá ann cheana ionas go mbeidh sí go hiomlán comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá ann cheana i réimse an bhainistithe géarchéime banc agus an árachais taiscí. Is é is aidhm don athbhreithniú ar BRRD/an Rialachán maidir le SRA agus ar DGSD feidhmiú an chreata a fheabhsú ar bhealach a sholáthraíonn na huirlisí d'údaráis réitigh ionas go mbeidh siad in ann teip aon bhainc a láimhseáil, gan beann ar mhéid agus ar shamhail ghnó, chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, taisceoirí a chosaint, agus chun dul ar iontaoibh airgead na gcáiníocóirí a sheachaint.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuireann an togra leis na hathchóirithe a rinneadh tar éis na géarchéime airgeadais as ar tháinig an tAontas Baincéireachta agus an leabhar rialacha aonair do bhainc uile an Aontais.

Tá an togra ina chuidiú le reachtaíocht airgeadais an Aontais a neartú, reachtaíocht a glacadh le deich mbliana anuas chun rioscaí san earnáil airgeadais a laghdú agus bainistiú ordúil teipeanna banc a áirithiú. Is é an aidhm atá ann an córas baincéireachta a dhéanamh níos láidre agus, ar deireadh, maoiniú inbhuanaithe na gníomhaíochta eacnamaíche san Aontas a chur chun cinn. Tá sé go hiomlán comhsheasmhach le bunspriocanna an Aontais maidir le cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn, tacaíocht ó cháiníocóirí i réiteach banc a laghdú, agus muinín taisceoirí a chaomhnú. Tá na cuspóirí sin fabhrach d'ardleibhéal iomaíochais agus cosanta do thomhaltóirí.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Leasaítear leis an togra treoir atá ann cheana, BRRD, go háirithe a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm feabhsaithe na n-uirlisí atá ar fáil cheana féin sa creat um théarnamh agus réiteach banc, soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le réiteach, rochtain ar líontáin sábhála a éascú i gcás teip bainc agus feabhas a chur ar shoiléireacht agus ar chomhsheasmhacht na rialacha cistiúcháin. Trí cheanglais chomhchuibhithe a bhunú maidir le creat CMDI a chur i bhfeidhm ar bhainc sa mhargadh inmheánach, laghdaíonn an togra go mór an riosca go mbeidh rialacha náisiúnta éagsúla sna Ballstáit, rud a d'fhéadfadh iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh.

Dá bhrí sin, is ionann bunús dlí an togra agus bunús dlí an ghnímh reachtaigh bhunaidh, is é sin Airteagal 114 CFAE. Ceadaítear leis an bhforáil sin bearta atá le glacadh chun forálacha náisiúnta a chomhfhogasú arb é is cuspóir dóibh bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an bunús dlí laistigh de réimse an mhargaidh inmheánaigh, a mheastar a bheith ina inniúlacht roinnte, mar a shainítear in Airteagal 4 CFAE. Formhór na ngníomhaíochtaí a bhreithnítear, nuashonruithe agus leasuithe is ea iad ar dhlí an Aontais atá ann cheana, agus dá réir sin, baineann siad le réimsí ina bhfuil inniúlacht an Aontais feidhmithe cheana féin agus nach bhfuil sé beartaithe aige scor d'fheidhmiú na hinniúlachta sin.

Ós rud é go bhfuil cuspóirí na mbeart atá molta dírithe ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá ann cheana a fhorlíonadh, is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais seachas trí thionscnaimh náisiúnta éagsúla. Go háirithe, leagadh amach an réasúnaíocht do chóras réitigh an Aontais atá sonrach agus comhchuibhithe do na bainc uile san Aontas nuair a bunaíodh an creat in 2014. Is léiriú a phríomhghnéithe ar threoir idirnáisiúnta agus 'Príomhthréithe na gCóras Réitigh Éifeachtach d'Institiúidí Airgeadais' a ghlac an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais i ndiaidh na géarchéime airgeadais domhanda in 2008.

Tá prionsabal na coimhdeachta leabaithe sa chreat réitigh atá ann cheana. Ní féidir leis na Ballstáit a chuspóirí, is é sin le rá comhchuibhiú na rialacha agus na bpróiseas réitigh, a bhaint amach go leordhóthanach. Ina ionad sin, mar gheall ar na héifeachtaí a bheadh ag teip aon institiúide san Aontas Eorpach ar fad, is fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais trí ghníomhaíocht an Aontais.

Ba é rún an chreata réitigh atá ann cheana bosca coiteann uirlisí a chur ar fáil i gcónaí chun déileáil go héifeachtach le haon teip bainc, gan beann ar a mhéid, ar a shamhail ghnó nó ar a shuíomh, ar bhealach ordúil, i gcás inar gá sin chun cobhsaíocht airgeadais an Aontais, an Bhallstáit nó an réigiúin ina n-oibríonn sé a chaomhnú, agus chun taisceoirí a chosaint gan brath ar chistí poiblí.

Leasaítear leis an togra forálacha áirithe de chuid BRRD chun an creat atá ann cheana a fheabhsú, go háirithe maidir lena chur i bhfeidhm maidir le bainc bheaga agus mheánmhéide, mar d'fhéadfadh sé nach mbainfeadh sé a chuspóirí amach murach sin.

D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar forleathan ar bhonn trasteorann ag rioscaí do chobhsaíocht airgeadais, do mhuinín taisceoirí nó d'úsáid airgeadais phoiblí i mBallstát amháin agus d'fhéadfadh siad cur le hilroinnt an mhargaidh aonair ar deireadh. An easpa gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais do bhainc nach bhfuil chomh suntasach céanna agus an t-eisiamh a mheastar a bheith acu ó líontán sábhála frithpháirtithe, d'fhéadfaidís difear a dhéanamh dá gcumas rochtain a fháil ar mhargaí agus taisceoirí a mhealladh i gcomparáid le bainc shuntasacha. Ina theannta sin, dhéanfadh réitigh náisiúnta chun dul i ngleic le teipeanna bainc an nasc idir na bainc agus fiachas ceannasach a dhéanamh níos measa agus bhainfeadh siad an bonn den smaoineamh taobh thiar den Aontas Baincéireachta aistriú paraidíme a thabhairt isteach ó tharrtháil go tarrtháil inmheánach.

Ní fhorordófar, trí ghníomhú ar leibhéal an Aontais chun an creat réitigh a athchóiriú, an straitéis ba cheart a ghlacadh nuair a theipeann ar na bainc. Fanfaidh an rogha idir straitéis/uirlis réitigh chomhchuibhithe de chuid an Aontais agus an straitéis leachtaithe náisiúnta faoi rogha an údaráis réitigh ar bhonn an mheasúnaithe ar leas an phobail. Tá sé sin curtha in oiriúint do gach cás teipe ar leith agus níl sé á stiúradh go huathoibríoch ag breithnithe, cuir i gcas, méid na mbanc, for-rochtain gheografach a ghníomhaíochtaí agus struchtúr na hearnála baincéireachta. Go praiticiúil, fágann sé sin gurb é an measúnú ar leas an phobail an tástáil choimhdeachta san Aontas.

Dá bhrí sin, cé gur gá úsáid a bhaint as ar bhonn cás ar chás chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar réiteach ar bhanc, tá sé ríthábhachtach go gcaomhnófar an fhéidearthacht go rachadh gach banc faoi réiteach agus go mbeidh na dreasachtaí cearta ag na húdaráis réitigh réiteach a roghnú, mar gheall ar chineál sistéamach féideartha na n-institiúidí uile, mar a fhoráiltear cheana in BRRD.

Féadfaidh na Ballstáit leachtú a mheas i gcónaí do na bainc bheaga nó mheánmhéide faoin gcreat athchóirithe. I ndáil leis sin, tá córais dócmhainneachta náisiúnta (nach bhfuil comhchuibhithe) fós i bhfeidhm nuair a mheastar gur rogha níos fearr ar réiteach é nós imeachta dócmhainneachta. Caomhnaítear contanam na n-uirlisí ar an mbealach sin, lena

n-áirítear iad siúd atá lasmuigh den réiteach, amhail: bearta coisctheacha agus réamhchúraim; uirlisí réitigh; bearta malartacha laistigh d'imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta agus eisíocaíocht na dtaiscí cumhdaithe i gcás leachtú ilroinnte.

Dá bhrí sin, meastar gurb é leasú BRRD an rogha is fearr. Tá an chothromaíocht cheart ann idir rialacha a chomhchuibhiú agus solúbthacht náisiúnta a choinneáil ar bun, i gcás inarb ábhartha. Leis na leasuithe, dhéanfaí cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an chreata réitigh agus cóineasú cleachtas na n-údarás maoirseachta agus réitigh a chur chun cinn, chomh maith le cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí baincéireachta. Tá tábhacht ar leith leis sin san earnáil bhaincéireachta, áit a mbíonn go leor institiúidí ag feidhmiú ar fud mhargadh inmheánach an Aontais Eorpaigh. Ní bhainfí amach na cuspóirí sin le rialacha náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Faoi phrionsabal na comhréireachta, níor cheart inneachar agus foirm ghníomhaíocht an Aontais a bheith os cionn a bhfuil riachtanach chun a chuid cuspóirí a bhaint amach ar shlí atá comhsheasmhach le cuspóirí foriomlána na gConarthaí.

Tá comhréireacht ina cuid dhílis den mheasúnú tionchair atá ag gabháil leis an togra. Rinneadh measúnú aonair ar na leasuithe atá beartaithe de réir chuspóir na comhréireachta. Ina theannta sin, rinneadh measúnú ar easpa comhréireachta na rialacha atá ann cheana i roinnt réimsí agus rinneadh anailís ar roghanna sonracha arb é is aidhm dóibh an t-ualach riaracháin agus na costais chomhlíonta a laghdú d'institiúidí beaga, go háirithe trí dheireadh a chur leis an oibleagáid an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL) a chinneadh le haghaidh cineálacha áirithe eintiteas.

Ní hionann na coinníollacha maidir le rochtain a fháil ar na socruithe um maoiniú réitigh faoin gcreat reatha agus idirdhealú ar fhorais comhréireachta bunaithe ar an straitéis réitigh, ar mhéid agus/nó ar shamhail ghnó. Braitheann cumas na mbanc na coinníollacha rochtana ar an socrú maoiniúcháin réitigh a chomhlíonadh ar stoc na n-ionstraimí ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu atá ar fáil ina gcláir chomhardaithe tráth na hidirghabhála. Mar sin féin, tugann an fhianaise le fios go mbíonn deacrachtaí struchtúracha ag roinnt banc (beag agus meánmhéide) i margaí áirithe maidir le ICDI a fhorbairt. I gcás na mbanc sin, i bhfianaise a struchtúir shonraigh dliteanais (go háirithe iad siúd a bhíonn ag brath go mór ar chistiú taiscí), níor mhór tarrtháil inmheánach a dhéanamh ar thaiscí áirithe chun rochtain a fháil ar an socrú um maoiniú réitigh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis imní maidir le cobhsaíocht airgeadais agus indéantacht oibríochtúil i bhfianaise an tionchair eacnamaíoch agus shóisialta i roinnt Ballstát. Leis na leasuithe atá beartaithe (e.g. rialacha soiléire maidir leis an ICDI a chur in oiriúint do straitéisí réitigh aistrithe, lena dtugtar isteach tosaíocht do thaisceoirí aonleibhéil agus lena gceadaítear do chistí SRT an bhearna a dhúnadh ó thaobh rochtain a fháil ar an socrú maoiniúcháin réitigh), chuirfí feabhas ar an rochtain ar chistiú i gcás réitigh. Thabharfaí isteach leo freisin níos mó comhréireachta do bhainc a réiteofaí faoi straitéisí aistrithe, trí chosaint taiscí ar tharrtháil inmheánach i gcás inarb iomchuí a cheadú, agus trí aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar fhadhb mhaoiniú an réitigh gan na coinníollacha íosta le haghaidh tarrtháil inmheánach chun rochtain a fháil ar an socrú maoiniúcháin réitigh a lagú.

- **An rogha ionstraime**

Tá sé beartaithe na bearta a chur chun feidhme trí BRRD a leasú trí threoir. Leis na bearta atá molta tagraítear d'fhorálacha atá ann cheana, nó déantar iad a fhorbairt a thuilleadh, forálacha atá ionchorpraithe san ionstraim dlí sin.

Cuid de na leasuithe atá beartaithe, mar shampla iad siúd a dhéanann difear d'imeacht ón margaidh tar éis measúnú diúltach ar leas an phobail a fháil, d'fhágfaidís go mbeadh leibhéal leordhóthanach solúbthachta ag na Ballstáit, ag céim a dtrasuí sa dlí náisiúnta, chun rialacha náisiúnta éagsúla maidir le foirceannadh a choinneáil ar bun.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ceapadh creat CMDI chun teip institiúidí d'aon mhéid nó d'aon samhail ghnó a sheachaint agus a bhainistiú. Forbraíodh é chun cobhsaíocht airgeadais a chothabháil, taisceoirí a chosaint, úsáid tacaíochta poiblí a íoslaghdú, baol morálta a theorannú, agus an margadh inmheánach do sheirbhísí airgeadais a fheabhsú. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur cheart, ar an iomlán, creat CMDI a fheabhsú ar bhealaí áirithe, amhail cosaint níos fearr a thabhairt d'airgead na gcáiníocóirí.

Go háirithe, léirítear sa mheastóireacht nach leor fós an deimhneacht dhlíthiúil agus an intuarthacht maidir le teipeanna bainc a bhainistiú. Mar shampla, d'fhéadfadh difríocht mhór a bheith idir cinneadh na n-údarás poiblí maidir le dul i muinín uirlisí réitigh nó dócmhainneachta ar fud Bhallstáit an Aontais. Ina theannta sin, ní bhíonn líontáin sábhála arna maoiniú ag an tionscal éifeachtach i gcónaí agus leanann coinníollacha rochtana éagsúla ar chistiú i gcás réitigh agus i gcas nach bhfuil faoi réiteach. Bíonn tionchar acu sin ar dhreasachtaí agus cruthaíonn siad deiseanna arbatráiste nuair a dhéantar cinntí maidir leis an uirlis bainistithe géarchéime atá le húsáid. Ar deireadh, tá cosaint taisceoirí míchothrom agus neamhréireach ar fud na mBallstát i roinnt réimsí.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinne an Coimisiún malartuithe forleathana trí uirlisí comhairliúcháin éagsúla chun teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, chun tuiscint níos fearr a chur ar conas a d'fheidhmigh an creat agus ar an scóip a d'fhéadfaí a fheabhsú.

In 2020, sheol an Coimisiún comhairliúchán maidir le measúnú tionchair tosaigh comhcheangailte agus treochlár a bhí dírithe ar mhionanailís a sholáthar ar ghníomhaíochtaí atá le déanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag roghanna éagsúla beartais ar an ngeilleagar, ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol.

In 2021, sheol an Coimisiún dhá chomhairliúchán: comhairliúchán spriocdhírithe poiblí chun aiseolas a lorg ó pháirtithe leasmhara maidir leis an gcaoi ar cuireadh creat CMDI i bhfeidhm agus tuairimí maidir le modhnuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh. Bhí an comhairliúchán spriocdhírithe, ina raibh 39 gceist theicniúla ghinearálta agus shonracha, ar fáil i mBéarla amháin agus bhí sé oscailte ón 26 Eanáir go dtí an 20 Aibreán 2021. Bhí 10 gceist ghinearálta sa chomhairliúchán poiblí, a bhí ar fáil i dteangacha uile an Aontais agus a bhí ar siúl le linn na tréimhse aiseolais ón 25 Feabhra go dtí an 20 Bealtaine 2021.

Ina theannta sin, d'óstáil an Coimisiún comhdháil ardleibhéil an 18 Márta 2021 ag teacht le chéile ionadaithe ó na geallsealbhóirí ábhartha uile. Ag an gcomhdháil, deimhníodh an tábhacht a bhaineann le creat éifeachtach ach leagadh béim freisin ar na laigí atá ann faoi láthair.

Chuaigh foireann an Choimisiúin i gcomhairle arís agus arís eile leis na Ballstáit maidir le cur chun feidhme chreat CMDI ag an Aontas agus maidir le hathbhreithnithe a d'fhéadfaí a

dhéanamh ar BRRD/an Rialachán maidir le SRA agus DGSD i gcomhthéacs Shainghrúpa an Choimisiúin maidir le Baincéireacht, Íocaíochtaí agus Árachas. I gcomhthráth leis an bplé a rinneadh sa Ghrúpa Saineolaithe, cumhdaíodh na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu sa togra seo i gcruinnithe chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle, is é sin le rá Meitheal na Comhairle um Sheirbhísí Airgeadais agus an tAontas Baincéireachta agus an Mheitheal Ardleibhéil maidir le SEÁT.

Ina theannta sin, le linn chéim ullmhúcháin na reachtaíochta, bhí go leor cruinnithe (fisiceach agus fíorúil) ag foireann an Choimisiúin le hionadaithe ón tionscal baincéireachta agus le páirtithe leasmhara eile.

Ionchorpraíodh torthaí na dtionscnamh thuasluaite uile in ullmhú an togra seo agus an measúnú tionchair a ghabhann leis. Tá fianaise shoiléir iontu faoin ngá atá leis na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta agus a thabhairt i gcrích chun cuspóirí an chreata a bhaint amach ar an mbealach is fearr. Tá achoimrí ar na comhairliúcháin sin agus ar an gcomhdháil phoiblí in Iarscríbhinn 2 den mheasúnú tionchair.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'eisigh an Coimisiún glao ar chomhairle don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) maidir le cistiú i gcás dócmhainneachta agus réitigh. D'iarr an Coimisiún comhairle theicniúil spriocdhírithe chun: (i) measúnú a dhéanamh ar an deacracht a tuairiscíodh do roinnt banc beag agus meánmhéide ionstraimí airgeadais leordhóthanacha a eisiúint lena ndéantar caillteanas a ionsú; (ii) scrúdú a dhéanamh ar na ceanglais reatha maidir le rochtain a fháil ar fhoinsí cistiúcháin atá le fáil sa chreat reatha; agus (iii) measúnú a dhéanamh ar thionchair chainníochtúla na roghanna beartais éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann i réimse an chistithe i gcás réitigh agus dócmhainneachta agus ar a éifeachtaí atá siad ó thaobh na cuspóirí beartais a bhaint amach. Thug ÚBE freagra i mí Dheireadh Fómhair 2021[17].

Bhain an Coimisiún tairbhe freisin as an tuairim a chuir an tArdán ‘Réidh don Todhchaí’ ar fáil i mí na Nollag 2021. Leagadh béim sa tuairim ar an ngá atá le creat CMDI a chur in oiriúint dá bhfeidhm do na bainc uile, ar bhealach comhréireach, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar mhuinín na dtaisceoirí agus ar chobhsaíocht airgeadais á gcur san áireamh.

- **Measúnú tionchair[18]**

Rinneadh measúnú tionchair cuimsitheach ar an togra agus cuireadh san áireamh ann an t-aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna idirnasctha éagsúla a fhaightear i dtrí théacs dlí éagsúla.

Rinneadh réimse roghanna beartais a mheas sa mheasúnú tionchair chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh i gceapadh agus i gcur chun feidhme an chreata bainistithe géarchéime agus árachais taiscí. I bhfianaise na nasc láidir idir an bosca uirlisí bainistithe géarchéime agus an cistiú a ghabhann leis, breithníodh sa mheasúnú tionchair pacáistí de roghanna beartais lena gcruinnítear gnéithe deartha ábhartha de chreat CMDI le chéile chun cur chuige cuimsitheach agus comhsheasmhach a áirithiú. Roinnt athruithe atá beartaithe maidir le bearta luath-idirghabhála, na truicir chun a chinneadh an bhfuil banc i mbéal teipthe nó ar dóigh dó teip, agus comhchuibhiú gnéithe áirithe de TSRT, is gnéithe coiteanna iad ar fud na bpacáistí rogha a breithníodh.

---

17 ÚBE (an 22 Deireadh Fómhair 2021), *Glao ar chomhairle maidir le cistiú i gcás réitigh agus dócmhainneachta*.

18 Féach tagairtí do SWD(2023)226 (bileog achomair den mheasúnú tionchair) agus SEC(2023)230 (tuairim dhearfach an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála).

Tá na pacáistí éagsúla de roghanna dírithe den chuid is mó ar anailís a dhéanamh ar raon iomlán na ndeiseanna chun raon feidhme an réitigh a leathnú go hinchreidte agus go héifeachtach, ó thaobh leibhéal na huaillmhéine i dtaca leis an gcistiú a dhéanamh níos inrochtana. Go háirithe, déantar breithniú sna roghanna beartais ar úsáid chistí SRT i gcás réitigh a éascú, lena n-áirítear iad a úsáid chun a bheith ina ‘ndroichead’ faoin gcoimirciú tástála ar an gcostas is lú, chun feabhas a chur ar an gcomhréireacht maidir le rochtain a fháil ar na socruithe maoiniúcháin réitigh do bhainc, go háirithe bainc bheaga agus mheánmhéide atá faoi réir straitéisí aistrithe le himeacht ón margadh. Ina theannta sin, féachtar sna roghanna beartais ar an deis cistí SRT a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla faoi thástáil chomhchuibhithe ar an gcostas is lú le haghaidh bearta seachas eisíocaíocht taiscí cumhdaithe, lena bhféachtar le feabhas a chur ar chomhoiriúnacht na ndreasachtaí do na húdaráis réitigh agus an uirlis is iomchuí á roghnú acu chun géarchéim a bhainistiú. Má dhéantar cistí SRT a dhíghlasáil do bhearta nach bearta le haghaidh eisíocaíocht taiscí faoi chumhdach, braitheann sé ar cén rang ina bhfuil SRT in ordlathas na n-éileamh. Dá bhrí sin, déantar iniúchadh sna roghanna beartais freisin ar chásanna éagsúla maidir le tosaíocht do taisceoirí a chomhchuibhiú.

I bhfianaise na n-eilimintí sin, déantar iniúchadh sa mheasúnú tionchair ar thrí phacáiste roghanna beartais a d'fhéadfadh torthaí a bhaint amach a bhfuil raon éagsúil uaillmhéine ag baint leo. Féachann gach pacáiste le creat dreasacht-bhunaithe a chruthú trí chur i bhfeidhm uirlisí réitigh a spreagadh ar bhealach níos comhsheasmhaí, trí dheimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a mhéadú, cothrom iomaíochta a bhaint amach, rochtain ar líontáin sábhála choiteanna a éascú, agus roinnt roghanna malartacha a choinneáil ar bun lasmuigh de nósanna imeachta dócmhainneachta náisiúnta san am céanna. Mar sin féin, trí dhearadh, baintear amach na cuspóirí sin, ach sin go pointe éagsúlaithe, trí bhíthin na bpacáistí roghanna agus, ó thaobh na polaitíochta de, bheadh cuid díobh níos fusa a dhéanamh ná cuid eile.

Beartaítear leis an rogha thosaíochta feabhsuithe uaillmhianacha a dhéanamh ar an bhfoirmle chistiúcháin, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí raon feidhme an réitigh a leathnú go mór chun bainc níos lú agus bainc mheánmhéide a chur san áireamh agus ailíniú níos fearr ar dhreasachtaí chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an uirlis géarchéime is fearr do na hinstitiúidí sin. Measadh go raibh sé níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos comhleanúnaí maidir le cuspóirí an chreata a bhaint amach i gcomparáid le roghanna eile, lena n-áirítear an bhunlíne i gcás nach ndéantar aon ghníomhaíocht. Go háirithe, aithníodh gurb é deireadh a chur leis an sárthosaíocht do SRT an modh is éifeachtaí chun a áirithiú gur féidir cistí SRT a úsáid i gcás réitigh. Is é sárthosaíocht a bheith ann d'éilimh SRT an phríomhchúis gur fíor-annamh gur féidir cistí SRT a úsáid lasmuigh d'íocaíocht taiscí cumhdaithe i gcás dócmhainneachta mar gheall ar an tionchar atá aige ar thoradh na tástála ar an gcostas is lú (LCT) a thugann tús áite d'íocaíocht amach. Mar sin féin, fuarthas amach go gcosnaíonn an sárthosaíocht acmhainní airgeadais SRT agus na hearnála baincéireachta as a dheireadh ar athshlánú a d'fhéadfaí a dhéanamh trí bhac a chur ar aon idirghabháil SRT i gcás réitigh, gan cosaint níos fearr a thabhairt do thaiscí cumhdaithe. Dá bhrí sin, is gá an sárthosaíocht SRT a bhaint chun aghaidh a thabhairt ar thoradh reatha an mheasúnaithe LCT atá bunaithe ar íocaíocht amach agus chun cistiú leordhóthanach a sholáthar i gcás réitigh chun go mbeidh réiteach na mbanc beag agus meánmhéide indéanta trí aistriú gnó agus caoi a thabhairt don bhanc anásta imeacht ón margaidh.

Sa mheasúnú tionchair bhí rogha eile ann freisin, is é sin athchóiriú uaillmhianach ar chreat CMDI, lena n-áirítear SEÁT i bhfoirm samhla idirmheánaí, hibridí SEÁT, atá éagsúil le togra 2015 ón gCoimisiún. Aithnítear leis an rogha seo a thábhachtaí atá sé comhchóras árachais taiscí a bhunú do stóinseacht an chreata agus do thabhairt i gcrích an Aontais Baincéireachta; measadh, áfach, nach raibh sé indéanta ó thaobh na polaitíochta de ag an gcéim seo.

Bheadh costais i gceist leis an togra ar údaráis agus ar bhainc áirithe, agus sin ag brath ar a mhéid a leathnófaí an réiteach ar bhonn measúnuithe ar leas an phobail de réir an cháis agus ar imthosca sonracha gach cáis. Bheadh úsáid na gcistí SRT agus an RF/CRA níos costéifeachtaí ó thaobh na n-acmhainní airgeadais is gá a úsáid, ach d'fhéadfadh sé riachtanais athshlánaithe a spreagadh freisin trí ranníocaíochtaí ón tionscal. Ar an iomlán, dhéanfaí costais d'údaráis réitigh agus do bhainc a chúiteamh, áfach, leis na tairbhí a bhaineann le hullmhacht fheabhsaithe do réimse níos mó banc, dhéanfaí dreasachtaí a shoiléiriú agus cinneadh á dhéanamh cé na huirlisí géarchéime a úsáidfear, an leas a bhaintear as cistí cáiníocóirí a laghdú, agus cobhsaíocht airgeadais agus muinín na dtaisceoirí a mhéadú, agus an méid sin ar fad a bhuí le rialacha níos soiléire agus le rochtain ar líontáin sábhála arna gcistiú ag an tionscal. I gcás tomhaltóirí agus an phobail, ba cheart go mbeadh na costais teoranta agus gur léir gur mó na tairbhí a bhaineann leo, go háirithe trí chosaint mhéadaithe do thaisceoirí, cobhsaíocht airgeadais agus úsáid laghdaithe airgid na gcáiníocóirí.

D'fhormhuinigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála an measúnú tionchair tar éis an chéad tuairim dhiúltach a fháil. Chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha a d'ardaigh an Bord, cuireadh síneadh leis an measúnú tionchair chun mínithe breise a chur san áireamh maidir leis an méid seo a leanas: (i) cineál na bhfadhbanna arb é is aidhm don athbhreithniú aghaidh a thabhairt orthu agus fiúntas ginearálta an réitigh i gcomparáid le himeachtaí dócmhainneachta chun cobhsaíocht airgeadais agus muinín taisceoirí a chosaint agus chun an leas a bhaintear as airgead cáiníocóirí a íoslaghdú; (ii) soiléirithe maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann an t-athchóiriú prionsabal na coimhdeachta; agus (iii) sonraí breise maidir le gnéithe eile amhail comhsheasmhacht leis an athbhreithniú ar rialacha maidir le Státchabhair, an idirghníomhaíocht le togra 2015 ón gCoimisiún maidir le SEÁT, an chaoi ar cuireadh comhairle ÚBE san áireamh nó na coinníollacha ina bhféadfadh SRT idirghabháil a dhéanamh i gcás réitigh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an t-athbhreithniú dírithe go príomha ar bhunú agus feidhmiú foriomlán an chreata bainistithe géarchéime agus árachais taiscí, agus aird ar leith á tabhairt ar bhainc bheaga agus mheánmhéide agus ar chóir chomhionann do thaisceoirí. Táthar coinne le go dtiocfaidh tairbhí as an athchóiriú atá beartaithe i ndáil le héifeachtacht an chreata agus soiléireacht dhlíthiúil.

Tá an t-athchóiriú neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus níl tionchar aige ar ullmhacht dhigiteach.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an tAontas tiomanta d'ardchaighdeáin cosanta le haghaidh na gceart bunúsach agus tá raon leathan coinbhinsiún maidir le cearta an duine sínithe aige. Sa chomhthéacs sin, comhlíonann an togra na cearta sin, a liostaítear i bpríomhchoinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, atá ina dlúthchuid de Chonarthaí an Aontais, agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí ag baint leis an togra seo do bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leis an togra, ceanglaítear ar na Ballstáit na leasuithe ar BRRD a thrasuí ina ndlíthe náisiúnta laistigh de 18 mí ó theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí.

Áirítear sa togra ceanglais ar ÚBE caighdeáin a eisiúint i ndáil le forálacha áirithe den chreat agus tuairisc a thabhairt don Choimisiún maidir lena chur chun feidhme éifeachtach, e.g. maidir le measúnuithe inréititheachta arna ndéanamh ag údaráis réitigh nó maidir leis an ullmhúchán d'fhorghníomhú réitigh.

Beidh an reachtaíocht faoi réir meastóireacht iomlán 5 bliana tar éis a sprioc-am cur chun feidhme chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí agus a éifeachtúla a bhí sí ó thaobh a cuspóirí a bhaint amach, agus chun a chinneadh an bhfuil gá le bearta nó leasuithe nua.

6. MÍNIÚ MIONSONRAITHE AR FHORÁLACHA SONRACHA AN TOGRA

Bearta luath-idirghabhála agus ullmhúchán don réiteach

Na coinníollacha maidir le bearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bainistíocht a bhaint agus bainisteoirí sealadacha a cheapadh, leasaítear iad chun débhríocht a bhaint agus chun an deimhneacht dhlíthiúil is gá a thabhairt do na húdaráis inniúla. Leasaítear Airteagail 27(1), 28 agus 29(1) chun foráil a dhéanamh go bhféadfar bearta luath-idirghabhála a úsáid i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le bearta maoirseachta faoi CRD nó faoi Threoir (AE) 2019/2034[19] (an Treoir maidir le Gnólachtaí Infheistíochta nó IFD), ach nach ndearna an institiúid na bearta sin nó ní mheastar gur leor iad chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sainaitheanta. Caomhnaítear na truicir atá ann cheana, truicir nach gcumhdaítear le CRD ná le IFD. san am céanna, cuirtear deireadh leis an seicheamhú inmheánach idir bearta luath-idirghabhála chomh maith le bainisteoirí a bhaint agus bainisteoirí sealadacha a cheapadh — faoin togra, tá siad go léir faoi réir na dtruicear céanna, ach ceanglaítear ar na húdaráis inniúla prionsabal na comhréireachta a leanúint agus an beart is iomchuí á roghnú acu maidir le gach imthoisc. An sainordú ÚBE le haghaidh treoirlínte lena gcuirtear chun cinn cur i bhfeidhm comhsheasmhach na dtruicear, coinnítear ar bun é.

Na bearta luath-idirghabhála a liostaítear in Airteagal 27 de BRRD agus a bhfuil forluí eatarthu leis na cumhachtaí maoirseachta atá ar fáil faoi Airteagal 104 de CRD nó Airteagal 49 IFD (maidir le scrúdú a dhéanamh ar an staid airgeadais ag an gcomhlacht bainistíochta, bainisteoirí a bhaint nach gcomhlíonann na critéir oiriúnachta a thuilleadh, athruithe ar an straitéis ghnó agus ar struchtúr oibríochtúil na hinstitiúide), baintear iad de BRRD agus ní choinnítear iad ach in CRD/IFD. Leis sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phraiticiúla agus riaracháin a thugann na húdaráis inniúla faoi deara agus na bearta forluiteacha sin á gcur i bhfeidhm acu.

Chun na forálacha teoranta in BRRD a leathnú amach, rud a éilíonn comhar idir údaráis inniúla agus údaráis réitigh nuair a thosaíonn staid airgeadais bainc ag imeacht ó mhaith, sonraítear in Airteagal 30a nua idirghníomhaíochtaí agus freagrachtaí na n-údarás inniúil agus réitigh sa tréimhse roimh réiteach. Ceanglaítear ar an údarás inniúil fógra a thabhairt don údarás réitigh nuair a ghlacann sé bearta maoirseachta áirithe faoi CRD nó IFD (go háirithe na

[19] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64).

bearta sin a raibh forluí eatarthu roimhe sin le bearta luath-idirghabhála), nuair a mheasann sé go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le luath-idirghabháil agus nuair a chuireann sé bearta luath-idirghabhála i bhfeidhm go fíor. Ba cheart do na húdaráis inniúla, i gcomhar leis na húdaráis réitigh, faireachán a dhéanamh ar staid airgeadais na hinstitiúide agus ar a mhéid a chomhlíonann siad aon bheart arna fhorchur. San am céanna, ní mór don údarás inniúil an fhaisnéis uile is gá chun ullmhú don réiteach a sholáthar don údarás réitigh, nó ní mór dó ceangal a chur ar an institiúid féin í a chur ar fáil. Soiléirítear freisin go bhfuil sé de chumhacht ag an údarás réitigh an institiúid a mhargú nó socruithe a dhéanamh maidir le margú na hinstitiúide agus a iarraidh go gcruthófaí seomra sonraí fíorúil gan a bheith ag brath ar bhearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm roimh ré. Ceanglaítear ar na húdaráis inniúla agus réitigh comhoibriú go dlúth le chéile agus aon ghníomhaíocht luath-idirghabhála nó ullmhúcháin réitigh á meas acu chun comhsheasmhacht agus éifeachtacht a áirithiú.

Luathrabhadh maidir le banc i mbéal teipthe nó ar dóigh dó teip

Áirítear in Airteagal 30a oibleagáid ar an údarás inniúil fógra a thabhairt luath go leor don údarás réitigh a luaithe a mheasfaidh sé go bhfuil riosca ábhartha ann go gcomhlíonann institiúid nó eintiteas na coinníollacha maidir lena mheasúnú mar institiúid atá i mbéal teipthe nó ar dóigh di teip, mar a leagtar síos in Airteagal 32(4). Ba cheart a áireamh san fhógra sin na cúiseanna le measúnú na n-údarás inniúil chomh maith le forbhreathnú ar na réitigh mhalartacha a d'fhéadfadh cosc a chur ar theip na hinstitiúide nó an eintitis lena mbaineann laistigh de thréimhse ama réasúnach.

Mar aitheantas ar an ról ríthábhachtach atá ag uainiú na gníomhaíochta réitigh maidir le leibhéil chaipitil, ICDI agus leachtacht na hinstitiúide nó an eintitis a chaomhnú a mhéid is féidir, agus ar bhonn níos ginearálta, chun a áirithiú go mbeidh na coinníollacha is gá i bhfeidhm ag an údarás réitigh chun an straitéis réitigh arna hullmhú do gach institiúid nó eintiteas a chur i gcrích go rathúil, tugtar de chumhacht don údarás réitigh, i ndlúthchomhar leis an údarás inniúil, measúnú a dhéanamh, i ndlúthchomhar le BCE/ÚIN, ar chreat ama réasúnta chun réitigh de chineál príobháideach nó riaracháin a lorg, ar féidir leo an teip a chosc. Le linn na tréimhse luathrabhaidh sin, ba cheart don údarás inniúil leanúint dá inniúlachtaí a fheidhmiú, agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an údarás réitigh san am céanna i gcomhréir le hAirteagal 30a. Ba cheart don údarás inniúil agus don údarás réitigh faireachán a dhéanamh, i ndlúthchomhar le chéile, ar éabhlóid staid na hinstitiúide nó an eintitis agus ar chur chun feidhme beart malartach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don údarás réitigh agus don údarás inniúil teacht le chéile go rialta, ar mhinicíocht arna socrú ag an údarás réitigh.

Mura dtagtar ar aon bheart malartach iomchuí lena seachnófaí an mhainneachtain nó mura gcuirtear chun feidhme é laistigh den fhráma ama sin, ba cheart don n údarás inniúil measúnú a dhéanamh an bhfuil an institiúid nó an t-eintiteas i mbéal teipthe nó ar dóigh dóibh teip. I gcás ina gcinneann an t-údarás inniúil go bhfuil an institiúid nó an t-eintiteas i mbéal teipthe nó ar dóigh dóibh teip, ba cheart dó é sin a chur in iúl go foirmiúil don údarás réitigh, de réir an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 32(1) agus (2). Féadfaidh an t-údarás réitigh féin an measúnú sin a dhéanamh freisin, i gcás inar fheidhmigh an Ballstát an rogha náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 32(2). Ba cheart don údarás réitigh a chinneadh ansin an bhfuil na coinníollacha maidir le réiteach á gcomhlíonadh. I gcás inar gá an institiúid nó an t-eintiteas a réiteach mar thoradh ar an measúnú ar leas an phobail, ba cheart don údarás réitigh cinneadh a ghlacadh ina dhiaidh sin maidir le gníomhaíocht réitigh a dhéanamh.. Tá an méid sin i gcomhréir leis an gcásdlí is déanaí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le cás a tharlaíonn san Aontas Baincéireachta, agus dá réir sin is beart ullmhúcháin é measúnú BRA atá ceaptha chun ligean don Bhord cinneadh a dhéanamh maidir le réiteach bainc. Luaigh an Chúirt freisin go bhfuil an chumhacht eisiach ag BRA measúnú a dhéanamh ar na

coinníollacha is gá chun gníomhaíocht réitigh a chur i bhfeidhm, faoi réir fhormhuiniú na scéime réitigh ón gCoimisiún agus, i gcás inarb infheidhme, faoi réir neamhagóid ón gComhairle[20].

Measúnú ar leas an phobail

Ceapadh creat CMDI chun teip institiúidí d'aon mhéid a sheachaint agus a bhainistiú, agus taisceoirí agus cáiníocóirí a chosaint san am céanna. I gcás ina meastar go bhfuil banc i mbéal teipthe nó ar dóigh dó teip agus go rachaidh sé chun leasa an phobail é a réiteach, déanfaidh na húdaráis réitigh idirghabháil trí úsáid a bhaint as na huirlisí agus na cumhachtaí a dheonaítear le BRRD in éagmais réiteach príobháideach. In éagmais leas an phobail le haghaidh réitigh, ba cheart cliseadh an bhainc a láimhseáil trí imeachtaí foirceanta ordúil náisiúnta arna ndéanamh ag údaráis náisiúnta, agus b'fhéidir le maoiniú ó SRT nó ó fhoinsí cistiúcháin eile, de réir mar is iomchuí.

Go bunúsach, déanann an measúnú ar leas an phobail comparáid idir réiteach in aghaidh dócmhainneachta, go háirithe measúnú ar an gcaoi a mbaineann gach cás amach na cuspóirí réitigh. Ar na cuspóirí réitigh a ndéantar an measúnú ina n-aghaidh, tá an méid seo a leanas: (i) an tionchar ar chobhsaíocht airgeadais (d'fhéadfadh toradh éagsúil ar PIA a bheith mar thoradh ar ghéarchéim leathan, toradh a bheadh éagsúil le teip neamhghnách a d'fhéadfadh tarlú); (ii) measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar fheidhmeanna criticiúla an bhainc; agus (iii) an gá atá le teorainn a chur leis an úsáid a bhaintear as tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách. Faoin gcreat atá ann faoi láthair, ní féidir réiteach a roghnú ach amháin i gcás nach bhféadfaí na cuspóirí réitigh a bhaint amach a mhéid céanna le dócmhainneacht.

Fágann BRRD agus an Rialachán maidir le SRA corrlach lánroghnach do na húdaráis réitigh agus an SIA á chur i gcrích, rud a fhágann go mbíonn feidhmeanna agus léirmhínithe éagsúla ann nach léiríonn loighic agus intinn na reachtaíochta go hiomlán i gcónaí. I gcásanna áirithe, go háirithe laistigh den Aontas Baincéireachta, cuireadh an PIA i bhfeidhm ar bhonn sách sriantach.

Chun éagsúlachtaí a íoslaghdú agus cur i bhfeidhm PIA a leathnú, i.e. raon feidhme an réitigh a leathnú, áirítear na leasuithe reachtacha seo a leanas sa togra:

Leasuithe ar na cuspóirí réitigh

Ní áirítear sa sainmhíniú atá ann faoi láthair ar ‘fheidhmeanna criticiúla’ tagairt shainráite don tionchar a bheadh ag an gcaoi a gcuirfí isteach ar an bhfíorgheilleagar agus ag an gcobhsaíocht airgeadais ar an leibhéal réigiúnach, as a leanann léirmhíniú féideartha nach bhféadfar feidhmeanna a mheas mar fheidhmeanna criticiúla ach amháin nuair a bhíonn tionchar ag a scor ar an leibhéal náisiúnta. Chun léirmhíniú éagsúil a sheachaint, cuirtear tagairt sa sainmhíniú ar ‘fheidhmeanna criticiúla’ leis an ‘leibhéal náisiúnta nó réigiúnach’ ar an tionchar a bheadh ag an gcaoi a gcuirfí isteach ar a scor ar an bhfíorgheilleagar nó ar an gcobhsaíocht airgeadais (Airteagal 2(1), pointe (35)).

Leis an gcuspóir réitigh lena gceanglaítear an spleáchas ar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a íoslaghdú, ní cheadaítear idirdhealú a dhéanamh idir úsáid airgid buiséid náisiúnta agus úsáid líontán sábhála arna gcistiú ag an tionscal (cistí réitigh náisiúnta CRA nó SRTanna). Dá bhrí sin, leasaítear an cuspóir réitigh sin chun tagairt shonrach don tacaíocht a chuirtear ar fáil ó bhuiséad Ballstáit a chur san áireamh, chun a léiriú gur cheart a mheas gur fearr cistiú arna sholáthar ag na líontáin sábhála arna chistiú ag an tionscal ná cistiú arna thacú

[20] Ordú an 6 Bealtaine 2019, ABLV Bank/ECB, T-281/18, EU:T:2019:296, míreanna 34 go 36, agus Breithiúnas an 6 Bealtaine 2021, ABLV Bank/BCE, C-551/19 P agus C-552/19 P, EU:C:2021:369, míreanna 62 go 71.

ag airgead cáiníocóirí (Airteagal 31(1), pointe (c)). Déantar é sin a chomhlánú le hathrú ar na rialacha nós imeachta maidir le PIA, lena gceanglaítear ar an údarás réitigh gach tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách ar féidir a bheith ag súil leis go réasúnta a chur ar fáil don institiúid i gcás réitigh in aghaidh na tacaíochta sin sa fhrithfhíorasach dócmhainneachta a bhreithniú agus a chur i gcomparáid. Má táthar ag súil le cabhair leachtaithe sa fhrithfhíorasach dócmhainneachta, ba cheart toradh dearfach ar PIA a bheith mar thoradh air sin (Airteagal 32(5), an dara fomhír).

Leasaítear an cuspóir réitigh a bhaineann le cosaint taisceoirí chun a shoiléiriú gur cheart gurbh é ab aidhm don réiteach taisceoirí a chosaint, agus caillteanais do scéimeanna ráthaithe taiscí a íoslaghdú san am céanna. Ciallaíonn sé sin gur cheart tús áite a thabhairt do réiteach dá mbeadh dócmhainneacht níos costasaí don SRT.

Athruithe nós imeachta ar an gcomparáid idir imeachtaí réitigh agus imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta

Faoi BRRD atá ann faoi láthair, tá coinne leis go roghnóidh na húdaráis réitigh dócmhainneacht murab é go mbainfí amach na cuspóirí réitigh ar bhealach níos fearr dá roghnófaí réiteach. Foráiltear le téacs Airteagal 32(5) atá ann faoi láthair nach roghnófar réiteach ach amháin nuair nach gcomhlíonfaí na cuspóirí réitigh a mhéid céanna dá ndéanfaí an institiúid a fhoirceannadh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta. Ionas go bhféadfar feidhmiú an réitigh a leathnú amach, leasaítear Airteagal 32(5), an chéad fhomhír, chun a shoiléiriú nár cheart imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta a roghnú mar an straitéis tosaíochta ach amháin nuair a bhainfidh siad cuspóirí an chreata amach ar bhealach níos fearr ná réiteach (agus ní hea a mhéid céanna). Cé go gcoinnítear dócmhainneacht mar rogha réamhshocraithe, is é an toradh a bhíonn ar an leasú go dtiocfaidh méadú ar an dualgas cruthúnais d'údaráis réitigh chun a léiriú nach chun leas an phobail é an réiteach. Mar sin féin, leanfaidh an PIA de bheith ina chinneadh cás ar chás faoi rogha an údaráis réitigh.

Úsáid SRT i gcás réitigh

Bunphrionsabal de chuid an chreata réitigh atá ann faoi láthair is ea gur cheart an cistiú i gcás réitigh a sholáthar ar an gcéad dul síos le hacmhainní inmheánacha an bhainc (a chaipiteal agus a dhliteanais eile, lena n-áirítear catagóirí áirithe taiscí), a úsáidtear chun a chaillteanais a chumhdach. Is féidir iad sin a chomhlánú le foinsí seachtracha cistiúcháin, mar atá (1) an socrú um maoiniú réitigh — ach amháin tar éis 8 % de chaipiteal agus de dhliteanais an bhainc a bheith úsáidte chun a chaillteanais a chumhdach — agus (2) an SRT — in ionad taisceoirí cumhdaithe, ach sin suas go dtí méid na gcaillteanas a fhulaingeodh siad (d'fhéadfaidís a bheith faoi réir caillteanas i gcás réitigh). I gcás bainc bheaga agus mheánmhéide áirithe, go háirithe na bainc sin a mhaoinítear go príomha le taiscí, d'fhéadfadh sé a bheith an-deacair na ceanglais sin a chomhlíonadh maidir le rochtain a fháil ar chistiú seachtrach arna maoiniú ag an tionscal gan tarrtháil inmheánach a dhéanamh ar thaiscí os cionn an leibhéil chumhdaigh agus orthu siúd atá eisiata ó chumhdach. I gcásanna áirithe, áfach, d'fhéadfadh tógálacht fhorleathan agus éagobhsaíocht airgeadais a theacht chun cinn mar thoradh ar chaillteanais ar thaiscí a thabhú, rud a chuireann le rioscaí scaoill banc ar bhonn níos leithne, agus dá bhrí sin, bíonn drochthionchar tromchúiseach acu ar an bhfíorgheilleagar.

Dá bhrí sin, chun leibhéal níos airde comhréireachta a áirithiú maidir leis an gcreat réitigh, feabhas a chur ar chur i bhfeidhm na n-uirlisí aistrithe atá á réiteach do bhainc bheaga nó mheánmhéide a imeoidh ón margadh, agus a éascóidh idirghabhálacha SRTanna chun tacú leis na huirlisí sin nuair is gá sin chun cosc a chur ar thaisceoirí caillteanais a fhulaingt, leasaítear Airteagal 109 chun gnéithe áirithe d'úsáid SRT i gcás réitigh a shoiléiriú. An bunphrionsabal, is é sin acmhainn inmheánach ionsúcháin caillteanais na mbanc a bheith ina

chéad líne chosanta i gcás anáis, chomh maith leis na coinníollacha maidir le rochtain ar an socrú um maoiniú réitigh, ba cheart é a chaomhnú i gcónaí. Go háirithe, soiléirítear in Airteagal 109 gur féidir an SRT a úsáid chun tacú le hidirbhearta aistrithe ina n-áirítear taiscí cumhdaithe, agus, faoi choinníollacha áirithe, taiscí incháilithe freisin os cionn an leibhéil chumhdaigh agus taiscí a eisiatar ón ráthaíocht SRT. Ba cheart go gcumhdódh ranníocaíocht an SRT cuid den difríocht nó an difríocht iomlán idir luach na dtaiscí arna n-aistriú chuig ceannaitheoir nó chuig droichead-institiúid agus luach na sócmhainní aistrithe. I gcás ina n-éileoidh an ceannaitheoir ranníocaíocht mar chuid den idirbheart chun a neodracht chaipitil a áirithiú agus chun comhlíonadh cheanglais chaipitil an cheannaitheora a chaomhnú, ceadaítear don SRT rannchuidiú chuige sin freisin.

Chun ídiú a sheachaint agus chun a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an SRT chun a fheidhmeanna a choinneáil ar bun, beidh rannchuidiú an SRT i gcás réitigh fós faoi réir teorainneacha áirithe.

Ar thaobh amháin, ceanglaítear le hAirteagal 109(1) nach sáróidh aon chaillteanas a d'fhéadfadh SRT a fhulaingt mar thoradh ar idirghabháil i gcás réitigh an caillteanas a sheasfadh SRT i gcás dócmhainneachta, dá n-íocfadh sé amach le taisceoirí faoi chumhdach agus dá ndéanfadh sé a n-éilimh a ionadú. Déanann SRT an méid sin a chinneadh ar bhonn na tástála ar an gcostas is lú, i gcomhréir leis na critéir agus leis an modheolaíocht a leagtar amach sa Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí maidir le haon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as SRT.Tá na critéir agus an mhodheolaíocht chéanna le húsáid freisin agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an láimhseáil a bheadh faighte ag an SRT dá gcuirfeadh an institiúid tús le gnáthimeachtaí dócmhainneachta agus an luacháil ex post á déanamh aici faoi Airteagal 74 chun comhlíonadh an phrionsabail 'gan creidiúnaí ar bith níos measa as' a mheasúnú agus chun a chinneadh an bhfuil aon chúiteamh dlite don SRT.

Ar an taobh eile, ní fhéadfaidh méid na ranníocaíochta ó SRT a bheith níos mó ná aon ghannchion i luach shócmhainní na hinstitiúide faoi réiteach arna n-aistriú chuig an gceannaitheoir nó chuig an droichead-institiúid i gcomparáid le luach na dtaiscí agus na ndliteanas arna n-aistriú a bhfuil an rangú tosaíochta céanna nó tosaíocht níos airde acu i gcás dócmhainneachta ná na taiscí sin. Déantar sin chun a áirithiú nach n-úsáidfear ranníocaíocht an SRT ach amháin ar mhaithe le cosaint taisceoirí, i gcás inarb iomchuí, agus ní ar mhaithe le cosaint creidiúnaithe atá rangaithe níos ísle ná taiscí i gcás dócmhainneachta.

Thairis sin, soiléirítear in Airteagal 109(1) nach féidir leis an SRT rannchuidiú le hidirbheart, lena n-áirítear gach taisce, ach amháin má thugann an t-údarás réitigh de thátal as, i dtaca leis na taiscí incháilithe a sháraíonn an leibhéal cumhdaigh arna soláthar ag an SRT, chomh maith leis na taiscí a eisiatar ó chumhdach, gur cheart iad a chosaint ar chaillteanais agus nach féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu ná iad a fhágáil san institiúid iarmharach faoi réiteach, institiúid a dhéanfar a fhoirceannadh. Go háirithe, is amhlaidh a bheadh i gcás ina mbeadh fíorghá leis an eisiamh agus go mbeadh sé comhréireach chun leanúnachas na bhfeidhmeanna criticiúla agus na gcroílínte gnó a chaomhnú nó i gcás inar gá chun tógálacht fhorleathan agus éagobhsaíocht airgeadais a sheachaint, rudaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar an Aontais nó i ngeilleagar Ballstáit. Chun rochtain ar shocruithe um maoiniú réitigh a áirithiú i gcás inar gá sin chun straitéis aistrithe a chur chun feidhme, foráiltear le mír 2b d'Airteagal 109 gur cheart ranníocaíochtaí an SRT atá faoi réiteach a áireamh le haghaidh an cheanglais maidir le 8 % de dhliteanais iomlána agus cistí dílse (TLOF) chun rochtain a fháil ar an socrú um maoiniú réitigh. Más méid cothrom le 8 % ar a laghad de dhliteanais iomlána na hinstitiúide lena n-áirítear cistí dílse is ea an ranníocaíocht a dhéanann scairshealbhóirí agus creidiúnaithe na hinstitiúide faoi réiteach trí laghduithe, díluacháil nó comhshó a ndliteanais, méid arna suimiú leis an ranníocaíocht a rinne an SRT, beidh an t-údarás réitigh in ann an socrú um maoiniú réitigh a úsáid chun an ghníomhaíocht

réitigh a mhaoiniú, agus ní mór don institiúid atá ag teip imeacht ón margadh. Chun a áirithiú gurb é ICDI an chéad líne chosanta a bheidh ann i gcónaí agus chun cothrom iomaíochta a chaomhnú, níor cheart ach d'institiúidí bheith in ann sin a dhéanamh, institiúidí nach bhforáiltear sa phlean réitigh nó sa phlean réitigh grúpa maidir lena foirceannadh ar bhealach ordúil i gcás teipe, ós rud é gur socraíodh ICDI na n-institiúidí sin ar leibhéal lena n-áirítear na méideanna ionsúcháin caillteanais agus na méideanna athchaipitliúcháin araon.

Maidir le húsáid cistí SRT lena gcumasaítear rochtain ar na socruithe um maoiniú réitigh, ní mheastar go mbeidh tionchar aici ar dhreasachtaí institiúidí chun ICDI a chomhlíonadh. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil na dreasachtaí chun ICDI a chomhlíonadh ina gcuid de rialachas an chreata. Calabraíonn na húdaráis réitigh ceanglais ICDI do gach institiúid a bhfuil straitéisí réitigh aici, lena n-áirítear institiúidí beaga agus meánmhéide i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann cheana agus tabharfaidh siad aghaidh ar aon mhainneachtain cloí le roinnt beart. Ina theannta sin, an oibleagáid atá ar institiúidí a gceanglas agus a n-acmhainneacht maidir le ICDI a nochtadh go poiblí, oibligeáid a bheidh i bhfeidhm ó 2024 (mar a fhoráiltear faoi na rialacha atá ann cheana), neartóidh sí smacht margaidh agus comhlíonadh. Ina theannta sin, ní fhéadfar an SRT a úsáid chun rochtain ar an socrú um maoiniú réitigh a éascú ach amháin i gcás straitéisí aistrithe ina mbeidh imeacht ón margadh ina chuid díobh agus ar bhonn cás ar chás agus i gcás ina mbeidh údar cuí ag na húdaráis réitigh leis sin. Dá bhrí sin, ós rud é go n-imeoidh an institiúid theipe ón margadh tar éis réitigh sa chás ina n-úsáidtear cistí SRT, cuireann an sásra sin cosc *de facto* ar aon bhuntáiste maidir le calabrú ICDI nó úsáid cistí SRT i gcomparáid le hinstitiúidí eile a leanfadh de bheith ag feidhmiú tar éis a n-athstruchtúraithe. Rud atá tábhachtach, tá baol morálta ann toisc go bhféadfadh fóirdheontais a bheith ann lasmuigh den réiteach i bhfoirm cistí poiblí i gcás dócmhainneachta. Trí chur i bhfeidhm réitigh ar bhonn níos inchreidte a cheadú trí úsáid a bhaint as SRTanna i gcásanna sonracha, is é is aidhm don athchóiriú an leas a bhaintear as airgead cáiníocóirí a dhídhreasú, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'ionchais an mhargaidh *ex ante*, rud a d'fhágfadh go mbeadh smacht margadh níos mó ann agus go laghdófaí an riosca go mbeadh baol morálta ann. Ar deireadh, an úsáid a bhaintear as ranníocaíocht an SRT i dtreo chomhlíonadh na tairsí 8 % de TLOF chun rochtain a fháil ar shocruithe um maoiniú réitigh, tá sí teoranta do na hinstitiúidí sin ar socraíodh ICDI ina leith (i.e. institiúidí agus eintitis nár sainaithníodh mar eintitis leachtaithe) agus áirítear leis an tairseach ionsú caillteanais chomh maith leis na comhpháirteanna athchaipitliúcháin araon, i bhfianaise nach bhforáiltear sa phlean réitigh nó sa phlean réitigh grúpa lena mbaineann dá bhfoirceannadh i gcás teipe.

Tosaíocht do thaisceoirí

Faoi fhoclaíocht reatha Airteagal 108(1), cruthaíonn BRRD tosaíocht trí leibhéal do thaisceoirí in ordlathas na n-éileamh. Foráiltear leis nach mór 'sárthosaíocht', mar a thugtar air, a bheith ag taiscí faoi chumhdach agus ag éilimh SRT i rangú na gcreidiúnaithe sna dlíthe dócmhainneachta i ngach Ballstát i gcoibhneas le taiscí tosaíochta neamhchumhdaithe (an chuid de thaiscí incháilithe ó dhaoine nádúrtha agus ó FBManna a sháraíonn leibhéal cumhdaigh EUR 100 000). Ní mór do na creidiúnaithe sin a bheith rangaithe níos airde ná éilimh ghnáthchreidiúnaithe neamhurraithe.

Tá BRRD ciúin faoi láthair maidir le rangú na dtaiscí atá fágtha, is é sin, taiscí neamhthosaíochta neamhchumhdaithe (i.e. taiscí corparáideacha neamh-FBM atá os cionn leibhéal cumhdaigh EUR 100 000) agus taiscí eisiata (lena n-áirítear, faoin gcreat reatha, taiscí údarás poiblí, eintitis earnála airgeadais agus cistí pinsin). I bhformhór na mBallstát, rangaítear na taiscí neamhthosaíochta neamhchumhdaithe i ndócmhainneacht taobh le gnáthéilimh neamhurraithe, lena n-áirítear ionstraimí fiachais shinsearaigh is incháilithe le

haghaidh MREL (roinn A den fhigiúr thíos), cé gur i mionlach de na Ballstáit atá siad rangaithe cheana féin os cionn gnáthéileamh neamhurraithe (roinn B den fhigiúr thíos).

An tsárthosaíocht SRT sa chreat reatha (i.e., a rangú os cionn éilimh taisceoirí nach bhfuil cumhdaithe) tá tionchar aici ar thorthaí na tástála ar an gcostas is lú sa chaoi gur fíorannamh is féidir cistí SRT a úsáid lasmuigh d'íocaíocht taiscí faoi chumhdach i gcás dócmhainneachta, toisc go mbeadh coinne ag SRT le haisghabháil iomlán nó an-ard na n-acmhainní a úsáidtear chun taiscí cumhdaithe a aisíoc.

Ar an taobh eile, mar gheall ar an easpa tosaíochta ginearálta do thaisceoirí (i.e. rangú gach taisce os cionn gnáthéilimh neamhurraithe) i roinnt Ballstát, cruthaítear éagothrom iomaíochta agus baic fhéideartha ar réiteach i gcomhthéacsanna trasteorann agus d'fhéadfadh sáruithe ar an bprionsabal 'gan creidiúnaí ar bith níos measa as' a bheith mar thoradh air, i gcás inar gá, ar chúiseanna cobhsaíochta airgeadais, taiscí nach bhfuil cumhdaithe a eisiamh ó chaillteanais a fhulaingt.

Chun úsáid an SRT i gcás réitigh a éascú faoin mbeart cosanta tástála ar an gcostas is lú i gcás inar gá sin chun cobhsaíocht airgeadais a choinneáil ar bun agus taisceoirí a chosaint, agus chun deireadh a chur le baic ar réiteach, leasaítear Airteagal 108(1) chun tosaíocht ghinearálta do thaisceoirí a thabhairt isteach le rangú aonleibhéil. Bhainfí an méid sin amach a bhuí le dhá mhodhnú. Ar an gcéad dul síos, leathnaítear an tosaíocht dhlíthiúil i ndlíthe dócmhainneachta na mBallstát a cheanglaítear le BRRD i gcoibhneas le gnáthéilimh neamhurraithe chun gach taisce a chumhdach. Maidir leis na taiscí sin ar fad beidh gach taisce, lena n-áirítear taiscí incháilithe corparáidí móra agus taiscí eisiata, agus iad rangaithe os cionn gnáthéilimh neamhurraithe. Ar an dara dul síos, cuirtear tosaíocht aonleibhéil do taisceoirí in ionad an rangaithe choibhneasta idir na catagóirí éagsúla taiscí, i gcás ina ndéantar sárthosaíocht an SRT/na dtaiscí cumhdaithe a bhaint, agus i gcás ina rangaítear gach taisce *pari passu* (i.e., ar an leibhéal céanna eatarthu féin) agus os cionn gnáthéilimh neamhurraithe.

Dearcadh stílithe ar ordlathas creidiúnaithe i ndócmhainneacht faoin gcreat reatha (tosaíocht trí leibhéal do thaisceoirí) agus faoin athchóiriú atá beartaithe (tosaíocht ghinearálta aonleibhéil do thaisceoirí)



** AT, BE, CZ, DE, DK, EE, ES, FI, FR, IE, LV, LT, LU, MT, NL, PL, RO, SE agus SK.*
**** Tá taiscí tosaíochta neamhchumhdaithe ag 8 BS eile i gcoibhneas le gnáthéilimh neamhurraithe *(BG, CY, EL, HR, HU, IT, PT agus SI).*
**** Ar na dliteanais tosaíochta, tá an Ciste Réitigh Aonair/na Cistí Réitigh Náisiúnta freisin.*
Nóta: tá an léaráid seo stílithe agus simplithe. I ndáiríre, níl ordlathais na n-éileamh ar fud na mBallstát comhchuibhithe ach go páirteach (go háirithe sna leibhéil fo-ordaithe), cé go bhfuil na leibhéil shinsearacha neamh-chomhchuibhithe agus d'fhéadfadh fo-aicmí breise a bheith san áireamh iontu.

Foinse: Baill foirne an Choimisiúin.

Faoi mar a léirítear sa mheasúnú tionchair, ní chuirfeadh tosaíocht aonleibhéil do thaisceoirí isteach ar an gcosaint atá ag taisceoirí cumhdaithe faoi láthair, taisceoirí atá árachaithe i gcónaí faoin An Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí i gcás nach mbeidh fáil ar a gcuntais agus ina n-eisiatar iad go héigeantach ó chaillteanais a fhulaingt i gcás réitigh (Airteagal 44(2) BRRD). Ina ionad sin, tugann rangú tosaíochta níos airde éilimh SRT cosaint don tionscal baincéireachta, a íocann ranníocaíochtaí leis an SRT. Mar sin féin, ó thaobh an tionscail baincéireachta féin de, ní gá, mar gheall ar an tosaíocht is airde atá ag an SRT, nach mbíonn athshlánú an SRT ag teastáil chomh minic céanna ós rud é gurb é an toradh a bheadh ar an tosaíocht níos airde sin go mbainfí úsáid níos minice as acmhainní SRT le haghaidh íocaíochta ná le haghaidh straitéisí aistrithe i gcás réitigh. Is amhlaidh atá toisc chun íocaíocht amach a dhéanamh, ní mór na hacmhainní airgeadais atá le fáil don SRT a úsáid chun ollmhéid na dtaiscí cumhdaithe a chumhdach, agus go bhfuil aga moille idir an íocaíocht amach agus an aisghabháil i nósanna imeachta dócmhainneachta fada uaireanta, chomh maith le caillteanas ar luach saincheadúnais na sócmhainní.

Ina theannta sin, maidir le hargóint na cost-éifeachtúlachta a bhaineann le cistí SRT a úsáid i gcás réitigh i gcomparáid le costas íocaíochta taiscí cumhdaithe i gcás dócmhainneachta, léiríonn an fhianaise eimpíreach dá dtagraítear sa mheasúnú tionchair[21] gur féidir acmhainní airgeadais an SRT (fiú nuair atá siad líonta go hiomlán) a ídiú go tapa trí thaiscí cumhdaithe a íoc amach nó, i gcásanna áirithe, nach féidir le hacmhainní airgeadais SRT teagmhas íocaíochta amach a chothú nuair a bhíonn méid na dtaiscí cumhdaithe suntasach. I ndáil leis

[21] BCE (Deireadh Fómhair 2022), *Taisceoirí a chosaint agus airgead a choigilt — an fáth ar cheart do SRTanna san Aontas a bheith in ann tacú le haistrithe sócmhainní agus dliteanas nuair a theipeann ar bhanc*.

an méid sin, is é is aidhm don athbhreithniú ar CMDI úsáidí malartacha níos saoire agus níos costéifeachtúla a bhaint as an SRT i gcás réitigh, i gcomparáid le costas íocaíochta SRT i gcás dócmhainneachta, chun tacú le haistriú sócmhainní agus dliteanas (lena n-áirítear taiscí) agus ina dhiaidh sin imeacht ón margadh. Féach an measúnú tionchair le haghaidh anailís chuimsitheach (lena n-áirítear anailís a rinne ÚBE ina fhreagra ar ghlao an Choimisiúin ar chomhairle ó mhí Dheireadh Fómhair 2021).

Coinníollacha maidir le tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a sholáthar

Chun a áirithiú nach n-úsáidfear cistí poiblí i bhfoirm tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách chun tacú le hinstitiúidí nó eintitis nach bhfuil inmharthana ó thaobh airgeadais de, is gá foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha dochta maidir leis an uair is féidir tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil agus maidir leis an bhfoirm is féidir a ghlacadh. Foráiltear leis na rialacha atá ann faoi láthair maidir le teorainneacha áirithe ach níl siad beacht go leor. An tacaíocht airgeadais poiblí urghnách lasmuigh de réiteach, ba cheart í a theorannú do chásanna d'athchaipitliú réamhchúraim, do bhearta coisctheacha SRT atá dírithe ar fhóntacht airgeadais agus inmharthanacht fhadtéarmach institiúidí creidmheasa a chaomhnú, do bhearta arna ndéanamh ag SRT chun rochtain taisceoirí agus cineálacha eile tacaíochta arna ndeonú i gcomhthéacs imeachtaí foirceanta a chaomhnú. Níor cheart go gceadófaí tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a sholáthar in aon chás eile lasmuigh de réiteach agus ba cheart go measfaí go bhfuil an institiúid nó an t-eintiteas is faighteoir ag teip nó gur dócha go dteipfidh siad.

Athchaipitliú réamhchúraim

Ní mór aird ar leith a thabhairt ar an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a dheonaítear i bhfoirm athchaipitliú réamhchúraim. Is gá na cineálacha beart réamhchúraim is incheadaithe a sholáthraítear lasmuigh den réiteach agus arb é is aidhm dóibh an t-eintiteas lena mbaineann a athchaipitliú a leagan síos ar bhealach níos soiléire. Ba cheart na bearta a dheonaítear a bheith de chineál sealadach toisc go bhfuil siad ceaptha aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí díobhálacha na suaití seachtracha agus nach n-úsáidtear iad chun cúiteamh a dhéanamh ar laigí intreacha atá nasctha, mar shampla, le samhail ghnó atá as dáta. Ba cheart úsáid ionstraimí suthaine, mar atá Gnáthchothromas Leibhéal 1, a bheith eisceachtúil agus níor cheart é a bheith indéanta ach amháin mura mbeadh foirmeacha eile d'ionstraimí caipitil leordhóthanach. Tá gá le hathrú den sórt sin chun a áirithiú go mbeidh an tacaíocht de chineál sealadach i gcónaí. Tá gá freisin le ceanglais níos láidre agus níos sainráite maidir le ré agus straitéis scoir na mbeart réamhchúraim a chinneadh roimh ré. An t-eintiteas a fhaigheann tacaíocht, ba cheart dó a bheith sócmhainneach tráth a chuirfear na bearta i bhfeidhm, i.e. measann an t-údarás inniúil nach bhfuil siad ag sárú agus nach dócha go sáróidh sé na ceanglais chaipitil is infheidhme sa 12 mhí atá le teacht. Mura gcloítear leis na coinníollacha faoina ndeonaítear an tacaíocht, ba cheart a mheas go bhfuil an t-eintiteas a fhaigheann an tacaíocht i mbéal teipthe nó ar dóigh dó teip.

Airteagal 32b agus imeacht ón margadh

Beag beann ar an leathnú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an réitigh, ní bheidh réiteach roinnt banc de chuid an Aontais chun leasa an phobail. I gcásanna den sórt sin, ba cheart bainc a fhoirceannadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Tá na rialacha náisiúnta is infheidhme an-ilchineálach ar fud Bhallstáit an Aontais, i dtéarmaí na gcoinníollacha lena spreagtar nós imeachta a thionscnamh, agus struchtúr an nós imeachta féin. I roinnt Ballstát, dhéanfadh an banc nós imeachta gnáth-dhócmhainneachta a thionscnamh, i mBallstáit eile, tá córas speisialta dócmhainneachta nó leachtaithe ann do bhainc nó tá roinnt nósanna imeachta ar fáil, agus ní gá, i ngach cás, go n-imeodh an banc ón margadh. Ina theannta sin, ní i gcónaí a bhíonn na spreagthaí chun imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta a thionscnamh ailínithe leis an gcinneadh a atá i mbéal teipthe nó ar dóigh dó teip faoi BRRD. D'fhéadfadh sé sin

éiginnteacht a chruthú i dtaobh an féidir imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh (ar a dtugtar ‘cásanna idir dhá cheann na meá’) nó an mbeidh toradh soiléir ar an nós imeachta ó thaobh imeacht ón margadh a áirithiú.

Chun aghaidh a thabhairt ar chásanna den sórt sin, tugadh isteach Airteagal 32b le Pacáiste Baincéireachta 2019, lena gceanglaítear ar na Ballstáit foirceannadh ordúil a áirithiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le bainc anásta, nach réitítear mar gheall ar PIA diúltach. Mar sin féin, ní leor na forálacha sin a chur chun feidhme i gcreataí dlíthiúla náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí iarmharacha uile a bhaineann le hinstitiúidí anásta gan bheith ag imeacht ón margadh. Go háirithe, tá éiginnteacht ann fós maidir le cén nós imeachta ba cheart a bheith i bhfeidhm sna cásanna sin, agus go háirithe ar cheart feidhm a bheith ag gnáthimeachtaí dócmhainneachta amháin nó an bhféadfadh feidhm a bheith ag aon nós imeachta náisiúnta eile freisin.

Dá bhrí sin, chun an neamhréireacht agus an éiginnteacht atá ann cheana ar fud na mBallstát a réiteach, leasaítear Airteagal 32b chun an leagan amach a cheapadh tuilleadh agus soiléireacht a sholáthar, agus chun a áirithiú go n-éireoidh an banc as na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme laistigh de thréimhse ama réasúnta. Níl sé d’aidhm ag na leasuithe na rialacha dócmhainneachta náisiúnta a chomhchuibhiú, ná ní hé sin an toradh a bheidh orthu, agus caomhnaítear corrlach ar an leibhéal náisiúnta maidir leis an gcaoi ar cheart don imeacht ón margadh tarlú (i.e., trí dhíolachán nó ar bhealach eile).

Sa chomhthéacs sin, tá sé beartaithe freisin tuilleadh feabhais a chur ar an ról atá ag tarraingt siar cheadúnas an bhainc nuair a dhearbhaítear go bhfuil sé i mbéal teipthe nó ar dóigh dó teip, agus nuair nach mbeidh aon réiteach ann. Leis an bhforáil nua d’Airteagal 32b(3), tugtar de chumhacht don mhaoirseoir an ceadúnas a tharraingt siar bunaithe ar chinneadh go bhfuil sé i mbéal teipthe nó ar dóigh dó teip, agus ar an mbonn sin amháin, beidh an cinneadh sin ina choinníoll leordhóthanach d’údaráis riaracháin nó bhreithiúnacha náisiúnta ábhartha an nós imeachta náisiúnta foirceanta is infheidhme a thionscnamh gan mhoill.

Leasuithe maidir leis an íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL)

MREL le haghaidh straitéisí aistrithe

Mar chuid den phleanáil réitigh, tá údaráis réitigh ag sainiú na straitéisí réitigh tosaíochta agus athraitheacha agus ag ullmhú chur i bhfeidhm na n-uirlisí ábhartha chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach iad. I gcás institiúidí móra casta, ar bhonn ginearálta, tá coinne le gurb é tarrtháil inmheánach banc oscailte an uirlis réitigh is fearr, rud a thugann díluacháil agus comhshó cistí dílse agus dliteanas incháilithe le tuiscint chun caillteanais a ionsú agus chun an banc atá ag teacht chun cinn as réiteach a athchaipitliú.

San am céanna, féadfaidh institiúidí beaga agus meánmhéide áirithe a bhfuil samhlacha gnó acu atá bunaithe den chuid is mó ar chistiú trí chothromas agus taiscí a bheith ina n-iarrthóirí ar straitéisí uirlisí aistrithe lena mbaineann codanna den ghnó nó an gnó ar fad a dhíol le ceannaitheoir nó le droichead-institiúid, sócmhainní neamhthuillmheacha a aistriú chuig meán bainistithe sócmhainní, agus imeacht ón margadh.

Mar a fhoráiltear cheana faoin gcreat reatha, ba cheart go léireodh leibhéal an cheanglais ICDI straitéis réitigh na tosaíochta. San fhoráil atá in Airteagal 45c faoi láthair dírítear ar chalabrú ICDI le haghaidh straitéisí tarrthála inmheánaí (ceanglas maidir le hionsú caillteanais agus méid athchaipitliúcháin, le rialacha mionsonraithe maidir leis an gcaoi ar cheart gach ceann díobh a choigeartú, agus maidir le ceanglais fo-ordúcháin atá dírithe den chuid is mó ar chomhlíonadh an cheanglais 8 % TLOF). Cé go n-aithnítear an deis uirlisí réitigh seachas tarrtháil inmheánach a úsáid, ní dhéantar calabrú ICDI a rialáil go mion le BRRD le haghaidh

straitéisí aistrithe. Sa chleachtas, is é an toradh a bhíonn air sin éiginnteacht dhlíthiúil agus modheolaíochtaí éagsúla a chuireann údaráis réitigh i bhfeidhm agus ICDI á shocrú le haghaidh straitéisí den sórt sin.

Is gá, dá bhrí sin, bunús dlí níos soiléire a chur ar fáil chun idirdhealú a dhéanamh idir calabrú ICDI le haghaidh straitéisí aistrithe agus an ceann le haghaidh tarrtháil inmheánach, agus ar mhaithe le comhréireacht agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach freisin. I ndáil leis sin, agus cleachtais reatha na n-údarás réitigh á gcur san áireamh freisin, cuirtear Airteagal 45ca nua isteach ina leagtar amach na prionsabail ba cheart a mheas agus ICDI á chalabrú le haghaidh straitéisí aistrithe — méid, samhail ghnó, próifíl riosca, anailís inaistritheachta, indíoltacht, cibé acu an aistriú sócmhainní nó margadh scaireanna í an straitéis agus úsáid chomhlántach gléas bainistithe sócmhainní le haghaidh sócmhainní nach féidir a aistriú.

Leis na leasuithe, neartaítear an prionsabal gur cheart ICDI a bheith ar an gcéad líne cosanta agus ar an bpríomhlíne chosanta i gcás na mbanc uile, lena n-áirítear iad siúd a bheidh faoi réir straitéis aistrithe agus imeacht ón margadh, chun a áirithiú go ndéanfaidh scairshealbhóirí agus creidiúnaithe na caillteanais a ionsú a mhéid is féidir.

An ceanglas maoláin chomhcheangailte a mheas i gcás toirmeasc ar dháileacháin áirithe

Chun aghaidh a thabhairt ar bhearna atá ann cheana i soiléireacht dhlíthiúil an chreata atá ann faoi láthair maidir leis an gcumhacht na n-údarás réitigh chun dáileacháin áirithe a thoirmeasc i gcás nach ndéanann eintiteas an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh de bhreis ar a ICDI, agus go háirithe i gcás nach bhfuil an t-eintiteas faoi réir an cheanglais maoláin chomhcheangailte (faoi Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE) ar an mbonn céanna lena ICDI, cuirtear mír 7 nua le hAirteagal 16a chun a shoiléiriú gur cheart an chumhacht chun dáileacháin áirithe a thoirmeasc a chur i bhfeidhm ar bhonn an mheastacháin ar an gceanglas maoláin chomhcheangailte a eascraíonn as an ngníomh tarmligthe faoi Airteagal 45c(4) ina sonraítear an mhodheolaíocht atá le húsáid ag na húdaráis réitigh chun an ceanglas maoláin chomhcheangailte a mheas sna himthosca sin.

Díolúine de minimis *ó cheanglais ICDI áirithe*

Faoi na rialacha ICDI atá ann cheana in BRRD, déantar dliteanais atá fo-ordaithe ó thaobh struchtúir de dá dtagraítear in Airteagal 72b(2)(d)(iii) CRR a ghabháil leis an sainmhíniú ar ‘ionstraimí incháilithe fo-ordaithe’ a úsáidtear ar fud Airteagal 45b de BRRD. Mar sin féin, ní cháilíonn dliteanais a cheadaítear a bheith incháilithe in CRR faoin díolúine *de minimis* in Airteagal 72b(4) de CRR mar ‘ionstraimí incháilithe fo-ordaithe’ faoi BRRD toisc go n-eisiatar mír 4 d’Airteagal 72b CRR go sainráite ón sainmhíniú in Airteagal 2(1), pointe (71b) de BRRD.

Chun an neamhréireacht sin a cheartú agus, cuirtear mír nua le hAirteagal 45b BRRD, lenar féidir le húdaráis réitigh a cheadú d’eintitis réitigh ceanglais fho-ordúcháin ICDI a chomhlíonadh trí dhliteanais shinsearacha a úsáid nuair a chomhlíontar na coinníollacha in Airteagal 72b(4) de CRR.

Chun ailíniú le creat TLAC a áirithiú, na heintitis réitigh a bhaineann tairbhe as an díolúine *de minimus*, d’fhéadfadh sé nach ndéanfaí a gceanglas fo-ordúcháin ICDI a ísliú le méid atá coibhéiseach le liúntas TREA 3.5 % le haghaidh TLAC de bhun an dara habairt den chéad fhomhír d’Airteagal 45b(4) de BRRD.

Dliteanais theagmhasacha

Tugtar isteach leis an togra freisin soiléirithe maidir le stádas dliteanas teagmhasach agus forálacha chun réiteach a phleanáil agus a chur i gcrích. Cuirtear san áireamh sna leasuithe chun Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IASB) an Bhoird um Chaighdeáin Idirnáisiúnta

Chuntasaíochta (IFRS) 37 ‘Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha’ a chur san áireamh agus tugtar isteach tagairtí do (i) forálacha (dliteanais a bhaineann le huainiú éiginnte nó méid éiginnte) agus (ii) dliteanais theagmhasacha (oibleagáidí féideartha ag brath ar cibé acu a tharlaíonn nó nach dtarlaíonn teagmhas neamhchinnte áirithe amach anseo, nó oibleagáidí a thíolacadh nach dóigh go n-íocfar iad ina leith nó nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa). Tá an dá chatagóir éagsúil ó thaobh an mhéid dóchúlachta go gcaithfear íocaíocht a dhéanamh agus ba cheart forálacha a láimhseáil mar dhliteanais cé nach láimhseálfaí dliteanais theagmhasacha amhlaidh. Ó thaobh réitigh de, ciallaíonn sé sin gur cheart, i bprionsabal, go mbeifí in ann tarrtháil inmheánach a dhéanamh ar fhorálacha a aithnítear agus nach dóigh go ndéanfar tarrtháil inmheánach ar dhliteanais theagmhasacha mar gheall ar a n-éiginnteacht.

Ranníocaíochtaí agus gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe

Chun deireadh na tréimhse tosaigh le haghaidh charnadh na socruithe um maoiniú réitigh agus an laghdú ina dhiaidh sin ar mhéid na ranníocaíochtaí rialta *ex ante* a chur san áireamh, déantar leasuithe teicniúla ar Airteagal 102 agus ar Airteagal 104 chun uasmhéid na ranníocaíochtaí *ex post* a fhéadfar a chruinniú ó mhéid na ranníocaíochtaí rialta *ex ante* a dhícheangal, rud a sheachnódh uasteorainn dhíréireach íseal ar ranníocaíochtaí *ex post*, chomh maith le bailiú na ranníocaíochtaí rialta *ex ante* a chur siar i gcás nach mbeadh costas bailiúcháin bhliantúil comhréireach leis an méid atá le bailiú. Déantar soiléiriú freisin in Airteagal 103 ar an gcaoi a láimhseáiltear gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe, a mhéid a bhaineann lena n-úsáid i gcás réitigh agus a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta atá le leanúint i gcás ina scoireann institiúid nó eintiteas de bheith faoi réir na hoibleagáide ranníocaíochtaí a íoc.

Ina theannta sin, chun níos mó trédhearcachta agus cinnteachta a sholáthar maidir le sciar na ngealltanas íocaíochta neamh-inchúlghairthe i méid iomlán na ranníocaíochtaí *ex ante* atá le cruinniú, soiléirítear gur cheart do na húdaráis réitigh an sciar sin a chinneadh ar bhonn bliantúil, faoi réir na dteorainneacha is infheidhme.

Sainorduithe do ÚBE

Le blianta beaga anuas, rinne na húdaráis réitigh sraith leathan beartas a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun inréiteacht na mbanc a fheabhsú agus chun leibhéal leordhóthanach ullmhúcháin a áirithiú maidir le huirlisí agus cumhachtaí réitigh a chur chun feidhme i gcás réitigh. Tá caighdeáin choiteanna forbartha ag ÚBE chun na forálacha a leagtar amach in BRRD a fhorlíonadh agus chun cleachtais na n-údarás a chomhchuibhiú ar fud an Aontais.

Chun a áirithiú go mbeidh na caighdeáin is infheidhme oiriúnach don fheidhm i gcónaí, agus go nglacfar cinn nua i gcás inarb iomchuí, tugtar róil agus freagrachtaí nua do ÚBE chun tuairisc a thabhairt ar na cleachtais atá ann cheana, cóineasú a chothú agus ardleibhéal ullmhachta a chur chun cinn i measc na n-údarás inniúil agus réitigh. Tugtar isteach sainorduithe nua do ÚBE chun faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a dhéanann údaráis réitigh chun cur chun feidhme éifeachtach an chreata a áirithiú agus chun measúnú a dhéanamh ar éagsúlachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann i measc na mBallstát i réimsí na measúnuithe inréititheachta agus oibríochtú uirlisí agus cumhachtaí réitigh. Ina theannta sin, tugtar isteach ról nua do ÚBE chun cóineasú agus malartuithe a chothú idir údaráis inniúla agus údaráis réitigh trí chleachtaí uile-Aontais a chomhordú chun cur i bhfeidhm an chreata a thástáil, le linn téarnaimh agus réitigh.

Thairis sin, i bhfianaise an iliomad roghanna náisiúnta atá ar fáil do na Ballstáit faoi Airteagal 44a, iarrtar ar ÚBE tuairisc a thabhairt ar chur i bhfeidhm an airteagail sin, comparáid a

dhéanamh idir an dóigh ar cuireadh chun feidhme é sna Ballstáit agus anailís a dhéanamh ar thionchar aon dibhéirseacht ar oibríochtaí trasteorann.

Ar deireadh, ós rud é go bhféadfadh sé go mbeadh sé de cheangal ar institiúidí agus ar eintitis ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn aonair nó ar bhonn comhdhlúite, is léir ón gcleachtas nach bhfuil na ceanglais cistí dílse breise agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte dá bhforáiltear in CRD socraithe ar an mbonn céanna leis an ICDI inmheánach i gcásanna áirithe. Ar an gcúis sin, na caighdeáin theicniúla rialála atá ann cheana maidir le meastachán a dhéanamh ar na ceanglais cistí dílse breise agus ar an gceanglas maoláin chomhcheangailte, caighdeáin a glacadh trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1118[22] ón gCoimisiún, ba cheart iad a leathnú, ní hamháin chun eintitis réitigh a chumhdach, ach eintitis nár sainaithníodh mar eintitis réitigh freisin. Leasaítear sainordú ÚBE in Airteagal 45c(4) dá réir sin.

Forálacha eile

Chun an t-ualach riaracháin ar institiúidí a laghdú a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí pleananna téarnaimh a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil, cuirtear an tríú fomhír le hAirteagal 5, mír 2, lena bhforáiltear go mbeidh sé de rogha ag maoirseoirí an ceanglas a tharscaoileadh chun codanna áirithe den phlean do thimthriall ar leith a thabhairt cothrom le dáta in éagmais aon athraithe ar struchtúr dlíthiúil nó eagraíochtúil na hinstitiúide, a gnó nó a staid airgeadais.

Faoi théacs reatha BRRD, ní ghlacfar leis sna pleananna téarnaimh go bhfuil aon rochtain ar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách ann ná go bhfuil aon tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách á fáil. Forlíontar an riail in Airteagal 5, mír 3 chun foráil a dhéanamh, sa bhreis ar thacaíocht airgeadais phoiblí, maidir le gan pleananna téarnaimh rochtain ar chúnamh leachtachta éigeandála ó bhanc ceannais ná aon chúnamh leachtachta ó bhanc ceannais a ghlacadh arna soláthar faoi théarmaí neamhchaighdeánacha maidir le soláthar urrúis chomhthaobhaigh, le haibíocht agus le hús.

Tá sé de cheangal ar údaráis réitigh bearta a shainaithint a bheidh le déanamh i ndáil le grúpeintitis agus pleananna réitigh grúpa á ndréachtú. Féadfaidh déine agus leibhéal mionsonraithe na hoibre sin maidir le fochuideachtaí nach eintitis réitigh iad a bheith éagsúil ag brath ar mhéid agus ar phróifíl riosca na n-institiúidí agus na n-eintiteas lena mbaineann, ar fheidhmeanna criticiúla a bheith ann agus ar an straitéis réitigh grúpa. Dá bhrí sin, leasaítear an BRRD trí fhomhír nua a thabhairt isteach in Airteagal 12(1), rud a chuirfidh ar chumas na n-údarás réitigh cur chuige simplithe a leanúint, i gcás inarb iomchuí, agus an cúram sin á chur i gcrích acu.

Soiléirithe ar Airteagal 44(7)

An fhoráil atá ann faoi láthair in Airteagal 44(7), tá sé doiléir maidir le coinníoll agus seicheamh úsáide an tsocraithe um maoiniú réitigh agus foinsí malartacha maoiniúcháin tar éis maoiniú tosaigh suas leis an teorainn 5 % TLOF a sholáthar agus tar éis gach dliteanas neamhurraithe, neamhthosaíochta, seachas taiscí incháilithe, a dhíluacháil nó a chomhshó ina

[22] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1118 ón gCoimisiún an 26 Márta 2021 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar an mhodheolaíocht atá le húsáid ag údaráis réitigh chun an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte a mheas i dtaca le heintitis réitigh ar leibhéal comhdhlúite an ghrúpa réitigh i gcás nach mbíonn an grúpa réitigh faoi réir na gceanglas sin per se de bhun na Treorach réamhráite (IO L 241, 8.7.2021, lch. 1).

n-iomláine. Dá bhrí sin, leasaítear mír 7 d'Airteagal 44 chun soiléireacht dhlíthiúil agus solúbthacht bhreise a sholáthar chun RF a úsáid thar 5 % TLOF.

Coláistí réitigh

Chun ailíniú le hAirteagal 51(3) de Threoir (AE) 2013/36 a áirithiú lena bhforáiltear maidir le bunú coláistí maoirseoirí ag na húdaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúid a bhfuil brainsí suntasacha aici i mBallstáit eile chun comhar agus malartú faisnéise a éascú idir na maoirseoirí baile agus na maoirseoirí óstacha, cuirtear mír 6a nua le hAirteagal 88 de BRRD lena bhforáiltear maidir le bunú coláistí réitigh sna cásanna sin chun comhar agus malartú faisnéise idir na húdaráis réitigh baile agus óstacha a éascú.

Rangú éileamh na socruithe um maoiniú réitigh

Foráiltear le hAirteagal 37(7) gur cheart don socrú um maoiniú réitigh a bheith in ann aon speansas réasúnach arna dtabhú go cuí i ndáil le húsáid uirlisí agus cumhachtaí réitigh a aisghabháil ón institiúid faoi réiteach mar chreidiúnaí tosaíochta. Mar sin féin, níor shonraigh BRRD rangú coibhneasta an tsocraithe um maoiniú réitigh do chreidiúnaithe tosaíochta eile. Soiléirítear i mír 9 nua a cuireadh le hAirteagal 108 gur cheart na héilimh sin maidir le socraithe um maoiniú réitigh a rangú os cionn éilimh taisceoirí agus SRTanna.

Ina theannta sin, is féidir úsáid bhreise a bhaint as an socrú um maoiniú réitigh i gcás réitigh chun na gcríoch a shainaithnítear in Airteagal 101. Go dtí seo, níor shonraigh BRRD an gcruthaíonn úsáid den sórt sin éileamh i bhfabhar an tsocraithe um maoiniú réitigh agus, más amhlaidh go gcruthaíonn, maidir le rangú dócmhainneachta an éilimh sin. Cuirtear mír 8 nua isteach in Airteagal 108 lena sonraítear, i gcás ina ndéantar gníomhaíocht na hinstitiúide faoi réiteach a aistriú go páirteach chuig droichead-institiúid nó chuig ceannaitheoir príobháideach le tacaíocht ón socrú um maoiniú réitigh, gur cheart go mbeadh éileamh aige in aghaidh an eintitis iarmharaigh. Ba cheart éileamh den sórt sin a mheasúnú de réir an cháis, ag brath ar an straitéis réitigh agus ar an gcaoi ar úsáideadh an socrú um maoiniú réitigh go nithiúil, ach ba cheart é a bheith nasctha le húsáid an tsocraithe um maoiniú réitigh chun caillteanais a iompar in ionad creidiúnaithe, mar atá i gcás ina n-úsáidtear an socrú um maoiniú réitigh chun sócmhainní agus dliteanais arna n-aistriú chuig faighteoir a ráthú nó chun an difríocht idir na sócmhainní agus na dliteanais arna n-aistriú a chumhdach.

I gcás ina n-úsáidtear an socrú um maoiniú réitigh chun tacú le cur i bhfeidhm na huirlise tharrthála inmheánaí mar phríomhstraitéis réitigh (Airteagal 43(2), pointe (a)), in ionad díluacháil agus comhshó dhliteanais creidiúnaithe áirithe, níor cheart go nginfí leis sin éileamh in aghaidh na hinstitiúide faoi réiteach, toisc go gcuirfeadh sé deireadh le cuspóir ranníocaíocht an tsocraithe um maoiniú réitigh. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart go gcruthódh cúiteamh a íoctar mar gheall ar shárú an phrionsabail 'gan creidiúnaí ar bith níos measa as' éileamh i bhfabhar an tsocraithe um maoiniú réitigh.

Malartú faisnéise

Leasaítear Airteagal 128 le go mbeidh an Bord Réitigh Aonair, BCE agus comhaltaí eile den Chóras Eorpach Banc Ceannais, ÚBE, na húdaráis réitigh agus na húdaráis inniúla in ann an fhaisnéis uile is gá a chur ar fáil don Choimisiún chun a chúraimí a chomhlíonadh a bhaineann le forbairt beartais.

2023/0112 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a mhaoiniú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[23],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[24],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh creat réitigh an Aontais le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (‘institiúidí’) tar éis na géarchéime airgeadais domhanda 2008-2009 agus de dhroim dhoiciméad an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais dar teideal ‘Príomhthréithe Córas Éifeachtach Imréitigh d’Institiúidí Airgeadais’[25] arna bhformhuiniú go hidirnáisiúnta. Is éard atá i gcreat réitigh an Aontais Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014[27] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Tá feidhm ag an dá ghníomh sin maidir le hinstitiúidí a bhunaítear san Aontas, agus maidir le haon eintiteas eile a thagann faoi raon feidhme na Treorach nó an Rialacháin sin (‘eintitis’). Is é is aidhm do chreat réitigh an Aontais déileáil ar bhealach ordúil le teip institiúidí agus eintiteas trí fheidhmeanna criticiúla institiúidí agus eintiteas a chaomhnú agus trí

23 IO C , , lch. .

24 IO C , , lch. .

25 an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais, Príomhthréithe Córas Éifeachtach Réitigh le haghaidh Institiúidí Airgeadais, an 15 Deireadh fómhair 2014.

26 Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/24/CE, Treoir 2002/47/CE, Treoir 2004/25/CE, Treoir 2005/56/CE, Treoir 2007/36/CE, Treoir 2011/35/AE, Treoir 2012/30/AE agus Treoir 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

27 Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

bhagairtí ar chobhsaíocht airgeadais a sheachaint, agus trí thaisceoirí agus cistí poiblí a chosaint san am céanna. Ina theannta sin, tá sé beartaithe le creat réitigh an Aontais forbairt an mhargaidh inmheánaigh sa bhaincéireacht a chothú trí chóras comhchuibhithe a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna trasteorann ar bhealach comhordaithe agus trí shaincheisteanna maidir le saobhadh na hiomaíochta agus rioscaí na córa neamh-chomhionainne a sheachaint.

(2) Roinnt blianta ó cuireadh chun feidhme é, ní bhaintear amach creat réitigh an Aontais mar is infheidhme faoi láthair mar a bhí beartaithe i ndáil le cuid de na cuspóirí sin. Go háirithe, cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag institiúidí agus ag eintitis i dtreo inréiteachta agus go bhfuil acmhainní suntasacha tiomnaithe acu chuige sin, go háirithe tríd an acmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin a mhéadú agus trí shocruithe maoinithe réitigh a líonadh, is annamh a bhaintear leas as creat réitigh an Aontais. Ina ionad sin, tugtar aghaidh ar theipeanna institiúidí agus eintiteas beag agus meánmhéide áirithe trí bhearta náisiúnta neamh-chomhchuibhithe den chuid is mó. Úsáidtear airgead na gcáiníocóirí seachas socruithe maoinithe réitigh. Is cosúil go n-eascraíonn an staid sin as dreasachtaí neamhleora. Eascraíonn na dreasachtaí neamhleora sin as an idirghníomhú idir creat réitigh an Aontais agus na rialacha náisiúnta, rud a fhágann nach ndéantar an lánrogha leathan sa mheasúnú ar leas an phobail a fheidhmiú i gcónaí ar bhealach lena léirítear an chaoi a raibh sé beartaithe feidhm a bheith ag creat réitigh an Aontais. San am céanna, is beag úsáid a baineadh as creat réitigh an Aontais mar gheall ar na rioscaí do thaisceoirí institiúidí arna gcistiú ó thaiscí caillteanais a iompar chun a áirithiú gur féidir leis na hinstitiúidí sin rochtain a fháil ar chistiú seachtrach i gcás réitigh, go háirithe in éagmais dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu. Ar deireadh, ós rud é nach bhfuil na rialacha maidir le rochtain ar chistiú i gcas nach bhfuil faoi réiteach chomh dian céanna leis na rialacha i gcás réitigh, tá claonadh ann leas a bhaint as réitigh eile de rogha ar chreat réitigh an Aontais a chur i bhfeidhm, réitigh ina n-úsáidtear airgead cáiníocóirí go minic in ionad acmhainní dílse na hinstitiúide agus an eintitis nó líontán sábhála arna gcistiú ag an tionscal. Cruthaíonn an staid sin rioscaí ilroinnte, rioscaí maidir le torthaí fo-optamacha i ndáil le teipeanna institiúidí agus eintiteas a bhainistiú, go háirithe i gcás institiúidí agus eintitis bheaga agus mheánmhéide, agus deischostais ó acmhainní airgeadais nár úsáideadh. Is gá, dá bhrí sin, a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí creat réitigh an Aontais agus gur féidir é a chur i bhfeidhm aon uair a rachaidh sé sin chun leasa an phobail, lena n-áirítear i gcás institiúidí beaga agus meánmhéide áirithe a chistítear go príomha trí thaiscí agus gan dliteanais leordhóthanacha eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu.

(3) Tá éagsúlacht ag baint le déine agus leibhéal mionsonraithe na hoibre pleanála réitigh sin maidir le fochuideachtaí nár aithníodh mar eintitis réitigh éagsúil, ach sin ag brath ar mhéid agus ar phróifíl riosca na n-institiúidí agus na n-eintiteas lena mbaineann, ar fheidhmeanna criticiúla a bheith ann agus ar an straitéis réitigh grúpa. Dá bhrí sin, ba cheart d’údaráis réitigh a bheith in ann na tosca sin mheas agus na bearta atá le déanamh i leith fochuideachtaí den sórt sin á sainaithint aige agus cur chuige simplithe a leanúint i gcás inarb iomchuí.

(4) Maidir le hinstitiúidí nó eintitis atá á bhfoirceannadh faoin dlí náisiúnta, tar éis cinneadh a dhéanamh go bhfuil siad i mbéal teipthe nó ar dóigh dóibh teip agus tar éis don údarás réitigh cinneadh a dhéanamh nach rachaidh sé chun leasa an phobail iad a réiteach, tá siad ag dul i dtreo imeacht ón margadh ar deireadh. Tugann an méid sin le tuiscint nach bhfuil gá le plean le haghaidh gníomhaíochtaí atá le déanamh i gcás

teipe, is cuma ar tharraing an t-údarás inniúil údarú na hinstitiúide nó an eintitis lena mbaineann siar cheana. Is amhlaidh atá i gcás institiúid iarmharach faoi réiteach tar éis aistriú sócmhainní, ceart, agus dliteanas i gcomhthéacs straitéise aistrithe. Is iomchuí a shonrú, dá bhrí sin, nach gá pleananna réitigh a ghlacadh sna cásanna sin.

(5) Faoi láthair, féadfaidh údaráis réitigh toirmeasc a chur ar dháileacháin áirithe i gcás nach gcomhlíonann institiúid nó eintiteas an ceanglas maoláin chomhcheangailte nuair a mheastar iad sa bhreis ar an íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe ('ICDI'). Mar sin féin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfaí a cheangal ar institiúid nó ar eintiteas ICDI a chomhlíonadh ar bhonn atá éagsúil leis an mbonn ar a gceanglaítear ar an institiúid nó ar an eintiteas sin an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh. Cruthaíonn an staid sin éiginnteachtaí maidir leis na coinníollacha maidir le feidhmiú chumhachtaí údarás réitigh chun dáileacháin a thoirmeasc agus maidir leis an Uasmhéid Indáilte a bhaineann le ICDI a ríomh. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan síos gur cheart d'údaráis réitigh, sna cásanna sin, an chumhacht a fheidhmiú chun dáileacháin áirithe a thoirmeasc bunaithe ar an meastachán ar an gceanglas maoláin chomhcheangailte a eascraíonn as Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1118 ón gCoimisiún[28]. Chun trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart d'údaráis réitigh an ceanglas maoláin chomhcheangailte measta a chur in iúl don institiúid nó don eintiteas, agus ba cheart an ceanglas maoláin chomhcheangailte measta sin a nochtadh don phobal ansin.

(6) Cruthaíodh bearta luath-idirghabhála chun a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla meathlú staide airgeadais agus eacnamaíche institiúide nó eintitis a leigheas agus an riosca agus an tionchar a bheadh ag réiteach féideartha a laghdú a mhéid is féidir. Mar sin féin, mar gheall ar easpa cinnteachta maidir leis na truicir chun na bearta luath-idirghabhála sin a chur i bhfeidhm agus forluí páirteach le bearta maoirseachta, is annamh a úsáideadh bearta luath-idirghabhála. Ba cheart, dá bhrí sin, na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na mbeart luath-idirghabhála sin a shimpliú agus a shonrú tuilleadh. Chun deireadh a chur le héiginnteachtaí maidir leis na coinníollacha agus leis an uainiú chun an comhlacht bainistíochta a bhaint agus riarthóirí sealadacha a cheapadh, ba cheart na bearta sin a shainaithint go sainráite mar bhearta luath-idirghabhála agus ba cheart a gcur i bhfeidhm a bheith faoi réir na dtruicear céanna. San am céanna, ba cheart a cheangal ar údaráis réitigh na bearta iomchuí a roghnú chun aghaidh a thabhairt ar chás sonrach i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Chun a chur ar a chumas d'údaráis réitigh rioscaí clú nó rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid nó teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chur san áireamh, ba cheart d'údaráis réitigh measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha chun bearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm, ní hamháin ar bhonn táscairí cainníochtúla, mar shampla ceanglais chaipitil nó leachtachta, leibhéal giarála, iasachtaí neamhthuillmheacha nó comhchruinniú neamhchosaintí, ach freisin ar bhonn truicir cháilíochtúla.

[28] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1118 ón gCoimisiún an 26 Márta 2021 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar an mhodheolaíocht atá le húsáid ag údaráis réitigh chun an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte a mheas i dtaca le heintitis réitigh ar leibhéal comhdhlúite an ghrúpa réitigh i gcás nach mbíonn an grúpa réitigh faoi réir na gceanglas sin per se de bhun na Treorach réamhráite (IO L 241, 8.7.2021, lch. 1).

(7) Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, ba cheart deireadh a chur leis na bearta luath-idirghabhála a leagtar síos i dTreoir 2014/59/AE a fhorluíonn na cumhachtaí atá ann cheana faoin gcreat stuamachta a leagtar síos i dTreoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] agus i dTreoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30]. Ina theannta sin, is gá a áirithiú go mbeidh údaráis réitigh in ann ullmhú le haghaidh réiteach féideartha institiúide nó eintitis. Dá bhrí sin, ba cheart don údarás inniúil na húdaráis réitigh a chur ar an eolas faoi mheath staide airgeadais institiúide nó eintitis luath go leor, agus ba cheart go mbeadh na cumhachtaí is gá ag na húdaráis réitigh chun bearta ullmhúcháin a chur chun feidhme. Rud atá tábhachtach, chun a chur ar a chumas d'údaráis réitigh freagairt chomh tapa agus is féidir do mheath staide institiúide nó eintitis, níor cheart cur i bhfeidhm na mbeart luath-idirghabhála a bheith ina choinníoll d'údaráis réitigh socruithe a dhéanamh maidir le margú na hinstitiúide nó an eintitis nó faisnéis a iarraidh chun an plean réitigh a thabhairt cothrom le dáta agus an luacháil a ullmhú. Chun freagairt chomhsheasmhach chomhordaithe éifeachtach thráthúil ar mheath staide airgeadais institiúide nó eintitis a áirithiú agus chun ullmhú i gceart do réiteach a d'fhéadfadh a bheith ann, is gá feabhas a chur ar an idirghníomhaíocht agus ar an gcomhordú idir na húdaráis inniúla agus údaráis réitigh. A luaithe a chomhlíonann institiúid nó eintiteas na coinníollacha chun bearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm, ba cheart do na húdaráis inniúla agus d'údaráis réitigh a malartuithe faisnéise a mhéadú, lena n-áirítear faisnéis shealadach, agus faireachán a dhéanamh go comhpháirteach ar staid airgeadais na hinstitiúide nó an eintitis.

(8) Is gá gníomhaíocht thráthúil agus luath-chomhordú a áirithiú idir an t-údarás inniúil agus an t-údarás réitigh i gcás ina bhfuil institiúid nó eintiteas fós ina ghnóthas leantach ach i gcás ina bhfuil riosca ábhartha ann go dteipfidh an institiúid nó an t-eintiteas sin. Dá bhrí sin, ba cheart don údarás inniúil fógra a thabhairt don údarás réitigh a luaithe is féidir faoi riosca den sórt sin. San fhógra sin, ba cheart na cúiseanna atá le measúnú an údaráis inniúil agus forléargas ar bhearta malartacha na hearnála príobháidí, ar ghníomhaíocht mhaoirseachta nó ar bhearta luath-idirghabhála a bheith ann, bearta atá ar fáil chun teip na hinstitiúide nó an eintitis a chosc laistigh de thréimhse réasúnach ama. Le luathfhógra den sórt sin, níor cheart dochar a dhéanamh do na nósanna imeachta chun a chinneadh an bhfuil na coinníollacha maidir le réiteach á gcomhlíonadh. An réamhfhógra a thabharfaidh údarás inniúil don údarás réitigh maidir le riosca ábhartha go bhfuil institiúid nó eintiteas i mbéal teipthe nó ar dóigh dóibh teip, níor cheart é sin a bheith ina choinníoll le haghaidh cinnidh ina dhiaidh sin go bhfuil institiúid nó eintiteas ag teip i ndáiríre nó gur dóigh dóibh teip. Thairis sin, má mheastar ag céim níos déanaí go bhfuil an institiúid nó an t-eintiteas i mbéal teipthe nó ar dóigh dóibh teip agus nach bhfuil aon réiteach malartach ann chun teip den sórt sin a chosc laistigh de thréimhse ama réasúnta, ní mór don údarás réitigh cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíocht réitigh a dhéanamh. I gcás den sórt sin, d'fhéadfadh tráthúlacht an chinnidh gníomhaíocht réitigh a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúid nó le heintiteas a bheith bunriachtanach chun an straitéis réitigh a chur chun

[29] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

[30] Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64).

feidhme go rathúil, go háirithe toisc gur féidir le hidirghabháil níos luaithe san institiúid nó san eintiteas rannchuidiú le leibhéil leordhóthanacha acmhainneachta ionsúcháin caillteanais agus leachtachta a áirithiú chun an straitéis sin a chur i bhfeidhm. Is iomchuí, dá bhrí sin, a chur ar a chumas don údarás réitigh measúnú a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis an údarás inniúil, ar cad is tréimhse réasúnta ann chun bearta malartacha a chur chun feidhme chun teip na hinstitiúide nó an eintitis a sheachaint. Chun toradh tráthúil a áirithiú agus chun a chur ar a chumas don údarás réitigh ullmhú go cuí do réiteach féideartha na hinstitiúide nó an eintitis, ba cheart don údarás réitigh agus don údarás inniúil cruinniú a thionól go tráthrialta, agus ba cheart don údarás réitigh cinneadh a dhéanamh maidir le minicíocht na gcruinnithe sin agus imthosca an cháis á gcur san áireamh.

(9) 'Tá sé beartaithe go bhféadfar an creat réitigh a chur i bhfeidhm maidir le haon institiúid nó eintiteas a d'fhéadfadh a bheith ann, gan beann ar a méid agus ar a samhail ghnó, mura leor na huirlisí atá ar fáil faoin dlí náisiúnta chun a teip a bhainistiú. Chun an toradh sin a áirithiú, ba cheart na critéir chun an measúnú ar leas an phobail a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúid nó eintiteas atá ag teip a shonrú. Go háirithe, is gá a shoiléiriú, agus sin ag brath ar na himthosca sonracha, gur féidir feidhmeanna áirithe de chuid na hinstitiúide nó an eintitis a mheas mar fheidhmeanna criticiúla fiú amháin dá mbeadh tionchar ag scor na bhfeidhmeanna sin ar chobhsaíocht airgeadais nó ar sheirbhísí criticiúla ar an leibhéal réigiúnach amháin.

(10) Sa mheasúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil réiteach institiúide nó eintitis chun leasa an phobail, ba cheart a léiriú go bhfuil cosaint níos fearr ag taisceoirí nuair a bhaintear úsáid níos éifeachtúla as cistí scéimeanna ráthaithe taiscí ('SRT') agus nuair a íoslaghdaítear na caillteanais do na cistí sin. Dá bhrí sin, sa mheasúnú ar leas an phobail, ba cheart a mheas gurbh fhearr a bhainfí amach an cuspóir réitigh maidir le taisceoirí a chosaint i gcás réitigh dá mbeadh sé níos costasaí do SRT dócmhainneacht a roghnú.

(11) Sa mheasúnú i dtaobh an bhfuil réiteach institiúide nó eintitis chun leasa an phobail, ba cheart a léiriú freisin, a mhéid is féidir, an difríocht idir, ar thaobh amháin, cistiú arna sholáthar trí líontáin sábhála arna gcistiú ag an earnáil (socruithe maoinithe réitigh nó SRTanna) agus, ar an taobh eile, cistiú arna sholáthar ag na Ballstáit ó airgead cáiníocóirí. Tá riosca níos airde de bhaol morálta agus dreasacht níos ísle do smacht margaidh ag baint leis an gcistiú a chuireann na Ballstáit ar fáil. Dá bhrí sin, agus measúnú á dhéanamh ar an gcuspóir an spleáchas ar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a íoslaghdú, ba cheart don údarás réitigh cistiú a fháil trí na socruithe maoinithe réitigh nó tríd an DGS, ar fearr é ná cistiú trí mhéid comhionann acmhainní ó bhuiséad na mBallstát.

(12) Chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí réitigh ar an mbealach is éifeachtaí, níor cheart toradh an mheasúnaithe ar leas an phobail a bheith diúltach ach amháin i gcás ina ndéanfadh foirceannadh na hinstitiúide nó an eintitis atá ag teip de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta na cuspóirí réitigh a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí, agus ní hamháin a mhéid céanna le réiteach.

(13) I gcás nach gcuirtear institiúid nó eintiteas anásta faoi réiteach, ba cheart í a fhoirceannadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá ar fáil faoin dlí náisiúnta. D'fhéadfadh nósanna imeachta den sórt sin a bheith an-éagsúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. Cé gurb iomchuí solúbthacht leordhóthanach a cheadú chun úsáid a bhaint as na nósanna imeachta náisiúnta atá ann cheana, ba cheart gnéithe áirithe a

shoiléiriú chun a áirithiú go bhfágfaidh na hinstitiúidí nó na heintitis lena mbaineann an margadh.

(14) Ba cheart a áirithiú go dtionscnóidh an t-údarás riaracháin nó breithiúnach náisiúnta ábhartha nós imeachta go pras faoin dlí náisiúnta i gcás ina meastar go bhfuil institiúid nó eintiteas i mbéal teipthe nó ar dóigh dóibh teip agus nach gcuirtear faoi réiteach iad. I gcás ina bhfuil leachtú deonach na hinstitiúide nó an eintitis ar chinneadh ó scairshealbhóirí ar fáil faoin dlí náisiúnta, ba cheart an rogha sin a bheith fós ar fáil. Mar sin féin, ba cheart a áirithiú, in éagmais gníomhaíocht mhear ó na scairshealbhóirí, go ndéanfaidh an t-údarás náisiúnta riaracháin nó breithiúnach ábhartha gníomhaíocht.

(15) Ba cheart a leagan síos freisin gurb é toradh deiridh na nósanna imeachta sin imeacht na hinstitiúide nó an eintitis anásta ón margadh nó deireadh a chur lena ngníomhaíochtaí baincéireachta. Ag brath ar an dlí náisiúnta, is féidir an cuspóir sin a bhaint amach ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear an institiúid nó an t-eintiteas nó codanna di a dhíol, sócmhainní sonracha nó dliteanais shonracha a dhíol, iad a fhoirceannadh de réir a chéile nó a ngníomhaíochtaí baincéireachta a fhoirceannadh, lena n-áirítear íocaíochtaí agus taiscí a ghlacadh, d'fhonn a sócmhainní a dhíol de réir a chéile chun na creidiúnaithe dá ndéantar difear a aisíoc. Mar sin féin, chun intuarthacht na nósanna imeachta a fheabhsú, ba cheart an toradh sin a bhaint amach laistigh de thréimhse ama réasúnta.

(16) Ba cheart an chumhacht a thabhairt do na húdaráis inniúla údarú institiúide nó eintitis a tharraingt siar ar an mbonn go bhfuil an institiúid nó an t-eintiteas i mbéal teipthe nó ar dóigh dóibh teip agus nach bhfuil sé curtha faoi réiteach. Ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann an t-údarú a tharraingt siar chun tacú leis an gcuspóir an institiúid nó an t-eintiteas a fhoirceannadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go háirithe i gcásanna nach féidir na nósanna imeachta atá ar fáil faoin dlí náisiúnta a thionscnamh tráth a chinnfear go bhfuil an institiúid nó an eintiteas ag teip nó ar dóigh dóibh teip, lena n-áirítear na cásanna nach bhfuil an institiúid nó an t-eintiteas dócmhainneach i gclár comhardaithe go fóill. Chun a áirithiú freisin gur féidir an cuspóir a bhaint amach, is é sin an institiúid nó an t-eintiteas a fhoirceannadh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an t-údarás inniúil in ann an t-údarú a tharraingt siar freisin mar chuid de na coinníollacha a d'fhéadfadh a bheith ann chun ceann amháin ar a laghad de na nósanna imeachta atá ar fáil faoin dlí náisiúnta a thionscnamh agus go mbeidh feidhm ag an gcoinníoll sin maidir le hinstitiúidí nó eintitis atá i mbéal teipthe nó ar dóigh dóibh teip ach nach gcuirtear faoi réiteach iad.

(17) I bhfianaise na taithí a fuarthas agus Treoir 2014/59/AE, Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] á gcur chun feidhme, is gá na coinníollacha a shonrú a thuilleadh faoinar féidir bearta de chineál coisctheach réamhchúraim a cháilíonn mar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a dheonú go heisceachtúil. Chun saobhadh iomaíochta a thagann as difríochtaí i gcineál na SRTanna san Aontas a íoslaghdú, ba cheart, ar bhonn eisceachtúil, idirghabhálacha SRTanna a cheadú i gcomhthéacs bearta coisctheacha lena gcomhlíontar Treoir 2014/49/AE agus a cháilíonn mar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách i gcás nach gcomhlíonann an institiúid is tairbhí nó an t-eintiteas is tairbhí aon cheann de na coinníollacha maidir lena mheas go bhfuil sé nó

[31] Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí, (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).

sí i mbéal teipthe nó ar dóigh dóibh teip. Ba cheart a áirithiú go ndéanfar bearta réamhchúraim luath go leor. Faoi láthair tá breithniú an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) maidir le hinstitiúid nó eintiteas a bheith sócmhainneach, chun críocha an athchaipitlithe réamhchúraim, bunaithe ar mheasúnú réamhbhreathnaitheach don 12 mhí ina dhiaidh sin ar cé acu is féidir nó nach féidir leis an institiúid nó leis an eintiteas na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] nó i Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] a chomhlíonadh, agus an ceanglas cistí dílse breise a leagtar síos i dTreoir 2013/36/AE nó i dTreoir (AE) 2019/2034. Ba cheart an cleachtas sin a leagan síos i dTreoir 2014/59/AE. Ina theannta sin, maidir le bearta chun faoiseamh a sholáthar i leith sócmhainní bearnaithe, lena n-áirítear meáin bhainistíochta sócmhainní nó scéimeanna ráthaíochta sócmhainní, is féidir leo a bheith éifeachtach agus éifeachtúil chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna anás airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann d'institiúidí agus d'eintitis agus chun a dteip a chosc agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaidís a bheith ina mbearta réamhchúraim ábhartha. Ba cheart a shonrú, dá bhrí sin, go bhféadfadh bearta réamhchúraim den sórt sin a bheith i bhfoirm bearta sócmhainní bearnaithe.

(18) Chun smacht margaidh a chaomhnú, cistí poiblí a chosaint agus saobhadh iomaíochta a sheachaint, ba cheart bearta réamhchúraim a fhágáil mar eisceacht agus níor cheart iad a chur i bhfeidhm ach amháin chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil suaitheadh tromchúiseach sa mhargadh nó chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú. Thairis sin, níor cheart bearta réamhchúraim a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar chaillteanais thabhaithe nó ar chaillteanais os dóigh a thabhófar. Is é athbhreithniú ar cháilíocht sócmhainní ag BCE, ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) (ÚBE), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] nó ag údaráis inniúla náisiúnta an ionstraim is iontaofa chun caillteanais thabhaithe nó caillteanais is dóigh a thabhófar a shainaithint. Ba cheart d'údaráis inniúla agus do na húdaráis inniúla náisiúnta athbhreithniú den sórt sin a úsáid chun caillteanais thabhaithe nó caillteanais is dóigh a thabhófar a shainaithint i gcás inar féidir athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh laistigh de thréimhse ama réasúnta. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla caillteanais thabhaithe nó caillteanais is dóigh a thabhófar a shainaithint ar an mbealach is iontaofa is féidir faoi na himthosca atá ann faoi láthair, bunaithe ar chigireachtaí ar an láthair i gcás inarb iomchuí.

(19) Is é is aidhm d'athchaipitliú réamhchúraim tacaíocht a thabhairt d'institiúidí agus d'eintitis inmharthana a shainaithnítear gur dócha go mbeidh deacrachtaí sealadacha acu go luath amach anseo agus nach rachaidh a gcás in olcas a thuilleadh. Ionas nach ndeonófar fóirdheontais phoiblí do ghnólachtaí atá neamhbhrabúsach cheana féin nuair

---

32 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

33 Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014, agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

34 Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

a dheonaítear an tacaíocht, níor cheart do bhearta réamhchúraim a dheonaítear i bhfoirm ionstraimí cistí dílse nó ionstraimí caipitil eile nó trí bhearta sócmhainní bearnaithe a bheith níos mó ná an méid is gá chun easnaimh chaipitil a chumhdach mar a sainaithníodh i gcás díobhálach de thástáil struis nó de chleachtadh coibhéiseach. Chun a áirithiú go scoirfear den mhaoiniú poiblí ar deireadh, ba cheart na bearta réamhchúraim sin a theorannú ó thaobh ama de agus ba cheart amlíne shoiléir a bheith iontu chun iad a fhoirceannadh (straitéis scoir). Níor cheart ionstraimí suthaine, lena n-áirítear caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1, a úsáid ach amháin in imthosca eisceachtúla agus níor cheart iad a bheith faoi réir teorainneacha cainníochtúla áirithe toisc nach bhfuil siad oiriúnach, de bharr a gcineáil, chun coinníoll na tréimhse sealadaí a chomhlíonadh.

(20) Ba cheart bearta réamhchúraim a theorannú don mhéid a bheadh de dhíth ar an institiúid nó ar an eintiteas chun a sócmhainneacht a choinneáil ar bun i gcás díobhálach mar a chinntear i dtástáil struis nó i gcleachtadh coibhéiseach é. I gcás bearta réamhchúraim i bhfoirm bearta sócmhainní bearnaithe, ba cheart an institiúid nó an t-eintiteas is faighteoir a bheith in ann an méid sin a úsáid chun caillteanais ar na sócmhainní aistrithe a chumhdach nó i gcomhcheangal le héadáil ionstraimí caipitil, ar choinníoll nach sárófar méid foriomlán an easnaimh arna shainaithint. Is gá a áirithiú freisin go gcomhlíonfaidh bearta réamhchúraim den sórt sin i bhfoirm bearta sócmhainní bearnaithe na rialacha agus na cleachtais is fearr atá ann cheana maidir le Státchabhair, go n-athbhunóidh siad inmharthanacht fhadtéarmach na hinstitiúide nó an eintitis, go mbeidh státchabhair teoranta don mhéid is lú is gá agus go seachnófar saobhadh ar an iomaíocht. Ar na cúiseanna sin, ba cheart do na húdaráis lena mbaineann, i gcás bearta réamhchúraim i bhfoirm bearta sócmhainní bearnaithe, an treoraíocht shonrach a chur san áireamh, lena n-áirítear Treoirphlean AMC[35] agus an Teachtaireacht maidir le Dul i nGleic le hIasachtaí Neamhthuillmheacha[36]. Na bearta réamhchúraim sin, i bhfoirm bearta sócmhainní bearnaithe, ba cheart iad a bheith faoi réir coinníoll sáraitheach ama i gcónaí. Le ráthaíochtaí poiblí a dheonaítear ar feadh tréimhse shonraithe i ndáil le sócmhainní bearnaithe na hinstitiúide nó an eintitis lena mbaineann, meastar go n-áiritheofar go gcomhlíonfar an coinníoll ama ar bhealach níos fearr ná sa chás ina n-aistreofaí sócmhainní den sórt sin chuig eintiteas a fhaigheann tacaíocht phoiblí. Chun a áirithiú go n-imeoidh institiúidí agus eintitis nach mbeidh inmharthana ón margadh, d'ainneoin na tacaíochta a fuarthas, is gá a leagan síos nach gcomhlíonfaidh an institiúid nó an t-eintiteas lena mbaineann téarmaí na mbeart tacaíochta a sonraíodh an tráth a deonaíodh na bearta sin agus go measfar go bhfuil an institiúid nó an t-eintiteas lena mbaineann i mbéal teipthe nó ar dóigh dóibh teip.

(21) Chun sáruithe ábhartha ar cheanglais stuamachta a chumhdach, is gá na coinníollacha a shonrú a thuilleadh chun a chinneadh go bhfuil cuideachtaí sealbhaíochta i mbéal teipthe nó ar dóigh dóibh teip. Ba cheart sárú ábhartha a bheith déanta ag cuideachta sealbhaíochta ar na ceanglais sin i gcás ina bhfuil cineál agus méid an tsáraithe sin inchomparáide le sárú a thabharfadh údar cuí don údarás inniúil an t-údarú a tharraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 18 de Threoir 2013/36/AE dá mba institiúid chreidmheasa a dhéanfadh é.

(22) D'fhéadfadh sé go mbeadh cumhachtaí ag na Ballstáit, faoina ndlíthe náisiúnta, oibleagáidí íocaíochta nó seachadta a chur ar fionraí, oibleagáidí a bhféadfadh taiscí

35 COM(2018) 133 final.
36 COM(2020) 822 final.

incháilithe a bheith san áireamh iontu. I gcás nach mbeidh baint dhíreach ag fionraí na n-oibleagáidí íocaíochta nó seachadta le cúinsí airgeadais na hinstitiúide creidmheasa, ní fhéadfar nach mbeidh taiscí ar fáil chun críocha Threoir 2014/49/AE. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh taisceoirí in ann rochtain a fháil ar a gcuid taiscí ar feadh tréimhse fhadaithe. Chun iontaoibh agus muinín na dtaisceoirí in earnáil na baincéireachta a chothabháil agus cobhsaíocht airgeadais a chothabháil, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag taisceoirí ar shuim iomchuí laethúil óna dtaiscí, chun an costas maireachtála a chumhdach, go háirithe, i gcás nach mbeadh rochtain ar a dtaiscí mar gheall ar íocaíochtaí a bheith curtha ar fionraí ar chúiseanna eile seachas as a leanann eisíocaíocht taisceora. Ba cheart go leanfadh nós imeachta den sórt sin de bheith eisceachtúil, agus ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag taisceoirí ar mhéideanna laethúla iomchuí.

(23) Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, agus i bhfianaise ábharthacht fhéideartha na ndliteanas a d'fhéadfadh teacht as teagmhais neamhchinnte amach anseo, lena n-áirítear toradh dlíthíochtaí atá ar feitheamh tráth an réitigh, is gá a leagan síos cén láimhseáil ba cheart a thabhairt do na dliteanais sin chun an uirlis tarrthála inmheánaí a chur i bhfeidhm. Maidir leis sin, na treoirphrionsabail dá bhforáiltear sna rialacha cuntasaíochta, agus go háirithe na rialacha cuntasaíochta a leagtar síos i gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 37 faoi mar a glacadh iad i Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún[37], ba cheart glacadh leo siúd mar na treoirphrionsabail. Ar an mbonn sin, ba cheart do na húdaráis réitigh idirdhealú a dhéanamh idir soláthairtí agus dliteanais theagmhasacha. Is dliteanais iad soláthairtí a bhaineann le heis-sreabhadh dóchúil cistí, dliteanais is féidir a mheas go hiontaofa. Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha mar dhliteanais chuntasaíochta mar go mbaineann siad le hoibleagáid nach féidir a mheas mar oibleagáid dhóchúil tráth an mheastacháin nó nach féidir a mheas go hiontaofa.

(24) Ós rud é gur dliteanais chuntasaíochta iad na soláthairtí, ba cheart a shonrú go gcaithfear leis na forálacha sin ar an gcaoi chéanna a láimhseáiltear dliteanais eile. Ba cheart bheith in ann tarrtháil inmheánach a thabhairt ar fhorálacha den sórt sin, ach amháin má chomhlíonann siad ceann de na critéir shonracha lena n-eisiamh ó raon feidhme na huirlise tarrthála inmheánaí. I bhfianaise ábharthacht fhéideartha na bhforálacha sin i gcás réitigh agus chun cinnteacht a áirithiú i gcur i bhfeidhm na huirlise tarrthála inmheánaí, ba cheart a shonrú gur cuid de na dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu iad na forálacha agus, mar thoradh air sin, go bhfuil feidhm ag an uirlis tarrthála inmheánaí maidir leo. Ba cheart a áirithiú freisin, tar éis chur i bhfeidhm na huirlise tarrthála inmheánaí, go gcaithfear leis na dliteanais sin agus le haon oibleagáidí nó éilimh a eascraíonn astu mar dhliteanais a urscaoileadh chun gach críche. Tá an méid sin ábhartha go háirithe maidir le dliteanais agus oibleagáidí a eascraíonn as éilimh bhreithiúnacha in aghaidh na hinstitiúide faoi réiteach.

(25) De réir phrionsabail na cuntasaíochta, ní féidir dliteanais theagmhasacha a aithint mar dhliteanais agus níor cheart, dá bhrí sin, gur féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu. Is gá a áirithiú, áfach, nach ndéanfaidh dliteanas teagmhasach a d'eascródh as teagmhas atá neamhdhóchúil nó nach féidir a mheas go hiontaofa tráth an réitigh dochar d'éifeachtacht na straitéise réitigh agus go háirithe d'éifeachtacht na huirlise ar

[37] Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2008 lena nglactar caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta áirithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 320, 29.11.2008, lch. 1).

féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt uirthi. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart don luachálaí, mar chuid den luacháil chun críoch réitigh, measúnú a dhéanamh ar dhliteanais theagmhasacha a áirítear i gclár comhardaithe na hinstitiúide faoi réiteach agus luach féideartha na ndliteanas sin a chainníochtú de réir chumas an luachálaí. Chun a áirithiú gur féidir leis an institiúid nó leis an eintiteas, tar éis an phróisis réitigh, muinín mhargaidh leordhóthanach a chothú ar feadh tréimhse iomchuí ama, ba cheart don luachálaí an luach ionchasach sin a chur san áireamh nuair a bheidh an méid á shuíomh faoinar gá dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a dhíluacháil nó a chomhshó chun cóimheasa caipitil na hinstitiúide faoi réiteach a athbhunú. Go háirithe, ba cheart don údarás réitigh a chumhachtaí comhshó a chur i bhfeidhm maidir le dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a mhéid is gá chun a áirithiú gur leor athchaipitliú na hinstitiúide faoi réiteach chun caillteanais a chumhdach a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar dhliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar theagmhas neamhdhóchúil. Agus measúnú á dhéanamh ar an méid atá le díluacháil nó le comhshó, ba cheart don údarás réitigh breithniú cúramach a dhéanamh ar thionchar an chaillteanais a d'fhéadfadh a bheith ann ar an institiúid faoi réiteach bunaithe ar roinnt tosca, lena n-áirítear an dóchúlacht go dtiocfaidh an teagmhas chun cinn, an creat ama dá theacht chun cinn agus méid an dliteanais theagmhasaigh.

(26) I gcúinsí áirithe, tar éis don socrú um maoiniú réitigh ranníocaíocht suas le huasmhéid 5 % de dhliteanais iomlána na hinstitiúide nó an eintitis, lena n-áirítear cistí dílse, a chur ar fáil, féadfaidh na húdaráis réitigh foinsí breise cistiúcháin a úsáid chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt dá ngníomhaíocht réitigh. Ba cheart é a shonrú ar bhealach níos soiléire maidir leis na himthosca ina bhféadfaidh an socrú um maoiniú réitigh tacaíocht bhreise a sholáthar i gcás ina ndearnadh gach dliteanas ag a bhfuil rangú tosaíochta níos ísle ná taiscí, nach n-eisiatar go héigeantach nó go discréideach ón tarrtháil inmheánach a dhíluacháil nó a chomhshó ina n-iomláine.

(27) Le Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39] agus Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40], cuireadh chun feidhme san Aontas 'Bileog Téarmaí na hAcmhainneachta Ionsúcháin Caillteanais Iomláine (TLAC)' arna foilsiú ag an mBord um Chobhsaíocht Airgeadais an 9 Samhain 2015 ('caighdeán TLAC'), le haghaidh bainc a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo, dá dtagraítear i ndlí an Aontais mar institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo (G-SIIanna). Le Rialachán (AE) 2019/877 agus le Treoir (AE)

---

38 Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na neamhchosaintí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na neamhchosaintí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1).

39 Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 150, 7.6.2019, lch. 226).

40 Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296).

2019/879, 'leasaíodh an ICDI a leagtar síos i dTreoir 2014/59/AE agus i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014. Is gá na forálacha i dTreoir 2014/59/AE maidir le ICDI a ailíniú le cur chun feidhme chaighdeán TLAC do G-SIInna maidir le dliteanais áirithe a d'fhéadfaí a úsáid chun an chuid den ICDI a chomhlíonadh ar cheart í a chomhlíonadh le cistí dílse agus le dliteanais fho-ordaithe eile. Go háirithe, ba cheart dliteanais a rangaítear *pari passu* le dliteanais eisiata áirithe a áireamh i gcistí dílse agus in ionstraimí incháilithe fo-ordaithe na n-eintiteas réitigh i gcás nach mó méid na ndliteanas eisiata sin ar chlár comhardaithe an eintitis réitigh ná 5 % de mhéid chistí dílse agus dhliteanais incháilithe an eintitis réitigh agus nach n-eascraíonn aon riosca a bhaineann leis an bprionsabal 'gan creidiúnaí ar bith níos measa as' ón gcuimsiú sin.

(28) Tá na rialacha maidir leis an ICDI a chinneadh dírithe den chuid is mó ar leibhéal iomchuí an ICDI a shocrú agus glacadh leis gurb í an uirlis tarrthála inmheánaí an straitéis réitigh tosaíochta. Mar sin féin, le Treoir 2014/59/AE, ceadaítear d'údaráis réitigh uirlisí réitigh eile a úsáid, is é sin le rá, iad siúd atá ag brath ar aistriú ghnó na hinstitiúide faoi réiteach chuig ceannaitheoir príobháideach nó chuig droichead-institiúid. Dá bhrí sin, i gcás ina mbeartaítear sa phlean réitigh úsáid a bhaint as an uirlis díolacháin gnó nó as an uirlis droichead-institiúide agus go n-imeoidh an t-eintiteas réitigh ón margadh, ba cheart do na húdaráis réitigh leibhéal ICDI an eintitis réitigh lena mbaineann a chinneadh ar bhonn shainiúlachtaí na n-uirlisí réitigh sin agus ar bhonn na riachtanas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin éagsúla atá i gceist leis na huirlisí sin.

(29) Suim mhéid na gcaillteanas a bhfuil coinne leo i gcás réitigh agus an méid athchaipitliúcháin lenar féidir leis an eintiteas réitigh leanúint dá choinníollacha maidir le húdarú a chomhlíonadh, agus a chur ar a chumas leanúint dá ghníomhaíochtaí a shaothrú ar feadh na tréimhse iomchuí, sin é leibhéal an ICDI d'eintitis réitigh. Le straitéisí réitigh tosaíochta áirithe, aistrítear sócmhainní, ceart agus dliteanas chuig faighteoir chun imeacht ón margadh, go háirithe an uirlis díolacháin gnó. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhm ag na cuspóirí arna saothrú ag an gcomhpháirt athchaipitliúcháin a mhéid céanna toisc nach mbeidh ceangal ar an údarás réitigh a áirithiú go ndéanfaidh an t-eintiteas réitigh a cheanglais cistí dílse a chomhlíonadh arís tar éis gníomhaíocht réitigh. Mar sin féin, meastar go sáróidh na caillteanais sna cásanna sin ceanglais cistí dílse an eintitis réitigh. Dá bhrí sin, is iomchuí a leagan síos go leanfaidh leibhéal ICDI na n-eintiteas réitigh sin de mhéid athchaipitliúcháin a chur san áireamh, méid a choigeartófar ar bhealach atá i gcomhréir leis an straitéis réitigh.

(30) I gcás ina bhfuil sé beartaithe sa straitéis réitigh uirlisí réitigh seachas tarrtháil inmheánach a úsáid, is gnách go mbeidh riachtanais athchaipitliúcháin an eintitis lena mbaineann níos lú tar éis réitigh ná mar a bheadh i gcás tarrtháil inmheánach bainc oscailte. I gcás den sórt sin i dtaca le ICDI a chalabrú, ba cheart an ghné sin a chur san áireamh agus an ceanglas athchaipitliúcháin á mheas. Dá bhrí sin, agus coigeartú á dhéanamh aige ar leibhéal an ICDI d'eintitis réitigh, a bhfuil sé beartaithe ina bplean réitigh go mbainfear úsáid as an uirlis díolacháin gnó nó as an uirlis droichead-institiúide agus go n-imeoidh siad ón margadh, ba cheart do na húdaráis réitigh gnéithe na n-uirlisí sin a chur san áireamh, lena n-áirítear imlíne ionchasach an aistrithe chuig an gceannaitheoir príobháideach nó chuig an droichead-institiúid, na cineálacha ionstraimí a bheidh le haistriú, luach ionchasach agus indíoltacht na n-ionstraimí sin, agus dearadh na straitéise réitigh tosaíochta, lena n-áirítear úsáid chomhlántach na huirlise deighilte sócmhainní. Ós rud é go gcaithfidh an t-údarás réitigh cinneadh a dhéanamh ar bhonn cás ar chás ar aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as cistí ón SRT i

gcás réitigh agus ós rud é nach féidir glacadh leis an gcinneadh sin go cinnte *ex ante*, níor cheart do na húdaráis réitigh ranníocaíocht fhéideartha an SRT a chur san áireamh i gcás réitigh agus leibhéal an ICDI á chalabrú.

(31) Is gá a áirithiú go mbeidh dreasachtaí comhionanna ann chun méideanna leordhóthanacha ICDI a thógáil d'institiúidí agus d'eintitis a bheadh faoi réir straitéisí aistrithe laistigh agus lasmuigh de réiteach araon. Dá bhrí sin, agus leibhéal ICDI á shocrú d'institiúidí nó d'eintitis a d'fhéadfadh a bheith faoi réir beart i gcomhthéacs imeachtaí náisiúnta dócmhainneachta de bhun Airteagal 11(5) de Threoir 2014/49/AE, ba cheart na rialacha céanna a leanúint leis na rialacha is infheidhme a bhaineann le ICDI a shocrú d'eintitis réitigh a bhforáiltear ina straitéis réitigh tosaíochta maidir le díol gnó nó aistriú chuig droichead-institiúid ionas go n-imeoidh sé ón margadh.

(32) Tá idirghníomhaíochtaí idir an creat réitigh agus an creat maidir le drochúsáid mhargaidh. Go háirithe, cé go bhféadfadh gníomhaíochtaí a dhéantar mar ullmhúchán don réiteach cáiliú mar fhaisnéis ón taobh istigh faoi Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41], tá an riosca ann go gcuirfeadh a nochtadh anabaí an próiseas réitigh i mbaol. Is féidir le hinstitiúidí atá faoi réiteach bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin trí mhoill a iarraidh ar nochtadh faisnéise ón taobh istigh faoi Airteagal 17(5) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na dreasachtaí cearta i láthair i gcónaí tráth an ullmhúcháin don réiteach ionas gur féidir leis an institiúid faoi réiteach tabhairt faoi iarraidh den sórt sin a dhéanamh. Chun cásanna den sórt sin a sheachaint, ba cheart an chumhacht a bheith ag na húdaráis réitigh moill a iarraidh go díreach ar nochtadh faisnéise ón taobh istigh de bhun Airteagal 17(5) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 thar ceann institiúide faoi réiteach.

(33) Chun éascaíocht a dhéanamh do phleanáil réitigh, do mheasúnú a dhéanamh ar inréiteacht agus d'fheidhmiú na cumhachta chun aghaidh a thabhairt ar bhaic ar inréiteacht nó chun deireadh a chur leo chomh maith le malartú faisnéise a chothú, ba cheart d'údarás réitigh institiúide a bhfuil brainsí suntasacha aici i mBallstáit eile coláiste réitigh a bhunú agus cathaoirleacht a dhéanamh air.

(34) Tar éis na tréimhse tosaigh ina ndéantar na socruithe um maoiniú réitigh dá dtagraítear in Airteagal 102(1) de Threoir (AE) 2014/59 a bhunú, d'fhéadfadh laghduithe beaga faoi bhun a spriocleibhéil teacht ar a n-acmhainní airgeadais faoi seach atá ar fáil dóibh, go háirithe mar thoradh ar mhéadú ar thaiscí cumhdaithe. Is dócha, dá bhrí sin, gur beag méid na ranníocaíochtaí *ex-ante* is dócha a ghlaofar sna cúinsí sin. D'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, sna blianta romhainn amach, nach mbeadh méid na ranníocaíochtaí *ex ante* sin i gcomhréir a thuilleadh leis an gcostas a bhaineann leis na ranníocaíochtaí sin a bhailiú. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis réitigh a bheith in ann tiomsú na ranníocaíochtaí *ex ante* a chur siar ar feadh bliain amháin nó níos mó go dtí go sroichfidh an méid atá le tiomsú méid atá comhréireach le costas an phróisis tiomsaithe, ar choinníoll nach ndéanfaidh iarchur den sórt sin difear ábhartha do chumas na n-údarás réitigh socruithe um maoiniú réitigh a úsáid.

(35) Tá gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe ar cheann de chomhpháirteanna na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil do shocruithe um maoiniú réitigh. Is gá, dá bhrí sin,

[41] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1).

na cúinsí a shonrú ina bhféadfar na gealltanais íocaíochta sin a ghlaoch, agus an nós imeachta is infheidhme nuair a bheidh na gealltanais á bhfoirceannadh i gcás ina scoirfidh institiúid nó eintiteas de bheith faoi réir na hoibleagáide ranníocaíochtaí a íoc le socrú um maoiniú réitigh. Ina theannta sin, chun níos mó trédhearcachta agus cinnteachta a sholáthar maidir le sciar na ngealltanas íocaíochta neamh-inchúlghairthe i méid iomlán na ranníocaíochtaí *ex ante* atá le tiomsú, ba cheart don Bhord an sciar sin a chinneadh ar bhonn bliantúil, faoi réir na dteorainneacha is infheidhme.

(36) Uasmhéid bliantúil na ranníocaíochtaí *ex post* urghnácha le socruithe um maoiniú réitigh a cheadaítear a ghlaoch, tá sé teoranta faoi láthair do thrí oiread na ranníocaíochtaí *ex ante*. Tar éis na tréimhse tiomargtha tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 102(1) de Threoir 2014/59/AE, ní bheidh na ranníocaíochtaí *ex ante* sin ag brath ach amháin, i gcúinsí eile seachas úsáid na socruithe um maoiniú réitigh a úsáid, ar athruithe ar leibhéal na dtaiscí cumhdaithe agus is dócha, dá bhrí sin, go n-éireoidh siad beag. Dá mbunófaí uasmhéid na ranníocaíochtaí *ex post* urghnácha ar ranníocaíochtaí *ex ante*, d'fhéadfaí teorainn mhór a chur leis an deis atá ag na socruithe um maoiniú réitigh ranníocaíochtaí *ex post* a thiomsú, agus ar an gcaoi sin a gcumas gníomhaíochta a laghdú. Chun an toradh sin a sheachaint, ba cheart teorainn dhifriúil a leagan síos agus ba cheart uasmhéid na ranníocaíochtaí *ex post* úrghnácha a cheadaítear glaoch orthu a shocrú ag trí oiread an ochtú cuid de spriocleibhéal an tsocraithe um maoiniú réitigh lena mbaineann.

(37) Le Treoir 2014/59/AE, rinneadh comhchuibhiú i bpáirt ar rangú taiscí faoi dhlíthe náisiúnta lena rialaítear gnáthimeachtaí dócmhainneachta. Rinneadh foráil leis na rialacha sin maidir le rangú trí leibhéal na dtaiscí, ina raibh an rangú tosaíochta is airde ag taiscí cumhdaithe, agus ina dhiaidh sin taiscí incháilithe daoine nádúrtha agus micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide atá os cionn an leibhéil chumhdaigh. Na taiscí eile atá fágtha, i.e. taiscí corparáidí móra a sháraíonn an leibhéal cumhdaigh agus taiscí nach bhfuil incháilithe le haghaidh aisíocaíochta ag an SRT, bhí sé de cheangal orthu rangú tosaíochta níos ísle a bheith acu, ach ní raibh a suíomh comhchuibhithe ar shlí eile. Ar deireadh, bhain éilimh SRTanna tairbhe as an rangú tosaíochta céanna agus a bhí ag taiscí cumhdaithe. Mar sin féin, níor chruthaigh sé sin gurb é an réiteach is fearr le haghaidh cosaint taisceoirí. Chruthaigh comhchuibhiú páirteach difríochtaí sa chaoi a gcaitear leis na taisceoirí atá fágtha ar fud na mBallstát, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar líon na mBallstát a bhfuil cinneadh déanta acu tosaíocht dhlíthiúil a thabhairt do na taiscí atá fágtha. Chruthaigh na difríochtaí sin deacrachtaí freisin agus cinneadh á dhéanamh maidir le frithfhíorasach dócmhainneachta do ghrúpaí trasteorann le linn na luachálacha réitigh. Thairis sin, mar gheall ar an easpa tosaíochta ginearálta do thaisceoirí mar aon leis an rangú trí chiseal d'éilimh taisceoirí, d'fhéadfadh sé fadhbanna a chruthú maidir le comhlíonadh an phrionsabail 'gan creidiúnaí ar bith níos measa as', go háirithe i gcás ina ndearnadh na taiscí nach raibh a dtosaíocht comhchuibhithe le Treoir 2014/59/AE a rangú ar an leibhéal céanna le héilimh shinsearacha. Ar deireadh, mar gheall ar an rangú ardtosaíochta a tugadh do na SRTanna, níorbh fhéidir na modhanna maoiniúcháin a bhí ar fáil do na scéimeanna sin a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí le linn idirghabhálacha seachas íoc amach taiscí faoi chumhdach i gcás dócmhainneachta, is é sin le rá i gcomhthéacs réitigh, bearta malartacha dócmhainneachta nó bearta coisctheacha. Ní bhraitheann cosaint taiscí faoi chumhdach ar rangú tosaíochta éilimh an SRT ach áirithítear í ina ionad sin trí na heisiaimh éigeantacha ón tarrtháil inmheánach i gcás réitigh agus trí aisíocaíocht phras ón SRT i gcás nach mbeidh taiscí ar fáil. Dá bhrí sin, ba cheart rangú taiscí in ordlathas reatha na n-éileamh a leasú.

(38) Ba cheart rangú na dtaiscí go léir a chomhchuibhiú go hiomlán trí thosaíocht ghinearálta do thaisceoirí ag a bhfuil cur chuige aonleibhéil a chur chun feidhme, lena mbaineann gach taisce tairbhe as rangú tosaíochta níos airde ar ghnáthéilimh neamhurraithe, gan aon idirdhealú idir cineálacha éagsúla taiscí. San am céanna, ba cheart úsáid na scéimeanna ráthaithe taiscí i gcas réitigh, i ndócmhainneacht agus i mbearta coisctheacha a bheith fós faoi réir chomhlíonadh na coinníollachta ábhartha, go háirithe an ‘tástáil ar an gcostas is lú’ mar a thugtar air.

(39) Cuideoidh tosaíocht ghinearálta do thaisceoirí le muinín taisceoirí a threisiú agus le cosc breise a chur ar an riosca go dtarlódh scaoill bainc. Tá cosaint fheabhsaithe do thaisceoirí ailínithe freisin leis an ról lárnach atá ag taiscí san fhíorgheilleagar, arb é an phríomhuirlis í le haghaidh coigiltis agus íocaíochtaí, agus le gníomhaíocht bhaincéireachta, i gcás inar foinse thábhachtach maoinithe iad na taiscí agus ina bhfuil siad ina bpríomhspreagadh muiníne sa chóras baincéireachta, rud a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leis nuair a bhíonn an margadh faoi strus. Thairis sin, le tosaíocht ghinearálta do thaisceoirí, cuirtear feabhas ar inréititheacht institiúidí agus eintiteas trí chur lena gcumas na ceanglais a chomhlíonadh maidir le rochtain a fháil ar na socruithe um maoiniú réitigh agus trí laghdú a dhéanamh ar mhéid an chistithe a cheanglaítear ó na socruithe sin, mar gheall ar an riosca níos ísle go sárófar an prionsabal ‘gan creidiúnaí ar bith níos measa as’ i gcás ina dtugtar tarrtháil inmheánach ar ghnáthfhiachas neamhurraithe. Go háirithe, dá ndéanfaí taiscí a bhaint d’aicme dócmhainneachta na ngnáthéileamh neamhurraithe, mhéadófaí an cumas tarrtháil inmheánach a thabhairt ar na gnáthéilimh neamhurraithe atá fágtha tríd an riosca go ndéanfaí sáruithe ar an bprionsabal ‘gan creidiúnaí ar bith níos measa as’ a íoslaghdú. Tríd an dóchúlacht go ndéanfaí díluacháil nó comhshó ar thaiscí a laghdú chun rochtain ar na socruithe um maoiniú réitigh a áirithiú, rannchuideodh an tosaíocht ghinearálta do thaisceoirí leis an uirlis tarrthála inmheánaí a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos inchreidte agus bheadh méadú ar thrédhearcacht agus ar dheimhneacht dhlíthiúil an chreata réitigh mar thoradh air. Rannchuideodh an tosaíocht ghinearálta do thaisceoirí freisin le hinchreidteacht straitéisí aistrithe i gcás réitigh, ós rud é go n-éascódh sé an conradh taisce iomlán a áireamh in imlíne na ndliteanas atá le haistriú chuig ceannaitheoir príobháideach nó chuig droichead-institiúid, chun tairbhe an chaidrimh custaiméara agus luach saincheadúnais na hinstitiúide faoi réiteach. Ar deireadh, bheadh comhchuibhiú iomlán ar rangú dócmhainneachta taisceoirí tairbheach ó thaobh na trasteorann de agus ó thaobh na cothroime iomaíochta de.

(40) Le cur chuige aonleibhéil maidir le taiscí a rangú mar thosaíocht faoi dhlíthe náisiúnta lena rialaítear gnáthimeachtaí dócmhainneachta, cuirtear le cosaint níos éifeachtúla agus níos saoire do na taiscí go léir. I gcás taiscí cumhdaithe, éascaítear leis an gcur chuige sin maoiniú ón SRT do bhearta seachas eisíocaíocht taiscí cumhdaithe, ar bearta iad a d’fhéadfadh a bheith níos éifeachtaí agus nach bhfuil chomh suaiteach céanna maidir le rochtain ar chistí taiscthe a chosaint toisc nach gcuireann siad isteach ar rochtain ar chuntais bhainc agus ar sheirbhísí íocaíochta. I gcás na dtaiscí nach gcumhdaítear, éascaíonn an cur chuige sin a gcosaint nuair is gá chun cobhsaíocht airgeadais agus muinín taisceoirí a chosaint. Ar deireadh, trí sholúbthacht a thabhairt isteach maidir le húsáid na sásraí sin a d’fhéadfadh a bheith níos saoire le haghaidh cosaint do thaisceoirí, leis an gcur chuige sin íoslaghdaítear riachtanais láithreacha eisíocaíochta na SRTanna, agus ar an gcaoi sin áirithítear caomhnú níos fearr na modhanna maoinithe atá ar fáil dóibh i gcás ina dtarlódh géarchéimeanna eile agus laghdaítear an t-ualach ar earnáil na baincéireachta, a n-iarrtar orthu na cistí sin a athshlánú.

(41) Maidir leis na hathruithe ar rangú tosaíochta taiscí, go háirithe deireadh a chur leis an rangú is airde de thaiscí cumhdaithe agus éilimh na SRTanna i gcomparáid le gach taisce eile, ní bheadh tionchar diúltach acu ar an gcosaint a thugtar do thaiscí faoi chumhdach i gcás ina dteipfeadh orthu, ós rud é go leanfaí den chosaint sin a ráthú trí thaiscí cumhdaithe a eisiamh go héigeantach ó ghlacadh le caillteanas i gcás réitigh agus, ar deireadh, tríd an íocaíocht amach arna soláthar ag an SRT i gcás nach mbeadh taiscí ar fáil.

(42) Is féidir socruithe um maoiniú aonair a úsáid chun tacú le cur i bhfeidhm na huirlise díolacháin gnó nó na huirlise droichead-institiúide, sa chaoi go n-aistrítear tacar sócmhainní, ceart agus dliteanas de chuid na hinstitiúide faoi réiteach chuig faighteoir. Sa chás sin, féadfaidh an socrú um maoiniú réitigh éileamh a bheith aige in aghaidh na hinstitiúide iarmharaí nó an eintitis iarmharaigh ina fhoirceannadh ina dhiaidh sin faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta. D'fhéadfadh sin tarlú i gcás ina n-úsáidtear an socrú um maoiniú réitigh i ndáil le caillteanais a d'iompródh creidiúnaithe murach sin, lena n-áirítear i bhfoirm ráthaíochtaí do shócmhainní agus do dhliteanais, nó i bhfoirm chumhdach na difríochta idir na sócmhainní agus na dliteanais arna n-aistriú. Chun a áirithiú go ndéanfaidh na scairshealbhóirí agus na creidiúnaithe a bheidh fágtha ar lár san institiúid iarmharach nó san eintiteas iarmharach caillteanais na hinstitiúide faoi réiteach a iompar go héifeachtach agus feabhas a chur ar an bhféidearthacht aisíocaíochtaí i gcás dócmhainneachta a dhéanamh ar an líontán sábhála a bhaineann go sonrach le réiteach, ba cheart na héilimh sin sa socrú um maoiniú réitigh in aghaidh na hinstitiúide iarmharaí nó an eintitis iarmharaigh, agus éilimh a eascraíonn as speansais réasúnacha arna dtabhú i gceart, a rangú i gcás dócmhainneachta os cionn éilimh taiscí agus SRT. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an gcúiteamh a íoctar le scairshealbhóirí agus le creidiúnaithe trí shocruithe um maoiniú réitigh i ngeall ar sháruithe ar an bprionsabal 'gan creidiúnaí ar bith níos measa as' torthaí na gníomhaíochta réitigh a chúiteamh, níor cheart éilimh na socruithe sin a bheith ag éirí as an gcúiteamh sin.

(43) Chun solúbthacht leordhóthanach a áirithiú agus chun idirghabhálacha SRT a éascú chun tacú le húsáid na n-uirlisí réitigh, i gcás inarb é an toradh a bheidh orthu imeacht ó mhargadh na hinstitiúide faoi réiteach agus i gcás inar gá chun cosc a chur ar thaisceoirí caillteanais a fhulaingt, ba cheart gnéithe áirithe d'úsáid SRT i gcás réitigh a shonrú. Go háirithe, is gá a shonrú gur féidir an SRT a úsáid chun tacú le hidirbhearta aistrithe lena n-áirítear taiscí, lena n-áirítear taiscí incháilithe thar an leibhéal cumhdaigh arna soláthar ag an SRT, agus taiscí atá eisiata ó aisíocaíocht ó SRT, i gcásanna áirithe agus faoi choinníollacha soiléire. Ba cheart ranníocaíocht an SRT a bheith dírithe ar an easnamh i luach na sócmhainní arna n-aistriú chuig ceannaitheoir nó droichead-institiúid a chumhdach i gcomparáid le luach na dtaiscí aistrithe. I gcás ina n-éileoidh an ceannaitheoir ranníocaíocht mar chuid den idirbheart chun a neodracht chaipitil a áirithiú agus chun comhlíonadh cheanglais chaipitil an cheannaitheora a chaomhnú, ba cheart go mbeadh cead ag an SRT rannchuidiú chuige sin freisin. Ba cheart tacaíocht an SRT don ghníomhaíocht réitigh a bheith i bhfoirm airgid thirim nó foirmeacha eile, mar atá ráthaíochtaí nó comhaontuithe roinnte caillteanais a d'fhéadfadh tionchar na tacaíochta ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ag an SRT a íoslaghdú agus, san am céanna, d'fhéadfadh sé ligean do ranníocaíocht an SRT a chuspóirí a chomhlíonadh.

(44) Ba cheart ranníocaíocht an SRT i gcás réitigh a bheith faoi réir teorainneacha áirithe. Ar an gcéad dul síos, ba cheart go n-áireofaí nach sáróidh aon chaillteanas a d'fhéadfadh SRT a fhulaingt mar thoradh ar idirghabháil i gcás réitigh an caillteanas a

sheasfadh SRT i gcás dócmhainneachta, dá n-íocfadh sé amach le taisceoirí faoi chumhdach agus dá ndéanfadh sé a n-éilimh a ionadú thar shócmhainní na hinstitiúide. Ba cheart an méid sin a chinneadh ar bhonn na tástála ar an gcostas is lú, i gcomhréir leis na critéir agus leis an modheolaíocht a leagtar amach i dTreoir 2014/49/AE. Na critéir agus an mhodheolaíocht sin, ba cheart iad a úsáid freisin agus an dóigh a gcaithfeadh leis an SRT a chinneadh i gcás ina dtionscnódh an institiúid gnáthimeachtaí dócmhainneachta agus an luacháil *ex-post* á déanamh aici chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht an phrionsabail 'gan creidiúnaí ar bith níos measa as' agus chun aon chúiteamh atá dlite don SRT a chinneadh freisin. Ar an dara dul síos, maidir le méid ranníocaíocht an SRT arb é is aidhm di an difríocht idir na sócmhainní agus na dliteanais atá le haistriú chuig ceannaitheoir nó chuig droichead-institiúid a chumhdach, níor cheart é a bheith níos mó ná an difríocht idir na sócmhainní aistrithe agus na taiscí agus na dliteanais arna n-aistriú ag a bhfuil an rangú dócmhainneachta céanna nó tosaíocht níos airde ná na taiscí sin. D'áiritheodh an méid sin nach n-úsáidfaí ranníocaíocht an SRT ach amháin ar mhaithe le forchur caillteanais ar thaisceoirí a sheachaint, i gcás inarb iomchuí, agus ní ar mhaithe le cosaint creidiúnaithe atá rangaithe níos ísle ná taiscí i gcás dócmhainneachta. Mar sin féin, maidir le suim ranníocaíocht an SRT chun an difríocht idir sócmhainní agus dliteanais a chumhdach le ranníocaíocht an SRT le cistí dílse an eintitis is faighteoir, níor cheart í a bheith níos mó ná an costas a bhaineann le taisceoirí faoi chumhdach a aisíoc arna ríomh faoin tástáil ar an gcostas is lú.

(45) Ba cheart a shonrú nach bhféadfaidh an SRT ranníocaíocht a dhéanamh le haistriú dliteanas seachas taiscí cumhdaithe i gcomhthéacs réitigh ach amháin má chinneann an t-údarás réitigh nach féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh ar thaiscí seachas taiscí cumhdaithe, ná a fhágáil san institiúid iarmharach faoi réiteach a dhéanfar a fhoirceannadh. Go háirithe, ba cheart cead a bheith ag an údarás réitigh leithdháileadh caillteanas ar na taiscí sin a sheachaint i gcás inar gá an eisiamh sin agus i gcás ina bhfuil sí comhréireach chun comhleanúnachas feidhmeanna criticiúla agus croílínte gnó a chaomhnú agus chun tógálacht fhorleathan agus éagobhsaíocht airgeadais a sheachaint, rudaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar an Aontais nó i ngeilleagar Ballstáit. Ba cheart feidhm a bheith ag na cúiseanna céanna maidir le dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a chur san áireamh san aistriú chuig ceannaitheoir nó chuig droichead-institiúid a bhfuil tosaíocht acu atá níos ísle ná rangú taiscí. Sa chás sin, níor cheart go dtacódh ranníocaíocht an SRT le haistriú na ndliteanas sin ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu. Más gá aon tacaíocht airgeadais d'aistriú na ndliteanas sin ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu, ba cheart an tacaíocht sin a sholáthar leis an socrú um maoiniú réitigh.

(46) I bhfianaise na féidearthachta SRT a úsáid i gcás réitigh, is gá a shonrú tuilleadh cén chaoi ar féidir ranníocaíocht an SRT a chur san áireamh chun na ceanglais maidir le rochtain a fháil ar shocruithe um maoiniú réitigh a ríomh. Más méid cothrom le 8 % ar a laghad de dhliteanais iomlána na hinstitiúide lena n-áirítear cistí dílse is ea an ranníocaíocht a dhéanann scairshealbhóirí agus creidiúnaithe na hinstitiúide faoi réiteach trí laghduithe, díluacháil nó comhshó a ndliteanais, méid arna suimiú leis an ranníocaíocht a rinne an SRT, ba cheart go mbeadh an institiúid ina ann rochtain a fháil ar an socrú um maoiniú réitigh chun cistiú breise a fháil, i gcás inar gá chun a áirithiú réiteach éifeachtach i gcomhréir leis na cuspóirí réitigh. Má chomhlíontar na coinníollacha sin, ba cheart ranníocaíocht an SRT a theorannú don mhéid is gá chun rochtain ar an socrú um maoiniú réitigh a chumasú. Chun a áirithiú go leanfar den réiteach a mhaoiniú go príomha le hacmhainní inmheánacha na hinstitiúide agus chun

saobhadh iomaíochta a íoslaghdú, níor cheart an deis a bheith ann úsáid a bhaint as ranníocaíocht an SRT chun rochtain ar shocruithe um maoiniú réitigh a áirithiú ach amháin ag institiúidí nach ndéanann an plean réitigh nó an plean réitigh grúpa foráil maidir lena bhfoirceannadh ar bhealach ordúil i gcás teipe, ós rud é gur socraíodh ICDI arna chinneadh ag na húdaráis réitigh do na hinstitiúidí sin ar leibhéal lena n-áirítear na méideanna ionsúcháin caillteanais agus na méideanna athchaipitliúcháin araon.

(47) I bhfianaise ról ÚBE maidir le cóineasú chleachtais na n-údarás a chur chun cinn, ba cheart do ÚBE faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar dhearadh agus ar chur chun feidhme na measúnuithe inréititheachta ar institiúidí agus ar ghrúpaí agus ar ghníomhaíochtaí agus ar ullmhúcháin na n-údarás réitigh chun cur chun feidhme éifeachtach na n-uirlisí agus na gcumhachtaí réitigh a áirithiú. Sna tuarascálacha sin, ba cheart do ÚBE measúnú a dhéanamh freisin ar leibhéal trédhearcachta na mbeart arna ndéanamh ag údaráis réitigh i leith páirtithe leasmhara seachtracha ábhartha agus ar mhéid a rannchuidithe le hullmhacht réitigh agus inréiteacht na n-institiúidí. Ina theannta sin, ba cheart do ÚBE tuairisciú ar na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit chun infheisteoirí miondíola a chosaint maidir leis an méid a bhaineann le hionstraimí fiachais atá incháilithe don ICDI de bhun Threoir 2014/59/AE, agus comparáid agus measúnú á dhéanamh ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar oibríochtaí trasteorann. Ba cheart raon feidhme na gcaighdeán teicniúil rialála atá ann cheana maidir le meastachán a dhéanamh ar na ceanglais cistí dílse breise agus ar an gceanglas maoláin chomhcheangailte le haghaidh eintitis réitigh a leathnú chun eintitis a chumhdach nár sainaithníodh mar eintitis réitigh a chur san áireamh, i gcás nár socraíodh na ceanglais sin ar an mbonn céanna leis an ICDI. Sa tuarascáil bhliantúil ar ICDI, ba cheart do ÚBE measúnú a dhéanamh freisin ar chur chun feidhme beartais na n-údarás réitigh ar na rialacha nua maidir le calabrú ICDI le haghaidh straitéisí aistrithe. I gcomhthéacs chúraimí ÚBE chun rannchuidiú le córas comhleanúnach comhordaithe bainistithe géarchéime agus réitigh géarchéime a áirithiú san Aontas, ba cheart do ÚBE cleachtaí ionsamhlúcháin géarchéime a chomhordú agus a mhaoirsiú. Ba cheart a chumhdach leis na hionsamhlúcháin sin an comhordú agus an comhar idir údaráis inniúla, údaráis réitigh agus SRTanna le linn mheathlú staid airgeadais na n-institiúidí agus na n-eintiteas, tástáil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bhosca uirlisí sa phleanáil téarnaimh agus réitigh, sa luath-idirghabháil, agus sa réiteach ar bhealach iomlánaíoch. Leis na cleachtaí sin, ba cheart breithniú a dhéanamh go háirithe ar an ngné thrasteorann san idirghníomhaíocht idir na húdaráis ábhartha agus ar chur i bhfeidhm na n-uirlisí agus na gcumhachtaí atá ar fáil. I gcás inarb ábhartha, ba cheart glacadh agus cur chun feidhme scéimeanna réitigh laistigh den Aontas Baincéireachta a chuimsiú sna cleachtaí ionsamhlúcháin géarchéime, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

(48) Tá measúnú tionchair ardcháilíochta ríthábhachtach chun tograí reachtacha fónta atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt, agus tá fíricí agus fianaise ríthábhachtach chun bonn eolais a chur faoi na cinntí a dhéantar le linn an nós imeachta reachtaigh. Ar an gcúis sin, ba cheart d'údaráis réitigh, d'údaráis inniúla, don Bhord Réitigh Aonair, do BCE agus do chomhaltaí eile den Chóras Eorpach Banc Ceannais agus ÚBE, an fhaisnéis go léir a theastaíonn uaidh dá chúraimí a bhaineann le forbairt beartais a sholáthar don Choimisiún, arna iarraidh sin dó, lena n-áirítear measúnuithe tionchair a ullmhú agus tograí reachtacha a ullmhú agus a chaibidliú.

(49) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/59/AE a leasú dá réir.

(50) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, is e sin éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chreata téarnaimh agus réitigh d'institiúidí agus d'eintitis a fheabhsú, a bhaint amach go leordhóthanach i ngeall ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta do shláine an mhargaidh aonair agus, trí rialacha atá socraithe cheana ar leibhéal an Aontais a leasú, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2014/59/AE

Leasaítear Treoir 2014/59/AE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe (29a) seo a leanas isteach:

'(29a) ciallaíonn 'beart malartach ón earnáil phríobháideach' aon tacaíocht nach gcáilíonn mar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (35):

'(35) ciallaíonn 'feidhmeanna criticiúla' gníomhaíochtaí, seirbhísí nó oibríochtaí ar dóigh go bhfágfaidh a scor i mBallstát amháin nó níos mó go gcuirfear isteach ar sheirbhísí atá riachtanach don gheilleagar réadach nó go gcuirfear isteach ar chobhsaíocht airgeadais, ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach i ngeall ar mhéid, ar sciar den mhargadh, ar idircheangailteacht sheachtrach agus inmheánach, ar chastacht nó ar ghníomhaíochtaí trasteorann institiúide nó grúpa, le haird ar leith d'inmhalartaitheacht na ngníomhaíochtaí, na seirbhísí nó na n-oibríochtaí sin;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (71):

'(71) ciallaíonn 'dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu' na dliteanais, lena n-áirítear na dliteanais sin as a n-eascraíonn forálacha cuntasaíochta, agus na hionstraimí caipitil nach gcáilíonn mar ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, ionstraimí Breise Leibhéal 1 nó ionstraimí Leibhéal 2 de chuid institiúide nó eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), agus nach n-eisiatar ó raon feidhme na huirlise tarrthála inmheánaí de bhun Airteagal 44(2);';

(d) cuirtear na pointí (83d) agus (83e) seo a leanas isteach:

'(83d) ciallaíonn 'G-SII neamh-AE' G-SII neamh-AE mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (134), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(83e) Ciallaíonn 'eintiteas G-SII' eintiteas G-SII mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (136), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;';

(e) cuirtear an pointe (93a) seo a leanas isteach:

‘(93a) ciallaíonn ‘taisce’, chun críocha Airteagal 108 agus Airteagal 109, taisce mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (3), de Threoir 2014/49/AE;’;

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, mhír 3 agus mhír 4:

‘2. Áiritheoidh údaráis inniúla go nuashonróidh na hinstitiúidí a bpleananna téarnaimh go bliantúil ar a laghad, nó tar éis dóibh struchtúr dlíthiúil nó eagraíochtúil na hinstitiúide nó staid ghnó nó staid airgeadais na hinstitiúide a athrú, a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith aige sin ar an bplean téarnaimh nó a d’fágfadh gur ghá athrú ábhartha a dhéanamh ar an bplean sin. Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar institiúidí a gcuid pleananna téarnaimh a nuashonrú níos minice.

In éagmais athruithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír le linn na 12 mhí tar éis an nuashonraithe is déanaí ar an bplean téarnaimh, féadfaidh na húdaráis inniúla an oibleagáid maidir leis an bplean téarnaimh a thabhairt cothrom le dáta a tharscaoileadh go heisceachtúil go dtí an tréimhse 12 mhí ina dhiaidh sin.

3. Níor cheart glacadh leis sna pleananna téarnaimh go mbeidh rochtain nó fáil ar aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách;

(b) cúnamh leachtachta éigeandála ó thaobh an bhainc ceannais de;

(c) cúnamh leachtachta ó thaobh an bhainc ceannais de a sholáthraítear faoi théarmaí neamhchaighdeánacha maidir le soláthar urrúis chomhthaobhaigh, le haibíocht nó le hús.

4. Áireofar leis na pleananna téarnaimh, i gcás inarb infheidhme, anailís ar conas agus cathain a fhéadfaidh institiúid iarratas a chur isteach, sna coinníollacha a dtugtar aghaidh orthu sa phlean, chun saoráidí an bhainc ceannais a úsáid, saoráidí nach n-eisiatar ó raon feidhme an phlean téarnaimh de bhun mhí 3 agus déanfar na hacmhainní sin a mbeifí ag súil leis go gcáileoidís mar chomhthaobhacht a shainaithint iontu.’;

(3) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Má mheasann an t-údarás inniúil go bhfuil easnaimh ábhartha sa phlean téarnaimh, nó baic ábhartha ar a chur chun feidhme, cuirfidh sé a thuairim in iúl don institiúid nó don mháthairghnóthas agus cuirfidh sé de cheangal ar an institiúid plean athbhreithnithe a chur isteach, laistigh de 3 mhí, a bhféadfaí é a shíneadh ar feadh aon mhí amháin le formheas na n-údarás, lena léireofar conas a thugtar aghaidh ar na heasnaimh nó na baic sin.’;

(4) in Airteagal 8(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

Féadfaidh ÚBE, ar iarratas ó údarás inniúil, cabhrú leis na húdaráis inniúla teacht ar chinneadh comhpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 31(2), pointe(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(5) in Airteagal 10, cuirtear an mhír 8a seo a leanas isteach:

‘8a. Ní ghlacfaidh údaráis réitigh pleananna réitigh i gcás ina bhfuil institiúid á foirceannadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme de bhun Airteagal 32b nó i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 37(6).’;

(6) leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an tríú fomhír seo a leanas isteach:

‘Féadfaidh sainaithint na mbeart atá le déanamh maidir leis na fochuideachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), nach eintitis réitigh iad, a bheith faoi réir cur chuige simplithe ag na húdaráis réitigh mura bhfuil tionchar diúltach ag an gcur chuige sin ar inréiteacht an ghrúpa, agus méid na fochuideachta, a próifíl riosca, an easpa feidhmeanna criticiúla agus an straitéis réitigh grúpa á gcur san áireamh.’;

(b) cuirtear isteach an mhír 5a seo a leanas:

‘5a. Ní ghlacfaidh na húdaráis réitigh pleananna réitigh i gcás ina bhfuil eintiteas á fhoirceannadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme de bhun Airteagal 32b nó i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 37(6).’;

(7) in Airteagal 13(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

Féadfaidh ÚBE, ar iarratas ó údarás réitigh náisiúnta, cuidiú leis na húdaráis réitigh náisiúnta cinneadh comhpháirteach a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 31(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(8) in Airteagal 15, cuirtear an mhír 5 seo a leanas isteach:

‘5. Déanfaidh ÚBE faireachán ar bheartais inmheánacha a tharraingt suas agus ar chur chun feidhme na measúnuithe inréititheachta ar institiúidí nó ar ghrúpaí dá bhforáiltear san Airteagal seo agus in Airteagal 16 arna ndéanamh ag údaráis réitigh. Tabharfaidh ÚBE tuarascáil don Choimisiún maidir leis na cleachtais atá ann cheana maidir le measúnuithe inréiteachta agus éagsúlachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann ar fud na mBallstát faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme aon mholadh a leagtar amach sa tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí.

Beidh ar a laghad an méid seo a leanas sa tuairisc dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) measúnú ar na modheolaíochtaí a d’fhorbair na húdaráis réitigh chun measúnuithe inréititheachta a dhéanamh, lena n-áirítear réimsí dibhéirseachta a d’fhéadfadh a bheith ann ar fud na mBallstát a shainaithint;

(b) measúnú ar na cumais tástála a theastaíonn ó na húdaráis réitigh chun cur chun feidhme éifeachtach na straitéise réitigh a áirithiú;

(c) an leibhéal trédhearcachta i leith na bpáirtithe leasmhara ábhartha maidir leis na modheolaíochtaí arna bhforbairt ag údaráis réitigh chun measúnuithe inréititheachta agus toradh na measúnuithe sin a dhéanamh.’;

(9) In Airteagal 16a, cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

‘7. I gcás nach bhfuil eintiteas faoi réir an cheanglais maoláin chomhcheangailte ar an mbonn céanna ar a gceanglaítear air na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 45c agus 45d a chomhlíonadh, cuirfidh an t-údarás réitigh míreanna 1 go 6 den Airteagal seo i bhfeidhm ar bhonn an mheastacháin ar an gceanglas maoláin chomhcheangailte arna ríomh i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1118 ón gCoimisiún*. Beidh feidhm ag an gceathrú mír d’Airteagal 128 de Threoir 2013/36/AE.

Déanfaidh an t-údarás réitigh an ceanglas maoláin chomhcheangailte measta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a áireamh sa chinneadh lena gcinntear na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 45c agus 45d den Treoir seo. Cuirfidh an t-eintiteas an ceanglas maoláin chomhcheangailte measta ar fáil go poiblí in éineacht leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 45i(3).

* Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1118 ón gCoimisiún an 26 Márta 2021 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar an mhodheolaíocht atá le húsáid ag údaráis réitigh chun an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte a mheas i dtaca le heintitis réitigh ar leibhéal comhdhlúite an ghrúpa réitigh i gcás nach mbíonn an grúpa réitigh faoi réir na gceanglas sin de bhun na Treorach réamhráite (IO L 241, 8.7.2021, lch. 1).;'

(10) in Airteagal 17(4), cuirtear isteach an tríú fomhír seo a leanas:

'Má dhéanann na bearta a mhol an t-eintiteas lena mbaineann na baic ar inréititheacht a laghdú nó a bhaint go héifeachtach, déanfaidh an t-údarás réitigh cinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás inniúil. Léireofar sa chinneadh sin go laghdófar nó go gcuirfear deireadh leis na baic ar inréititheacht go héifeachtach leis na bearta a mholtar agus ceanglófar ar an eintiteas na bearta atá beartaithe a chur chun feidhme.';

(11) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Cuirfidh údarás réitigh leibhéal an ghrúpa in iúl aon bheart a mhol an máthairghnóthas de chuid an Aontais don mhaoirseoir comhdhlúthaithe, do ÚBE, d'údaráis réitigh na bhfochuideachtaí agus d'údaráis réitigh na ndlínsí ina bhfuil brainsí suntasacha suite a mhéid is ábhartha don bhrainse suntasach atá i gceist. Déanfaidh an t-údarás réitigh ar leibhéal an ghrúpa agus údaráis réitigh na bhfochuideachtaí, ar dhul i gcomhairle dóibh leis na húdaráis inniúla agus le húdaráis réitigh dlínsí ina bhfuil brainsí suntasacha suite, déanfaidh siad a bhfuil ar a gcumas chun cinneadh comhpháirteach a dhéanamh laistigh den choláiste réitigh i ndáil le baic shubstainteacha a shainaithint, agus, más gá, leis an measúnú ar bhearta arna moladh ag an máthairghnóthas de chuid an Aontais agus leis na bearta arna gceangal ag na húdaráis chun aghaidh a thabhairt ar na baic nó deireadh a chur leo, agus sa mheasúnú sin cuirfear tionchar féideartha na mbeart sna Ballstáit uile ina n-oibríonn an grúpa san áireamh.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

'9. Mura dtiocfar ar chinneadh comhpháirteach maidir le haon bhearta a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 17(5), pointe (g), (h) nó (k), féadfaidh ÚBE, ar iarratas ó údarás réitigh i gcomhréir le míreanna 6, 6a nó 7 den Airteagal seo, cabhrú leis na húdaráis réitigh teacht ar chomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 19(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.';

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 27 agus 28:

'*Airteagal 27*

Bearta luath-idirghabhála

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh údaráis inniúla bearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm i gcás ina gcomhlíonann institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonann an institiúid nó an t-eintiteas na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 102 de Threoir 2013/36/AE nó in Airteagal 38 de Threoir (AE) 2019/2034, nó chinn an t-údarás inniúil maidir leis na socruithe, na straitéisí,

na próisis agus na sásraí a chuireann an institiúid nó an t-eintiteas chun feidhme agus na cistí dílse agus an leachtacht atá i seilbh na hinstitiúide nó an eintitis sin, nach ndéanann siad bainistiú agus cumhdach fónta ar a rioscaí, agus, mar sin tá feidhm ag ceachtar díobh seo a leanas:

(i) ní dhearna an institiúid ná an t-eintiteas na gníomhaíochtaí ceartaitheacha arna héileamh ag an údarás inniúil, lena n-áirítear na bearta dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE, nó in Airteagal in Airteagal 49 de Threoir (AE) 2019/2034;

(ii) measann an t-údarás inniúil nach leor gníomhaíochtaí feabhais seachas bearta luath-idirghabhála chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a eascraíonn, *inter alia*, as meath tapa suntasach ar staid airgeadais na hinstitiúide nó an eintitis;

(b) tá na ceanglais a leagtar síos i dTeideal II de Threoir 2014/65/AE, in Airteagail 3 go 7, in Airteagail 14 go 17, nó in Airteagail 24, 25 agus 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, nó in Airteagail 45e nó 45f den Rialachán seo á sárú ag an institiúid nó ag an eintiteas, nó is dócha go sáróidh sé iad sna 12 mhí tar éis mheasúnú an údaráis inniúil.

Féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh go gcomhlíonfar an coinníoll dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a)(ii), gan gníomhaíochtaí leasúcháin eile a dhéanamh roimhe sin, lena n-áirítear feidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE nó in Airteagal 39 de Threoir 2019/2034/AE.

1a. Chun críocha mhír 1, ar na bearta luath-idirghabhála beidh an méid seo a leanas:

(a) an ceanglas atá ar chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), ceachtar de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) ceann amháin nó níos mó de na socruithe nó de na bearta a leagtar amach sa phlean téarnaimh a chur chun feidhme;

(ii) an plean téarnaimh a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 5(2) i gcás nach ionann na himthosca ba chúis leis an luath-idirghabháil agus na toimhdí a leagtar amach sa phlean téarnaimh tosaigh agus ceann amháin nó níos mó de na socruithe nó de na bearta a leagtar amach sa phlean téarnaimh nuashonraithe a chur chun feidhme laistigh de thréimhse shonrach;

(b) an ceanglas atá ar chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) cruinniú de scairshealbhóirí an eintitis a thionól, nó mura gcomhlíonann an comhlacht bainistíochta an ceanglas sin, cruinniú de scairshealbhóirí na hinstitiúidí nó an eintitis a thionól iad féin go díreach, agus sa dá chás an clár a shocrú agus a cheangal go mbreithneofaí cinntí áirithe lena nglacadh ag na scairshealbhóirí;

(c) an ceanglas atá ar chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), plean a tharraingt suas, i gcomhréir leis an bplean téarnaimh i gcás inarb infheidhme, le haghaidh idirbheartaíocht maidir le hathstruchtúrú fiachais le cuid dá chreidiúnaithe nó lena chreidiúnaithe go léir;

(d) an ceanglas struchtúr dlíthiúil na hinstitiúide a athrú;

(e) an ceanglas an bhainistíocht shinsearach nó comhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), a bhaint nó a ionadú ina iomláine nó maidir le daoine aonair, i gcomhréir le hAirteagal 28;

(f) riarthóir sealadach amháin nó níos mó a cheapadh don institiúid nó don eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), i gcomhréir le hAirteagal 29.

2. Roghnóidh na húdaráis inniúla na bearta luath-idirghabhála iomchuí bunaithe ar a bhfuil comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú, ag féachaint do thromchúis an tsáraithe nó don sárú dóchúil agus do luas an mheathlaithe ar staid airgeadais na hinstitiúide nó an eintitis, dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), i measc faisnéise ábhartha eile.

3. I gcás gach ceann de na bearta dá dtagraítear i mír 1a, socróidh na húdaráis inniúla sprioc-am is iomchuí chun an beart sin a chríochnú agus a chuireann ar a chumas don údarás inniúil meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht.

4. Déanfaidh ÚBE, faoin ... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], treoirlínte a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na dtruicear dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur chun cinn.

Airteagal 28

An bhainistíocht shinsearach nó an comhlacht bainistíochta a ionadú

Chun críocha Airteagal 27(1a), pointe (e), áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an bhainistíocht shinsearach nua nó an comhlacht bainistíochta nua, nó comhaltaí aonair de na comhlachtaí sin, a cheapadh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus beidh siad faoi réir fhormheas nó thoiliú an údaráis inniúil.';

(13) leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

'1. Chun críocha Airteagal 27(1a), pointe (f), áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na húdaráis inniúla, bunaithe ar a bhfuil comhréireach sna himthosca, aon riarthóir sealadach a cheapadh chun ceachtar de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) a ionadú;

(b) oibriú go sealadach le comhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d).

Sonróidh an t-údarás inniúil a rogha faoi phointe (a) nó faoi phointe (b) tráth a cheapfar an riarthóir sealadach.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), sonróidh an -údarás inniúil a thuilleadh, tráth a cheapfar an riarthóir sealadach, ról, dualgais agus cumhachtaí an riarthóra shealadaigh sin agus aon cheanglas ar chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó an eintitis i dtaca le dul i gcomhairle leis an riarthóir sealadach nó toiliú an riarthóra shealadaigh a fháil sula ndéanfaidh sé cinntí nó gníomhaíochtaí sonracha.

Ceanglóidh na Ballstáit ar an údarás inniúil ceapachán aon riarthóra shealadaigh a phoibliú, ach amháin i gcás nach bhfuil sé de chumhacht ag an riarthóir sealadach ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d).

Ina theannta sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh aon riarthóir sealadach na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 91(1), (2) agus (8) de Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh. An measúnú a dhéanfaidh na húdaráis inniúla ar cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an riarthóir sealadach na ceanglais sin, beidh sé ina dhlúthchuid den chinneadh an riarthóir sealadach sin a cheapadh.

2. Sonróidh an t-údarás inniúil cumhachtaí an riarthóra shealadaigh tráth a cheaptha bunaithe ar a mhéid is comhréireach sna himthosca. Féadfaidh cuid de chumhachtaí chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), faoi reachtanna na hinstitiúide nó an eintitis agus faoin dlí náisiúnta, nó iad go léir, a bheith san áireamh leis na cumhachtaí sin, lena n-áirítear an chumhacht chun roinnt feidhmeanna riaracháin de chuid chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó an eintitis, nó iad go léir, a fheidhmiú. Beidh cumhachtaí an riarthóra shealadaigh maidir leis an institiúid nó an eintiteas i gcomhréir leis an dlí cuideachtaí is infheidhme.

3. Sonróidh an t-údarás inniúil an ról agus feidhmeanna an riarthóra shealadaigh tráth an cheapacháin. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna róil agus sna feidhmeanna sin:

(a) staid airgeadais na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) a fhionnadh;

(b) gnó nó cuid de ghnó na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) a bhainistiú chun a staid airgeadais a chaomhnú nó a athbhunú;

(c) bearta a dhéanamh chun bainistíocht fhónta stuama ghnó na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) a athbhunú.

Sonróidh an t-údarás inniúil aon teorainn le ról agus feidhmeanna an riarthóra shealadaigh tráth a cheapacháin.';

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'In aon chás, féadfaidh an riarthóir sealadach an chumhacht chun cruinniú ginearálta de scairshealbhóirí na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí ()b), (c) nó (d) a chomóradh agus clár an chruinnithe sin a shocrú, ar an gcoinníoll go bhfaigheann sé toiliú roimh ré ón údarás inniúil.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Arna iarraidh sin don údarás inniúil, déanfaidh an riarthóir sealadach tuarascálacha a tharraingt suas maidir le staid airgeadais na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) agus na gníomhartha a rinneadh le linn thréimhse a cheapacháin, ag eatraimh arna socrú ag an údarás inniúil agus ag deireadh a shainordaithe.';

(14) leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Bearta luath-idirghabhála a chomhordú i ndáil le grúpaí’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 4:

‘1. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir le bearta luath-idirghabhála a fhorchur faoi Airteagal 27 i ndáil le máthairghnóthas de chuid an Aontais, tabharfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe fógra do ÚBE agus rachaidh sé i gcomhairle leis na húdaráis inniúla eile laistigh den choláiste maoirseachta sula gcinnfidh sé beart luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm.

2. Tar éis an fhógra agus an chomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1, cinnfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe an gcuirfidh sé bearta luath-idirghabhála i bhfeidhm faoi Airteagal 27 i ndáil leis an máthairghnóthas ábhartha de chuid an Aontais, agus tionchar na mbeart sin ar na grúpeintitis i mBallstáit eile á chur san áireamh. Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe an cinneadh in iúl do ÚBE agus do na húdaráis inniúla eile laistigh den choláiste maoirseachta.

3. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha chun luathbhearta idirghabhála a fhorchur faoi Airteagal 27 i leith fochuideachta de mháthairghnóthas de chuid an Aontais, tabharfaidh an t-údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhonn aonair, a bhfuil sé i gceist aige an beart a dhéanamh i gcomhréir leis na hAirteagail sin, fógra do ÚBE agus rachaidh sé i gcomhairle leis an maoirseoir comhdhlúthaithe.

Tar éis dó an fógra a fháil féadfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe measúnú a dhéanamh ar an tionchar dóchúil a bheidh ag bearta luath-idirghabhála faoi Airteagal 27 ar an institiúid nó ar an eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) i gceist, ar an ngrúpa nó ar ghrúpeintitis i mBallstáit eile. Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe an measúnú sin chuig an údarás inniúil laistigh de 3 lá.

Tar éis an fhógra agus an chomhairliúcháin sin, cinnfidh an t-údarás inniúil an gcuirfidh sé beart luath-idirghabhála i bhfeidhm. Tabharfar aird chuí ar mheasúnú ar bith de chuid an mhaoirseora comhdhlúthaithe agus an cinneadh sin á dhéanamh. Cuirfidh an t-údarás inniúil an cinneadh in iúl do ÚBE, don mhaoirseoir comhdhlúthaithe agus do na húdaráis inniúla eile laistigh den choláiste maoirseachta.

4. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag níos mó ná údarás inniúil amháin beart luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 27 a chur i bhfeidhm ar níos mó ná institiúid nó eintiteas amháin dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), sa ghrúpa céanna, déanfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe agus na húdaráis inniúla ábhartha eile measúnú maidir le cibé an oiriúnaí an riarthóir sealadach céanna a cheapadh do na heintitis uile lena mbaineann nó comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart luath-idirghabhála eile ar níos mó ná institiúid nó eintiteas amháin chun réitigh a éascú lena ndéanfaí staid airgeadais na hinstitiúide nó an eintitis lena mbaineann a athbhunú. Beidh an measúnú i bhfoirm cinneadh comhpháirteach idir an maoirseoir comhdhlúthaithe agus na húdaráis inniúla ábhartha eile. Tiocfar ar an gcinneadh comhpháirteach laistigh de 5 lá ó dháta an fhógra dá dtagraítear i mír 1. Déanfar an cinneadh comhpháirteach a réasúnú agus a leagan amach i ndoiciméad, a chuirfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe ar fáil do mháthairghnóthas an Aontais.

Féadfaidh ÚBE, ar iarratas ó údarás inniúil, cabhrú leis na húdaráis inniúla teacht ar chomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Mura ndéantar cinneadh comhpháirteach laistigh de 5 lá féadfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe agus údaráis inniúla na bhfochuideachtaí cinntí aonair a dhéanamh maidir le riarthóir sealadach a cheapadh do na hinstitiúidí nó na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), as a bhfuil siad freagrach agus maidir leis na bearta eile luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Féadfaidh ÚBE, ar iarratas ó údarás inniúil ar bith, cuidiú leis na húdaráis inniúla a bhfuil beartaithe acu ceann amháin nó níos mó de na bearta in Airteagal 27(1a), pointe (a), den Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir le pointí (4), (10), (11) agus (19) de Roinn A den Iarscríbhinn leis an Treoir seo, in Airteagal 27(1a), pointe (c), den Treoir seo nó in Airteagal 27(1a), pointe (d), den Treoir seo chun teacht ar chomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 19(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.';

(15) cuirtear an tAirteagal 30a seo a leanas isteach:

'Airteagal 30a

Ullmhú don réiteach

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do na húdaráis réitigh gan mhoill faoi aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) le haon cheann de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 104(1) de Threoir 2013/36/AE, ceanglaítear ar institiúid nó ar eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), den Treoir seo a dhéanamh;

(b) i gcás ina léiríonn gníomhaíocht mhaoirseachta go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 27(1) den Treoir seo maidir le hinstitiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), den Treoir seo, an measúnú go gcomhlíontar na coinníollacha sin, beag beann ar aon bheart luath-idirghabhála;

(c) cur i bhfeidhm aon cheann de na bearta luath-idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 27.

Déanfaidh údaráis inniúla dlúthfhaireachán, i gcomhar leis na húdaráis réitigh, ar staid na hinstitiúide nó an eintitis agus ar a gcomhlíontacht maidir leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar mheathlú ar staid na na hinstitiúide nó an eintitis sin agus ar na bearta luath-idirghabhála dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c).

2. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do na húdaráis réitigh a luaithe is féidir i gcás ina measfaidh siad go bhfuil riosca ábhartha ann go mbeadh feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na himthosca in Airteagal 32(4) maidir le hinstitiúid nó le heintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d). Beidh an méid seo a leanas san fhógra sin:

(a) na cúiseanna a bhfuil fógra á thabhairt;

(b) forléargas ar na bearta lena gcuirfí cosc ar theip na hinstitiúide nó an eintitis laistigh de thréimhse ama réasúnta, an tionchar a mheastar a bheidh acu ar an institiúid nó ar an eintiteas a mhéid a bhaineann leis na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 32(4) agus an t-achar ama a bhfuil coinne leis chun na bearta sin a chur chun feidhme.

Tar éis dó an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil, déanfaidh na húdaráis réitigh measúnú, i ndlúthchomhar le húdaráis inniúla, ar cad is tréimhse réasúnta ann chun measúnú a dhéanamh ar an gcoinníoll dá dtagraítear in Airteagal 32(1), pointe (b), agus aird á tabhairt ar luas an mheathlaithe ar dhálaí na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), ar an ngá atá leis an straitéis réitigh a chur chun feidhme go héifeachtach agus ar aon bhreithniú ábhartha eile. Cuirfidh na húdaráis réitigh an measúnú sin in iúl do na húdaráis inniúla a luaithe is féidir.

Tar éis an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil, déanfaidh na húdaráis inniúla agus na húdaráis réitigh, i ndlúthchomhar le chéile, faireachán ar staid na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), ar chur chun feidhme aon bheart ábhartha laistigh den tréimhse ama a mheastar a bheidh acu agus ar aon fhorbairtí ábhartha eile. Chun na críche sin, tiocfaidh údaráis réitigh agus údaráis inniúla le chéile go rialta, le minicíocht arna socrú ag údaráis réitigh agus imthosca an cháis á gcur san áireamh. Cuirfidh na húdaráis inniúla agus na húdaráis réitigh aon fhaisnéis ábhartha ar fáil dá chéile gan mhoill.

3. Soláthróidh na húdaráis inniúla do na húdaráis réitigh an fhaisnéis uile a iarrfaidh na húdaráis réitigh, faisnéis is gá le haghaidh gach ceann díobh seo a leanas:

(a) an plean réitigh a thabhairt cothrom le dáta agus ullmhú do réiteach féideartha na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d);

(b) an luacháil dá dtagraítear in Airteagal 36 a dhéanamh.

I gcás nach bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil cheana féin d'údaráis inniúla, comhoibreoidh údaráis réitigh agus údaráis inniúla agus comhordóidh siad le chéile chun an fhaisnéis sin a fháil. Chun na críche sin, beidh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid nó ar an eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), i bpointí (b), (c) nó (d), an fhaisnéis sin a sholáthar, lena n-áirítear trí chigireachtaí ar an láthair, agus an fhaisnéis sin a sholáthar do na húdaráis réitigh.

4. Áireofar ar chumhachtaí na n-údarás réitigh an chumhacht chun an margadh a dhéanamh do cheannaitheoirí ionchasacha, nó socruithe a dhéanamh maidir leis an margú sin, an institiúid nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), do cheannaitheoirí ionchasacha, nó ceangal a chur ar an institiúid nó ar an eintiteas déanamh amhlaidh, chun na gcríoch seo a leanas:

(a) ullmhú le haghaidh réiteach na hinstitiúide nó an eintitis sin, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 39(2) agus na bhforálacha rúndachta a leagtar síos in Airteagal 84;

(b) an measúnú a dhéanfaidh an t-údarás réitigh a chur ar an eolas faoin gcoinníoll dá dtagraítear in Airteagal 32(1), pointe (b).

5. Chun críocha mhír 4, beidh sé de chumhacht ag na húdaráis réitigh a iarraidh ar an institiúid nó ar an eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), i bpointí (b),(c) nó (d), ardán digiteach a chur ar bun chun an fhaisnéis is gá a chomhroinnt chun an institiúid

nó an t-eintiteas sin a mhargú le ceannaitheoirí ionchasacha nó le comhairleoirí agus luachálaithe a bheidh fostaithe ag an údarás réitigh.

6. Maidir leis an gcinneadh go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 27(1) agus maidir le bearta luath-idirghabhála a ghlacadh roimh ré, ní bheidh na coinníollacha sin riachtanach do na húdaráis réitigh chun ullmhú do réiteach na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), ná chun an chumhacht dá dtagraítear i míreanna 4 agus i mír 5 den Airteagal seo a fheidhmiú.

7. Cuirfidh na húdaráis réitigh na húdaráis inniúla ar an eolas gan mhoill faoi aon ghníomhaíocht a dhéanfar de bhun mhíreanna 4 agus 5.

8. Áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh na húdaráis inniúla agus na húdaráis réitigh i ndlúthchomhar le chéile:

(a) agus breithniú á dhéanamh ar na bearta dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a) den Airteagal seo, arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar mheathlú ar staid institiúide nó eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), chomh maith leis na bearta dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (c) den Airteagal seo;

(b) agus breithniú á dhéanamh ar aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 4 agus i mír 5;

(c) le linn chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den fhomhír seo.

Áiritheoidh údaráis inniúla agus údaráis réitigh go mbeidh na bearta agus na gníomhaíochtaí sin comhsheasmhach, comhordaithe agus éifeachtach.';

(16) In Airteagal 31(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) agus pointe (d):

'(c) cistí poiblí a chosaint tríd an spleáchas ar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a íoslaghdú, go háirithe nuair a sholáthraítear í ó bhuiséad Ballstáit;

(d) taisceoirí a chosaint agus caillteanais do scéimeanna ráthaithe taiscí a íoslaghdú, agus infheisteoirí a chumhdaítear le Treoir 97/9/CE a chosaint;';

(17) leasaítear Airteagal 32 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis réitigh gníomhaíocht réitigh i ndáil le hinstitiúid i gcás ina gcinnfidh na húdaráis réitigh, ar theachtaireacht a fháil de bhun mhír 2 nó ar a dtionscnamh féin de bhun an nós imeachta a leagtar síos i mír 2, go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an institiúid i mbéal teipthe nó is dóigh dó teip;

(b) ag féachaint d'uainiú, don ghá an straitéis réitigh a chur chun feidhme go héifeachtach agus d'imthosca ábhartha eile, níl aon ionchas réasúnach ann go gcuirfeadh aon bheart malartach ón earnáil phríobháideach lena n-áirítear bearta ó IPS, aon ghníomhaíocht maoirseachta, aon bheart luath-idirghabhála nó díluachála nó comhshó ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe, dá dtagraítear in Airteagal 59(2), a dhéanfaí i ndáil leis an institiúid, cosc ar theip na hinstitiúide laistigh de thréimhse réasúnach ama;

(c) is gá gníomhaíocht réitigh a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail de bhun mhír 5.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an gcoinníoll dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás réitigh.

Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, i dteannta an údaráis inniúil, go bhféadfaidh an t-údarás réitigh measúnú a dhéanamh ar an gcoinníoll dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) de mhír 1, tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás inniúil, i gcás ina bhfuil na huirlisí riachtanacha ag na húdaráis réitigh faoin dlí náisiúnta chun measúnú den sórt sin a dhéanamh lena n-áirítear, go háirithe, rochtain leordhóthanach ar an bhfaisnéis ábhartha. I gcás den sórt sin, áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh an t-údarás inniúil don údarás réitigh gan mhoill aon fhaisnéis ábhartha a iarrfaidh an t-údarás réitigh ar a mheasúnú a dhéanamh, sula gcuirfidh an t-údarás réitigh an t-údarás réitigh ar an eolas faoin rún atá aige an measúnú sin a dhéanamh nó ina dhiaidh sin.

Is é an t-údarás réitigh a dhéanfaidh an measúnú ar an gcoinníoll dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), i ndlúthchomhar leis an údarás inniúil. Cuirfidh an t-údarás inniúil aon fhaisnéis ábhartha ar fáil gan mhoill don údarás réitigh a iarrann sé uaidh chun faisnéis a thabhairt dá mheasúnú. Féadfaidh an t-údarás inniúil a chur in iúl don údarás réitigh freisin go measann sé go bhfuil an coinníoll a leagtar síos i mír 1, pointe (b), á chomhlíonadh.';

(b) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) tá gá le tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách seachas i gcás ina ndeonaítear tacaíocht den sórt sin i gceann de na foirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 32c;

(ii) scriostar fomhíreanna ón dara go dtí an cúigiú fomhír;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Chun críocha mhír 1, pointe (c), caithfear le gníomhaíocht réitigh mar ghníomhaíocht atá chun leasa an phobail más gá an ghníomhaíocht sin a dhéanamh chun ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí réitigh dá dtagraítear in Airteagal 31 a bhaint amach agus i gcás ina bhfuil sí comhréireach leis sin agus nach mbainfí amach na cuspóirí réitigh sin ar bhonn níos éifeachtúla tríd an institiúid a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta.

Áiritheoidh na Ballstáit, sa chás ina bhfuil an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír á dhéanamh aige, déanfaidh an t-údarás réitigh, bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil dó tráth an mheasúnaithe sin, go ndéanfaidh gach tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách is féidir a bheith ag súil leis go réasúnach a dheonú don institiúid a mheas agus a chur i gcomparáid le chéile, i gcás réitigh agus i gcás foirceannadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.';

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 32a agus 32b:

'*Airteagal 32a*

Coinníollacha réitigh maidir le comhlacht lárnach agus institiúidí creidmheasa atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach

Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na húdaráis réitigh gníomhaíocht réitigh a ghlacadh i ndáil le comhlacht lárnach agus maidir leis na hinstitiúidí creidmheasa uile atá cleamhnaithe go buan leis ar cuid den ghrúpa réitigh céanna iad, i gcás ina gcomhlíonfaidh an comhlacht lárnach agus na hinstitiúidí creidmheasa uile atá cleamhnaithe go buan leis, nó an grúpa réitigh lena mbaineann siad, na coinníollacha ina n-iomláine arna suí in Airteagal 32(1).

Airteagal 32b

Imeachtaí i leith institiúidí agus eintitis nach bhfuil faoi réir gníomhaíocht réitigh

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gcinnfidh údarás réitigh go gcomhlíonann institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointí (a) agus (b), ach nach gcomhlíonann siad an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointe (c), go mbeidh sé de chumhacht ag an údarás náisiúnta riaracháin nó breithiúnach ábhartha an nós imeachta a thionscnamh gan mhoill chun an institiúid nó an t-eintiteas a fhoirceannadh ar bhealach ordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-imeoidh institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), a dhéanfar a fhoirceannadh ar bhealach ordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, ón margadh nó go ndéanfaidh siad a ngníomhaíochtaí baincéireachta a fhoirceannadh laistigh de thréimhse ama réasúnta.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gcinnfidh údarás réitigh go gcomhlíonann institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), na coinníollacha atá in Airteagal 32(1), pointí (a) agus (b), ach nach gcomhlíonann siad an coinníoll in Airteagal 32(1), pointe (c), an cinneadh go bhfuil an institiúid nó an t-eintiteas ag teip nó gur dóigh dóibh teip de bhun Airteagal 32(1), pointe (a), gur coinníoll é le haghaidh an t-údarás inniúil an t-údarú a tharraingt siar de bhun Airteagal 18 de Threoir 2013/36/AE.

4. Áiritheoidh na Ballstáit gur leor údarú na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) a tharraingt siar chun go mbeidh údarás náisiúnta riaracháin nó breithiúnach ábhartha in ann an nós imeachta chun an institiúid nó an t-eintiteas a fhoirceannadh a thionscnamh gan mhoill ar bhealach ordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.’:

(19) cuirtear isteach an Airteagal 32c seo a leanas:

‘Airteagal 32c

Tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfar tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách lasmuigh de ghníomhaíocht réitigh a dheonú d’institiúid nó d’eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) ach amháin i gceann amháin de na cásanna seo a leanas agus ar choinníoll go gcomhlíonann an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách na coinníollacha agus na ceanglais a bhunaítear i gcreat Státchabhrach an Aontais:

(a) chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit a leigheas nó chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, i gcás ina mbeidh an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách sin ann in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

(i) ráthaíocht Stáit chun tacaíocht a thabhairt do shaoráidí leachtachta arna gcur ar fáil ag bainc cheannais i gcomhréir le coinníollacha na mbanc ceannais;

(ii) ráthaíocht Stáit maidir le dliteanais nua-eisithe;

(iii) ionstraimí cistí dílse seachas ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó ionstraimí caipitil eile a fháil, nó bearta sócmhainní lagaithe a úsáid ar phraghsanna, ar fhad, agus ar théarmaí eile nach dtugann buntáiste míchuí don institiúid nó don eintiteas lena mbaineann, i gcás nach ann d'aon cheann de na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 32(4), pointí (a), (b) nó (c), nó na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 59(3) tráth a ndeonaítear an tacaíocht phoiblí;

(b) i gcás ina mbeidh an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách i bhfoirm idirghabhála ó scéim ráthaithe taiscí chun fóntacht airgeadais agus inmharthanacht fhadtéarmach na hinstitiúide creidmheasa a chaomhnú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 11a agus in Airteagal 11b de Threoir 2014/49/AE, ar choinníoll nach ann d'aon cheann de na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 32(4) nó do na himthosca sin;

(c) i gcás ina mbeidh an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách i bhfoirm idirghabhála ó scéim ráthaithe taiscí i gcomhthéacs institiúid a fhoirceannadh de bhun Airteagal 32b agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 11(5) de Threoir 2014/49/AE;

(d) i gcás ina mbeidh an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách i bhfoirm Státchabhrach de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE arna deonú i gcomhthéacs fhoirceannadh na hinstitiúide nó an eintitis de bhun Airteagal 32b den Treoir seo, seachas an tacaíocht arna deonú ag scéim ráthaithe taiscí de bhun Airteagal 11(5) de Threoir 2014/49/AE.

2. Comhlíonfaidh na bearta tacaíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) tá na bearta teoranta d'institiúidí sócmhainneacha nó d'eintitis sócmhainneacha, mar atá deimhnithe ag an údarás inniúil;

(b) is bearta de chineál réamhchúramach agus sealadach iad agus tá siad bunaithe ar straitéis scoir réamhshainithe arna formheas ag an údarás inniúil, lena n-áirítear dáta foirceanta, dáta díolacháin nó sceideal aisíocaíochta a shonraítear go soiléir le haghaidh aon cheann de na bearta arna soláthar;

(c) go bhfuil na bearta comhréireach chun iarmhairtí an tsuaite thromchúisigh a leigheas nó chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú;

(d) ní úsáidtear na bearta chun caillteanais a thabhaigh an institiúid nó an t-eintiteas nó is dóigh dóibh a thabhú go luath amach anseo a fhritháireamh.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), measfar institiúid nó eintiteas a bheith sócmhainneach i gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil nár tharla aon sárú, nó nár dóigh dó tarlú sna 12 mhí ina dhiaidh sin, ar aon cheann de na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Airteagal 104ú de Threoir 2013/36/AE, Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, Airteagal 40 de Threoir (AE) 2019/2034 nó ar na ceanglais ábhartha is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (d), déanfaidh an t-údarás inniúil ábhartha na caillteanais atá tabhaithe ag an eintiteas nó is dóigh dó a thabhú a chainníochtú. Beidh an cainníochtú sin bunaithe, ar a laghad, ar chlár comhardaithe na hinstitiúide nó an eintitis, ar choinníoll go gcomhlíonann an clár comhardaithe na rialacha agus na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, arna ndeimhniú ag iniúchóir seachtrach neamhspleách, agus, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, ar athbhreithnithe ar cháilíocht sócmhainní arna seoladh ag an mBanc Ceannais Eorpach, ÚBE nó údaráis náisiúnta nó, i gcás inarb iomchuí, cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an údarás inniúil.

Beidh na bearta tacaíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a)(iii), teoranta do bhearta a ndearna an t-údarás inniúil measúnú orthu de réir mar is gá chun sócmhainneacht na hinstitiúide nó an eintitis a choinneáil ar bun trí aghaidh a thabhairt ar a easnamh caipitil arna shuíomh i gcás díobhálach tástálacha struis náisiúnta, tástálacha struis de chuid an Aontais nó tástálacha struis ar fud SAM, nó cleachtaí coibhéiseacha arna ndéanamh ag an mBanc Ceannais Eorpach, ÚBE nó údaráis náisiúnta, i gcás inarb infheidhme, arna ndeimhniú ag an údarás inniúil.

De mhaolú ar mhír 1, pointe (a)(iii), ceadófar, ar bhonn eisceachtúil, ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a fháil i gcás gur amhlaidh, toisc cineál an easnaimh arna shainaithint, nach bhfágfadh fáil aon ionstraime cistí dílse eile nó aon ionstraime caipitil eile go mbeadh an institiúid nó an t-eintiteas lena mbaineann in ann aghaidh a thabhairt ar a easnamh caipitil arna shuíomh sa chás díobhálach sa tástáil struis ábhartha nó sa chleachtadh coibhéiseach. Ní bheidh méid na n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a fuarthas níos mó ná 2 % de mhéid iomlán na hinstitiúide nó an eintitis lena mbaineann atá neamhchosanta ar riosca, méid arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

I gcás nach ndéanfar aon cheann de na bearta tacaíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a fhuascailt, a aisíoc nó a fhoirceannadh ar shlí eile i gcomhréir le téarmaí na straitéise imeachta a bunaíodh tráth a deonaíodh beart den sórt sin, cinnfidh an t-údarás inniúil go gcomhlíontar an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointe (a), maidir leis an institiúid nó leis an eintiteas a fuair na bearta tacaíochta sin agus cuirfidh sé an measúnú sin in iúl don údarás réitigh lena mbaineann.

3. Déanfaidh ÚBE, faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], treoirlínte a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 maidir leis an gcineál tástálacha, athbhreithnithe nó freachnamh dá dtagraítear i mír 2, an ceathrú fomhír, as a bhféadfadh na bearta tacaíochta teacht, bearta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a)(iii).';

(20) in Airteagal 33, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis réitigh gníomhaíocht réitigh i ndáil le heintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (c) nó (d), i gcás ina gcomhlíonann an t-eintiteas sin na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 32(1).

Chun na gcríoch sin, measfar go bhfuil eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (c) nó (d), i mbéal teipthe nó gur dóigh dó teip in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(a) comhlíonann an t-eintiteas ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 32(4), pointí (b), (c) nó (d);

(b) sáraíonn an t-eintiteas go hábhartha, nó tá eilimintí oibiachtúla ann a léiríonn go sáróidh an t-eintiteas, go luath amach anseo, na ceanglais is infheidhme a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó i dTreoir 2013/36/AE.';

(21) Leasaítear Airteagal 33a mar a leanas:

(a) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na húdaráis réitigh scéala chuig an institiúid nó chuig an eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), agus chuig na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 83(2), pointí (a) go (h), gan mhoill tráth a mbeidh a gcumhacht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo á feidhmiú acu, tar éis cinneadh a bheith déanta go bhfuil an institiúid i mbéal teipe nó ar dóigh di teip de bhun phointe (a) d'Airteagal 32(1), pointe (a), agus sula nglacfar an cinneadh réitigh.';

(b) i mír 9, cuirtear isteach an dara fomhír seo a leanas:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfeidhmeofar na cumhachtaí sin i leith taiscí incháilithe agus nach measfar nach bhfuil na taiscí sin ar fáil chun críocha Threoir 2014/49/AE, go mbeidh rochtain ag taisceoirí ar mhéid iomchuí laethúil ó na taiscí sin.';

(22) leasaítear Airteagal 35 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na húdaráis réitigh bainisteoir speisialta a cheapadh in ionad chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide faoi réiteach nó na droichead-institiúide nó oibriú i gcomhar leis. Déanfaidh na húdaráis réitigh ceapachán an bhainisteora speisialta a phoibliú. Áiritheoidh údaráis réitigh go bhfuil na cáilíochtaí, an cumas agus an t-eolas ag an mbainisteoir speisialta chun a chuid/a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 91 de Threoir 2013/36/AE maidir le bainisteoirí speisialta a cheapadh.';

(b) i mír 2, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

Beidh cumhachtaí uile scairshealbhóirí agus chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide faoi réiteach nó na droichead-institiúide ag an mbainisteoir speisialta.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Éileoidh na Ballstáit go dtarraingeoidh an bainisteoir speisialta tuarascálacha suas don údarás réitigh a cheap é/í maidir le staid eacnamaíoch agus staid airgeadais na hinstitiúide faoi réiteach nó na droichead-institiúide agus maidir leis na gníomhartha a rinneadh agus a chuid/cuid dualgas á gcomhlíonadh aige/aici, ag eatraimh rialta arna socrú ag an údarás réitigh agus ag tosach agus deireadh a shainordaithe/sainordaithe.';

(23) leasaítear Airteagal 36 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'1. Sula gcinnfear an bhfuil na coinníollacha maidir le réiteach, nó na coinníollacha maidir le díluacháil nó comhshó ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 59 á gcomhlíonadh, áiritheoidh na húdaráis réitigh go ndéanfaidh duine atá neamhspleách ar aon údarás poiblí,

lena n-áirítear ar an údarás réitigh agus ar an institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), agus ar an eintiteas lena mbaineann, go ndéanfaidh sé luacháil chothrom, stuama agus réalaíoch ar shócmhainní agus dliteanais na hinstitiúide nó eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d).';

(b) cuirtear isteach an mhír 7a seo a leanas:

'7a. I gcás inar gá chun bonn eolais a thabhairt do na cinntí dá dtagraítear i mír 4, pointí (c) agus (d), comhlánóidh an luachálaí an fhaisnéis i mír 6, pointe (c), le measachán ar luach na sócmhainní agus na ndliteanas lasmuigh den chlár comhardaithe, lena n-áirítear dliteanais theagmhasacha agus sócmhainní.';

(24) in Airteagal 37, cuirtear an mhír 11 seo a leanas isteach:

'11. Déanfaidh ÚBE faireachán ar ghníomhaíochtaí agus ar ullmhú na n-údarás réitigh chun cur chun feidhme éifeachtach na n-uirlisí agus na gcumhachtaí réitigh a áirithiú i gcás réitigh. Tabharfaidh ÚBE tuarascáil don Choimisiún maidir le staid reatha na gcleachtaí atá ann cheana agus éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar fud na mBallstát faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme aon mholadh a leagtar amach sa tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí.

Beidh ar a laghad an méid seo a leanas sa tuairisc dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) na socruithe atá i bhfeidhm chun an uirlis tarrthála inmheánaí a chur chun feidhme agus an leibhéal rannpháirtíochta le bonneagair an mhargaidh airgeadais agus le húdaráis tríú tír, i gcás inarb ábhartha;

(b) na socruithe atá i bhfeidhm chun úsáid uirlisí réitigh eile a oibríochtú;

(c) an leibhéal trédhearcachta i leith páirtithe leasmhara ábhartha maidir leis na socruithe dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b).';

(25) leasaítear Airteagal 40 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Chun éifeacht a thabhairt don uirlis institiúide droichid agus ag féachaint don ghá le feidhmeanna criticiúla a choinneáil sa droichead-institiúid nó chun aon cheann de na cuspóirí réitigh a shaothrú, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sé de chumhacht ag údaráis réitigh an méid ar fad a leanas a aistriú chuig institiúid droichid:';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

Níor cheart go gcuirfí isteach ar chumas an údaráis réitigh an institiúid droichid a rialú tríd an uirlis tarrthála inmheánaí a chur i bhfeidhm don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 43(2), pointe (b). I gcás ina gceadaítear, le cur i bhfeidhm na huirlise tarrthála inmheánaí, caipiteal na droichead-institiúide a sholáthar go hiomlán trí dhliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a chomhshó ina scaireanna nó ina gcineálacha eile ionstraimí caipitil, féadfar an ceanglas go bhfuil an droichead-institiúid faoi úinéireacht iomlán nó pháirteach údaráis phoiblí amháin nó níos mó a tharscaoileadh.';

(26) in Airteagal 42(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) go bhfuil gá le haistriú den sórt sin chun feidhmiú iomchuí na hinstitiúide faoi réiteach nó na droichead-institiúide nó an fheithicil bainistíochta féin a áirithiú; nó';

(27) leasaítear Airteagal 44 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaí an uirlis tarrthála inmheánaí a chur i bhfeidhm maidir le dliteanais uile institiúide nó eintitis, lena n-áirítear iad siúd arb astu a n-éiríonn foráil cuntasaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) nach ndéantar a n-eisiamh ó raon feidhme na huirlise tarrthála inmheánaí de bhun mhír 2 nó mhír 3 den Airteagal seo.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Ní fhéadfaidh an socrú um maoiniú réitigh ranníocaíocht dá dtagraítear i mír 4 a dhéanamh i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go ndearna scairshealbhóirí agus sealbhóirí ionstraimí eile úinéireachta, sealbhóirí ionstraimí caipitil ábhartha agus sealbhóirí dliteanas eile agus dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu ranníocaíocht de mhéid nach lú ná 8 % de na dliteanais iomlána, lena n-áirítear cistí dílse na hinstitiúide faoi réiteach, le hionsúchán caillteanais agus athchaipitliú, arna tomhas i gcomhréir leis an luacháil dá bhforáiltear in Airteagal 36, trí laghdú, díluacháil, nó comhshó de bhun Airteagal 48(1) agus Airteagal 60(1), agus tríd an scéim ráthaíochta taiscí de bhun Airteagal 109 i gcas inarb ábhartha;

(b) nach mó an ranníocaíocht ón socrú maoiniúcháin réitigh ná 5 % d’iomlán na ndliteanas, lena n-áirítear cistí dílse na hinstitiúide faoi réiteach, arna tomhas i gcomhréir leis an luacháil dá bhforáiltear in Airteagal 36.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Féadfaidh an socrú um maoiniú réitigh ranníocaíocht a dhéanamh as acmhainní a cruinníodh trí ranníocaíochtaí *ex-ante* dá dtagraítear in Airteagail 100(6) agus 103 agus nár úsáideadh fós, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) go ndearna an socrú um maoiniú réitigh ranníocaíocht de bhun mhír 4 agus gur sroicheadh an teorainn 5 % dá dtagraítear i mír 5, pointe (b);

(b) rinneadh na dliteanais uile a rangaítear níos ísle ná taiscí, agus nach n-eisiatar ón tarrtháil inmheánach de bhun Airteagail 44(2) agus 44(3), a dhíluacháil nó a chomhshó ina n-iomláine.

In imthosca urghnácha, mar rogha mhalartach nó de bhreis ar ranníocaíocht ón socrú um maoiniú réitigh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhomhír, féadfaidh an t-údarás réitigh cistiú breise a lorg ó fhoinsí malartacha maoinithe.’;

(28) In Airteagal 44a, cuirtear an mhír 8 seo a leanas leis:

‘8. Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh ÚBE tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo. Déanfar comparáid sa tuarascáil sin idir na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit chun an tAirteagal seo a chomhlíonadh, déanfar anailís ar a n-éifeachtacht maidir le hinfheisteoirí miondíola a chosaint agus déanfar measúnú ar a dtionchar ar oibríochtaí trasteorann.

Ar bhonn na tuarascála sin, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun leasuithe a dhéanamh ar an Treoir seo.';

(29) in Airteagal 45, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh institiúidí agus eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) agus (d), i gcónaí, na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe nuair is gá sin agus faoi mar a chinneann an t-údarás réitigh agus i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hAirteagal 45a go 45i.';

(30) Leasaítear Airteagal 45b mar a leanas:

(a) i míreanna 4, 5 agus 7, cuirtear na focail 'eintitis G-SII' in ionad na bhfocal 'G-SIIanna';

(b) leasaítear mír 8 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear na focail 'eintitis G-SII' in ionad na bhfocal 'G-SIIanna';

(ii) sa dara fomhír, pointe (c), cuirtear na focail 'eintiteas G-SII' in ionad na bhfocal 'G-SII';

(iii) sa cheathrú fomhír, cuirtear na focail 'eintitis G-SII' in ionad na bhfocal 'G-SIIanna';

(c) cuirtear an mhír 10 seo a leanas leis:

'10. Féadfaidh na húdaráis réitigh cead a thabhairt d'eintitis réitigh na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 4, 5 agus 7 a chomhlíonadh trí chistí dílse nó dliteanais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3 a úsáid nuair a chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás eintitis ar eintitis G-SII iad nó eintitis réitigh atá faoi réir Airteagal 45c(5) nó (6), níor laghdaigh an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, de bhun na chéad fhomhíre den mhír sin;

(b) na dliteanais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nach gcomhlíonann an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 72b(2), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, comhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 72b(4), pointí (b) go (e), den Rialachán sin.';

(31) Leasaítear Airteagal 45c mar a leanas:

(a) i mír 3, an t-ochtú fomhír, cuirtear na focail 'feidhmeanna criticiúla' in ionad na bhfocal 'feidhmeanna eacnamaíocha criticiúla';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar an mhodheolaíocht atá le húsáid ag údaráis réitigh chun meastachán a dhéanamh ar an gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE agus ar an gceanglas maoláin chomhcheangailte le haghaidh an mhéid seo a leanas:

(a) eintitis réitigh ar leibhéal comhdhlúite an ghrúpa réitigh, i gcás nach bhfuil an grúpa réitigh faoi réir na gceanglas sin faoi Threoir 2013/36/AE;

(b) eintitis nach eintitis réitigh iad féin, i gcás nach bhfuil an t-eintiteas faoi réir na gceanglas sin faoi Threoir 2013/36/AE ar an mbonn céanna leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 45f den Treoir seo.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.';

(c) i mír 7, an t-ochtú fomhír, cuirtear na focail 'feidhmeanna criticiúla' in ionad na bhfocal 'feidhmeanna eacnamaíocha criticiúla';

(32) cuirtear isteach an Airteagal 45ca seo a leanas:

'Airteagal 45ca

An t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chinneadh le haghaidh straitéisí aistrithe as a dtiocfaidh imeacht ón margadh

1. Agus Airteagal 45c á chur i bhfeidhm maidir le heintiteas réitigh a bhfuil sé beartaithe go príomha ina straitéis réitigh tosaíochta úsáid a bhaint as an uirlis díolacháin gnó nó as an uirlis droichead-institiúide agus go n-imeoidh sé ón margadh, socróidh an t-údarás réitigh an méid athchaipitliúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 45c(3) ar bhealach comhréireach ar bhonn na gcritéar seo a leanas, de réir mar is ábhartha:

(a) méid, samhail ghnó, samhail chistiúcháin agus próifíl riosca an eintitis réitigh, agus doimhneacht an mhargaidh ina n-oibríonn an t-eintiteas réitigh;

(b) na scaireanna, na hionstraimí úinéireachta eile, na sócmhainní, na cearta nó na dliteanais atá le haistriú chuig faighteoir mar a shainaithnítear sa phlean réitigh, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(i) croílínte gnó agus feidhmeanna criticiúla an eintitis réitigh;

(ii) na dliteanais atá eisiata ón tarrtháil inmheánach de bhun Airteagal 44(2);

(iii) sna coimircí dá dtagraítear in Airteagail 73 go 80;

(c) luach ionchasach agus indíoltacht scaireanna, ionstraimí úinéireachta eile, sócmhainní, cearta nó dliteanais an eintitis réitigh dá dtagraítear i bpointe (b), agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(i) aon bhac ábhartha ar inréiteacht, arna shainaithint ag an údarás réitigh, a bhaineann go díreach le cur i bhfeidhm na huirlise díolacháin gnó nó na huirlise droichead-institiúide;

(ii) na caillteanais a eascraíonn as na sócmhainní, na cearta nó na dliteanais atá fágtha san institiúid iarmharach;

(d) cibé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe sa straitéis réitigh tosaíochta scaireanna nó ionstraimí úinéireachta eile arna n-eisiúint ag an eintiteas réitigh, nó sócmhainní, cearta agus dliteanais uile an eintitis réitigh, nó cuid díobh, a aistriú;

(e) cibé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe sa straitéis réitigh tosaíochta an uirlis deighilte sócmhainní a chur i bhfeidhm.

2. I gcás ina bhforáiltear sa phlean réitigh go bhfuil an t-eintiteas le foirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta nó faoi nósanna imeachta náisiúnta coibhéiseacha eile agus go mbeartaítear leis an scéim ráthaithe taiscí a úsáid de bhun Airteagal 11(5) de Threoir 2014/49/AE, cuirfidh an t-údarás réitigh mír 1 den Airteagal seo san áireamh freisin agus an measúnú dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 45c(2a) den Treoir seo á dhéanamh aige.

3. Ní bheidh de thoradh ar mhír 1 a chur i bhfeidhm méid atá níos mó ná an méid a bheidh mar thoradh ar Airteagal 45c(3) a chur i bhfeidhm.';

(33) In Airteagal 45d(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

Beidh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) d'eintiteas réitigh ar eintiteas G-SII é comhdhéanta de na nithe seo a leanas:';

(34) in Airteagal 45f(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

De mhaolú ar an gcéad agus an dara fomhír den mhír seo, déanfaidh máthairghnóthais de chuid an Aontais nach eintitis réitigh iad féin ach ar fochuideachtaí de chuid eintitis tríú tír iad, na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 45c go hAirteagal 45d ar bhonn comhdhlúite.';

(35) leasaítear Airteagal 45l mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) an chaoi inar cuireadh chun feidhme, ar an leibhéal náisiúnta, an ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, arna shocrú i gcomhréir le hAirteagal 45e nó Airteagal 45f, lena n-áirítear Airteagal 45ca, agus, go háirithe, féachaint an raibh dibhéirseachtaí sna leibhéil a leagadh síos d'eintitis inchomparáide sna Ballstáit;'

(b) I mír 3, an dara fomhír, cuirtear isteach an abairt seo a leanas:

'Scoirfidh an oibleagáid dá dtagraítear i mír 2 d'fheidhm a bheith aici tar éis don dara tuarascáil a bheith tíolactha.';

(36) in Airteagal 45m, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 4:

'4. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 45b(4) agus (7) agus in Airteagail 45c(5) agus (6), mar is infheidhme, laistigh den tréimhse thrí bliana tar éis an dáta a dtosaíonn an t-eintiteas réitigh nó an grúpa a bhfuil an t-eintiteas réitigh mar chuid de a bheith aitheanta mar G-SII nó mar G-SII nó mar G-SII neamh-AE nó má tharlaíonn go dtosaíonn an t-eintiteas réitigh a bheith sa staid dá dtagraítear in Airteagal 45c(5) nó (6).';

(37) In Airteagal 46(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Leis an measúnú dá dtagraítear mír 1 den Airteagal seo, suífear an méid faoinar gá dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a dhíluacháil nó a chomhshó:

(a) chun cóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide faoi réiteach a athbhunú, nó, i gcás inarb infheidhme, cóimheas na droichead-institiúide a shuíomh, agus aon ranníocaíocht chaipitil ón socrú um maoiniú réitigh de bhun Airteagal 101(1), pointe (d) den Treoir seo á cur san áireamh;

(b) muinín margaidh leordhóthanach a chothú san institiúid faoi réiteach nó sa droichead-institiúid, agus aon dliteanas teagmhasach a chumhdach á chur san áireamh, agus a chur ar a cumas don institiúid faoi réiteach leanúint de na

coinníollacha maidir le húdarú a chomhlíonadh ar feadh bliain amháin ar a laghad, agus na gníomhaíochtaí a dhéanamh ar ina leith a bhfuil sé údaraithe faoi Threoir 2013/36/AE nó faoi Threoir 2014/65/AE.';

(38) in Airteagal 47(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(i):

'(i) ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 59 arna n-eisiúint ag an institiúid de bhun na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 59(2); nó';

(39) leasaítear Airteagal 52 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

'I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh an t-údarás réitigh síneadh míosa eile a chur leis an spriocdháta aon mhí amháin chun an plean atheagrúcháin gnó a chur isteach.';

(b) i mír 5, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'Féadfaidh an t-údarás réitigh a cheangal ar an institiúid nó ar an eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), eilimintí breise a chur san áireamh sa phlean atheagrúcháin gnó.';

(40) in Airteagal 53, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás ina laghdaíonn údarás réitigh go nialas príomhshuim dliteanais, nó an méid amuigh atá fós le híoc i leith dliteanais, lena n-áirítear dliteanas as a n-eascraíonn forail cuntasaíochta, trí bhíthin na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 63(1), pointe (e), caithfear leis an dliteanas sin agus le haon oibleagáid nó éileamh a eascraíonn maidir leis an dliteanas, nach raibh tabhaithe tráth a raibh an chumhacht sin á feidhmiú, mar urscaoilte chun na gcríoch uile agus ní bheidh sé inchruthaithe in aon imeacht eile ina dhiaidh sin maidir leis an institiúid faoi réiteach nó aon eintiteas comharba in aon fhoirceannadh ina dhiaidh sin.';

(41) leasaítear Airteagal 55 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) nach taisce é an dliteanas dá dtagraítear in Airteagal 108(1), pointí (a) nó (b)';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cúigiú fomhír agus an séú fomhír:

I gcás ina gcinnfidh an t-údarás réitigh, i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar inréititheacht institiúide nó eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 16, nó tráth ar bith eile, gurb amhlaidh laistigh d'aicme dliteanas lena gcuimsítear dliteanais incháilithe, gur mó líon na ndliteanas sin, nach gcuimsítear leo an téarma conarthach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, mar aon leis na dliteanais atá eisiata ó chur i bhfeidhm na huirlise tarrthála inmheánaí i gcomhréir le hAirteagal 44(2) nó ar dócha go n-eiseofar iad i gcomhréir le hAirteagal 44(3), gur mó é ná 10 % den aicme sin, déanfaidh sé measúnú láithreach ar thionchar an fhíorais áirithe sin ar inréititheacht na hinstitiúide nó an eintitis sin, lena n-áirítear an tionchar ar an inréititheacht a eascraíonn as an riosca a bheith ann nuair a sháraítear coimircí an chreidiúnaithe dá bhforáiltear in Airteagal 73 agus na cumhacht díluachála agus comhshó á gcur i bhfeidhm acu.

I gcás ina gcinnfidh an t-údarás réitigh, ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear sa chúigiú fomhír den mhír seo, i dtaobh na dliteanas, nach gcuimsítear leo an téarma conarthach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, go gcruthaíonn siad bac substaintiúil ar inréititheacht, cuirfidh sé i bhfeidhm na cumhachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 17 mar is iomchuí chun fáil réidh leis an mbac sin ar an inréititheacht.';

(42) leasaítear Airteagal 59 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) go n-éileoidh an institiúid nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d); tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách, ach amháin i gcás ina ndeonaítear an tacaíocht sin i gceann de na foirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 32c.';

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) ag féachaint d'uainiú, don ghá atá ann na cumhachtaí díluachála agus comhshó nó an straitéis réitigh don ghrúpa réitigh a chur chun feidhme go héifeachtach agus d'imthosca ábhartha eile, níl aon ionchas réasúnach ann go gcuirfeadh aon ghníomhaíocht, lena n-áirítear bearta malartacha ón earnáil phríobháideach, gníomhaíocht mhaoirseachta nó bearta luath-idirghabhála, seachas díluacháil nó comhshó ionstraimí caipitil, agus dliteanas incháilithe dá dtagraítear i mír 1 a, cosc ar theip na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), nó an ghrúpa sin laistigh de thréimhse réasúnta.';

(43) leasaítear Airteagal 63 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (m):

'(m) an chumhacht chun a cheangal ar an údarás inniúil faighteoir sealúchais cháilithigh a mheas ar mhodh tráthúil de mhaolú ar na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 22 de Threoir 2013/36/AE agus Airteagal 12 de Threoir 2014/65/AE;';

(ii) cuirtear isteach an pointe (n) seo a leanas:

'(n) an chumhacht chun iarrataí a dhéanamh de bhun Airteagal 17(5) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 thar ceann na hinstitiúide faoi réiteach.';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) faoi réir Airteagal 3(6) agus Airteagal 85(1), ceanglais maidir le formheas nó toiliú a fháil ó aon duine poiblí nó príobháideach, lena n-áirítear scairshealbhóirí nó creidiúnaithe na hinstitiúide faoi réiteach agus na húdaráis inniúla chun críocha Airteagail 22 go 27 de Threoir 2013/36/AE;';

(44) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 71a(3):

'3. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon chonradh airgeadais a chomhlíonann gach ceann díobh seo a leanas:

(a) cruthaíonn an conradh oibleagáid nua nó leasaíonn sé go suntasach oibleagáid atá ann cheana tar éis theacht i bhfeidhm na bhforálacha arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta chun an tAirteagal seo a thrasuí;'

(b) foráiltear leis an gconradh d'fheidhmiú ceart foirceanta amháin nó níos mó, nó d'fheidhmiú cearta chun leasanna urrúis a fhorfheidhmiú a mbeadh feidhm ag Airteagal 33a, Airteagal 68, Airteagal 69, Airteagal 70 nó Airteagal 71 ina leith dá mbeadh an conradh airgeadais á rialú ag dlíthe Ballstáit.';

(45) cuirtear fomhír (d) a leanas le hAirteagal 74(3):

'(d) agus na caillteanais a thabhódh an scéim ráthaithe taiscí dá bhfoirceannfaí an institiúid faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta á gcinneadh, na critéir agus an mhodheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 11e de Threoir 2014/49/AE agus in aon ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun an Airteagail sin a chur i bhfeidhm.';

(46) in Airteagal 88, cuirtear an mhír 6a seo a leanas isteach:

'6a. Chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 10(1), 15(1) agus 17(1) a éascú agus chun aon fhaisnéis ábhartha a mhalartú, déanfaidh údarás réitigh institiúide a bhfuil brainsí suntasacha aici i mBallstáit eile coláiste réitigh a bhunú agus déanfaidh sé cathaoirleacht air.

Cinnfidh údarás réitigh na hinstitiúide dá dtagraítear sa chéad fhomhír cé na húdaráis a bheidh rannpháirteach i gcruinniú nó i ngníomhaíocht de chuid an choláiste réitigh, agus ábharthacht na gníomhaíochta a bheidh le pleanáil nó le comhordú do na húdaráis sin á cur san áireamh, go háirithe an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar chobhsaíocht an chórais airgeadais sna Ballstáit lena mbaineann agus na cúraimí dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Coinneoidh údarás réitigh na hinstitiúide dá dtagraítear sa chéad fhomhír comhaltaí uile an choláiste réitigh go hiomlán ar an eolas, roimh ré, faoi eagrú na gcruinnithe sin, faoi na príomh-shaincheisteanna a bheidh le plé agus faoi na gníomhaíochtaí a bheidh le breithniú. Ina theannta sin, coinneoidh údarás réitigh na hinstitiúide dá dtagraítear sa chéad fhomhír comhaltaí uile an choláiste go hiomlán ar an eolas, go tráthúil, faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh sna cruinnithe sin nó faoi na bearta a rinneadh.';

(47) leasaítear Airteagal 91 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. gcás ina gcinneann údarás réitigh go gcomhlíonann institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), ar fochuideachta i ngrúpa í nó é, na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 32 nó 33, tabharfaidh an t-údarás sin fógra gan mhoill don údarás réitigh ar ghrúpleibhéal, murab ionann é, agus don mhaoirseoir comhdhlúthaithe, agus do chomhaltaí an choláiste réitigh le haghaidh an ghrúpa i gceist maidir leis an bhfaisnéis seo a leanas:

(a) an cinneadh go gcomhlíonann an institiúid nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 32(1), pointí (a) agus (b), nó in Airteagal 33(1) nó (2) de réir mar is infheidhme, nó na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 33(4);

(b) toradh an mheasúnaithe ar an gcoinníoll dá dtagraítear in Airteagal 32(1), pointe (c);

(c) na gníomhaíochtaí réitigh nó na bearta dócmhainneachta a mheasann an t-údarás réitigh a bheith iomchuí don institiúid nó don eintiteas sin.

Féadfar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur san áireamh sna fógraí a cuireadh in iúl de bhun Airteagal 81(3) do na seolaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.';

(b) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

Féadfaidh ÚBE, ar iarratas ó údarás réitigh náisiúnta, cuidiú leis na húdaráis réitigh náisiúnta cinneadh comhpháirteach a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 31(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.';

(48) in Airteagal 92(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

Féadfaidh ÚBE, ar iarratas ó údarás réitigh náisiúnta, cuidiú leis na húdaráis réitigh náisiúnta cinneadh comhpháirteach a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 31(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.';

(49) in Airteagal 97, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Déanfaidh na húdaráis réitigh socruithe comhair neamhcheangailteacha a thabhairt i gcrích leis na húdaráis ábhartha tríú tír dá dtagraítear i mír 2 i gcás inarb iomchuí. Beidh na socruithe sin i gcomhréir le socrú réime ÚBE.

Déanfaidh na húdaráis inniúla socruithe neamhcheangailteacha comhair a thabhairt i gcrích le húdaráis ábhartha an tríú tír dá dtagraítear i mír 2 i gcás inarb iomchuí. Beidh na socruithe sin i gcomhréir le creat-socrú ÚBE agus áiritheofar leo go mbeidh an fhaisnéis a nochtar d'údaráis tríú tír faoi réir ráthaíochta go gcomhlíonfar ceanglais maidir le rúndacht ghairmiúil atá coibhéiseach ar a laghad leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 53(1) de Threoir 2013/36/AE.'

(50) in Airteagal 98, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh na húdaráis réitigh agus na haireachtaí inniúla faisnéis rúnda a mhalartú, lena n-áirítear pleananna téarnaimh, le húdaráis tríú tír ábhartha ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo uile a leanas:';

(b) cuirtear an dara agus an tríú fomhír leis mar a leanas:

'Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh na húdaráis inniúla faisnéis rúnda a mhalartú le húdaráis tríú tír ábhartha ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) i ndáil le faisnéis a bhaineann le téarnamh agus le réiteach, na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír;

(b) maidir le faisnéis eile atá ar fáil do na húdaráis inniúla, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 55 de Threoir 2013/36/AE.

Chun críocha an dara fomhír, san fhaisnéis a bhaineann le téarnamh agus le réiteach, beidh an fhaisnéis uile a bhaineann go díreach le cúraimí na n-údarás inniúil faoin Treoir seo, go háirithe pleanáil téarnaimh agus pleananna téarnaimh, bearta luath-idirghabhála agus malartuithe le húdaráis réitigh maidir le pleanáil réitigh, pleananna réitigh agus gníomhaíocht réitigh.';

(51) in Airteagal 101, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I gcás ina gcinneann an t-údarás réitigh, mar thoradh ar úsáid an tsocraithe um maoiniú réitigh chun na gcríoch sin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, gur

dóigh go gcuirfear cuid de chaillteanais institiúide nó eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) ar aghaidh chuig an socrú um maoiniú réitigh, beidh feidhm ag na prionsabail lena rialáiltear úsáid an tsocraithe um maoiniú réitigh a leagtar amach in Airteagal 44.';

(52) in Airteagal 102(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

Más rud é, tar éis na tréimhse tosaigh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, go laghdaítear na hacmhainní airgeadais atá ar fáil faoi bhun an spriocleibhéil a shonraítear sa mhír sin, atosófar na ranníocaíochtaí rialta a chruinnítear i gcomhréir le hAirteagal 103 go sroichfear an spriocleibhéal. Feadfaidh na húdaráis réitigh tiomsú na ranníocaíochtaí tráthrialta a chur siar i gcomhréir le hAirteagal 103 ar feadh bliain amháin nó níos mó i gcás ina sroichfidh an méid atá le tiomsú méid atá comhréireach le costais an phróisis tiomsaithe, ar choinníoll nach ndéanfaidh iarchur den sórt sin difear ábhartha do chumas an údaráis réitigh na socruithe um maoiniú réitigh a úsáid de bhun Airteagal 101. Tar éis an spriocleibhéal a bhaint amach den chéad uair agus i gcás inar laghdaíodh na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ina dhiaidh sin go méid is lú ná dhá thrian den spriocleibhéal, socrófar na ranníocaíochtaí sin ar leibhéal lena gceadaítear an spriocleibhéal a bhaint amach laistigh de 6 bliana.';

(53) leasaítear Airteagal 103 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Féadfar gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe a áireamh leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil agus le cur san áireamh chun an spriocleibhéal a shonraítear in Airteagal 102 a bhaint amach, ar gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe iad a ráthaítear go hiomlán le comhthaobhacht de shócmhainní ísealriosca gan bac ó aon cheart tríú páirtí, faoi réir ag na húdaráis réitigh agus arna gcur i leataobh le haghaidh úsáid eisiach na n-údarás sin chun na gcríoch a shonraítear in Airteagal 101(1). Ní rachaidh scair na ngealltanas íocaíochta neamh-inchúlghairthe thar 50 % de mhéid iomlán na ranníocaíochtaí arna gcruinniú i gcomhréir leis an Airteagal seo. Laistigh den teorainn sin, cinnfidh an t-údarás réitigh go bliantúil sciar na ngealltanas íocaíochta neamh-inchúlghairthe i méid iomlán na ranníocaíochtaí atá le cruinniú i gcomhréir leis an Airteagal seo.';

(b) cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

'3a. Glaofaidh an t-údarás réitigh ar na gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe arna ndéanamh de bhun mhír 3 den Airteagal seo nuair is gá socruithe um maoiniú réitigh a úsáid de bhun Airteagal 101.

I gcás ina scoirfidh eintiteas de bheith faoi raon feidhme Airteagal 1 agus nach mbeidh sí nó sé faoi réir na hoibleagáide ranníocaíochtaí a íoc a thuilleadh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, glaofaidh an t-údarás réitigh ar na gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe arna ndéanamh de bhun mhír 3 agus atá fós dlite. Má dhéantar an ranníocaíocht atá nasctha leis an ngealltanas íocaíochta neamh-inchúlghairthe a íoc go cuí tráth an chéad ghlao, cuirfidh an t-údarás réitigh an gealltanas ar ceal agus tabharfaidh sé an chomhthaobhacht ar ais. Mura n-íocfar an ranníocaíocht go cuí tráth an chéad ghlao, urghabhfaidh an t-údarás réitigh an chomhthaobhacht agus cuirfidh sé an gealltanas ar ceal.';

(54) In Airteagal 104(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Ní rachaidh ranníocaíochtaí *ex-post* urghnácha thar 12.5 % den spriocleibhéal faoina trí, leibhéal a shonraítear in Airteagal 102.’;

(55) leasaítear Airteagal 108 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an rangú tosaíochta céanna ag na dlíthe náisiúnta lena rialaítear gnáthimeachtaí dócmhainneachta, rangú atá níos airde ná an rangú a sholáthraítear d’éilimh gnáthchreidiúnaithe neamhurraithe:

(a) taiscí;

(b) taiscí arna ndéanamh trí bhrainsí atá suite lasmuigh den Aontas ag institiúidí atá bunaithe laistigh den Aontas;

(c) scéimeanna ráthaithe taiscí a dhéanann seachaíocht ar chearta agus oibleagáidí taisceoirí cumhdaithe i gcás dócmhainneachta.’;

(b) cuirtear isteach na míreanna 8 agus 9 seo a leanas:

‘8. I gcás ina n-úsáidfear na huirlisí réitigh dá dtagraítear in Airteagal 37(3), pointe (a) nó (b), gan ach cuid de shócmhainní, de chearta nó de dhliteanais na hinstitiúide faoi réiteach a aistriú, beidh éileamh ag an socrú um maoiniú réitigh in aghaidh na hinstitiúide nó an eintitis iarmharaigh dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d) ar aon chostas agus caillteanas a thabhóidh socrú um maoiniú réitigh mar thoradh ar aon ranníocaíochta a rinneadh le réiteach de bhun Airteagal 101(1) maidir le caillteanais a d’fhulaingeodh creidiúnaithe murach sin.

9. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh tosaíocht ag éilimh an tsocraithe um maoiniú réitigh dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal seo agus in Airteagal 37(7) ina ndlíthe náisiúnta lena rialaítear gnáthimeachtaí dócmhainneachta, rangú tosaíochta a bheidh níos airde ná an rangú a chuirtear ar fáil do na héilimh ar thaiscí agus ar scéimeanna ráthaithe taiscí de bhun mhír 1 den Airteagal seo.’;

(56) leasaítear Airteagal 109 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh na húdaráis réitigh gníomhaíocht réitigh maidir le hinstitiúid chreidmheasa, agus ar choinníoll go n-áiritheofar leis an ngníomhaíocht sin go mbeidh rochtain ag taisceoirí ar a dtaiscí i gcónaí, chun cosc a chur ar thaisceoirí caillteanais a iompar, go ranníocfaidh an scéim ráthaithe taiscí lena bhfuil an institiúid chreidmheasa sin cleamhnaithe na méideanna seo a leanas:

(a) i gcás ina gcuirfear an uirlis tarrthála inmheánaí i bhfeidhm, go neamhspleách nó i gcomhcheangal leis an uirlis deighilte sócmhainní, an méid faoina ndéanfaí taiscí cumhdaithe a dhíluacháil nó a chomhshó chun na caillteanais a ionsú agus an institiúid faoi réiteach a athchaipitliú de bhun Airteagal 46(1), dá gcuirfí taiscí cumhdaithe san áireamh faoi raon feidhme na tarrthála inmheánaí;

(b) i gcás ina gcuirfear na huirlisí díolacháin gnó nó na huirlisí droichead-institiúide i bhfeidhm, go neamhspleách nó i gcomhcheangal le huirlisí réitigh eile:

(i) an méid is gá chun an difríocht a chumhdach idir luach na dtaiscí faoi chumhdach agus na ndliteanas ag a bhfuil an rangú céanna nó tosaíocht níos airde ná taiscí agus luach sócmhainní na hinstitiúide faoi réiteach atá le haistriú chuig faighteoir; agus

(ii) i gcás inarb ábhartha, méid is gá chun neodracht chaipitil an fhaighteora a áirithiú tar éis an aistrithe.

Sna cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), i gcás ina n-áireofar san aistriú chuig an bhfaighteoir taiscí nach taiscí faoi chumhdach ná dliteanais eile iadar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu agus ina measfaidh an t-údarás réitigh go bhfuil feidhm ag na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 44(3) maidir leis na taiscí nó na dliteanais sin, ranníocfaidh an scéim ráthaithe taiscí an méid seo a leanas:

(a) an méid is gá chun an difríocht a chumhdach idir luach na dtaiscí, lena n-áirítear taiscí nach bhfuil cumhdaithe, agus luach na ndliteanas ag a bhfuil an rangú tosaíochta céanna nó níos airde ná taiscí agus luach sócmhainní na hinstitiúide faoi réiteach atá le haistriú chuig faighteoir; agus

(b) i gcás inarb ábhartha, méid is gá chun neodracht chaipitil an aistrithe a áirithiú don fhaighteoir.

Áiritheoidh na Ballstáit, a luaithe a bheidh ranníocaíocht déanta ag an scéim ráthaithe taiscí sna cásanna dá dtagraítear sa dara fomhír, go staonfaidh an institiúid faoi réiteach ó gheallta a fháil i ngnóthais eile chomh maith le dáileacháin maidir le caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó íocaíochtaí ar ionstraimí Breise Leibhéal 1, nó ó ghníomhaíochtaí eile a bhféadfadh eis-sreabhadh cistí a bheith mar thoradh orthu.

I ngach cás, ní bheidh costas ranníocaíocht na scéime ráthaithe taiscí níos mó ná an costas a bhaineann le taisceoirí a aisíoc arna ríomh leis an scéim ráthaithe taiscí faoi Airteagal 11e de Threoir 2014/49/AE.

I gcás ina gcinntear le luacháil faoi Airteagal 74 gur mhó costas ranníocaíocht na scéime ráthaithe taiscí leis an réiteach ná na caillteanais a thabhódh sí dá ndéanfaí an institiúid a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, beidh an scéim ráthaithe taiscí i dteideal íocaíocht na difríochta ón socrú um maoiniú réitigh i gcomhréir le hAirteagal 75.

2. Cinnfidh na Ballstáit go gcinnfidh an t-údarás réitigh méid ranníocaíocht na scéime ráthaithe taiscí i gcomhréir le mír 1 tar éis dó dul i gcomhairle leis an scéim ráthaithe taiscí maidir leis an gcostas measta a bhaineann le taisceoirí a aisíoc de bhun Airteagal 11e de Threoir 2014/49/AE agus i gcomhréir leis na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán seo.

Tabharfaidh an t-údarás réitigh fógra faoina chinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír don scéim ráthaithe taiscí lena bhfuil an institiúid cleamhnaithe. Cuirfidh an scéim ráthaithe taiscí an cinneadh sin chun feidhme gan mhoill.’;

(b) cuirtear míreanna 2a agus 2b seo a leanas isteach:

‘2a. I gcás ina n-úsáidfear cistí na scéime ráthaíochta taiscí i gcomhréir le mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), chun rannchuidiú le hathchaipitliú na hinstitiúide faoi réiteach, áiritheoidh na Ballstáit go n-aistreoidh an scéim ráthaíochta taiscí a sealúchais scaireanna nó ionstraimí caipitil eile san

institiúid faoi réiteach chuig an earnáil phríobháideach a luaithe is féidir de réir na gcúinsí tráchtála agus airgeadais.

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an scéim ráthaithe taiscí na scaireanna agus na hionstraimí caipitil eile dá dtagraítear sa chéad fhomhír a mhargú go hoscailte agus go trédhearcach, agus nach dtugann an díol bréagléiriú orthu nó nach ndéanann sé idirdhealú idir ceannaitheoirí ionchasacha. Is ar théarmaí tráchtála a dhéanfar aon díol den sórt sin.

2b. Áireofar ranníocaíocht na scéime ráthaíochta taiscí de bhun mhír 1, an dara fomhír, faoi chomhair na dtairseach a leagtar síos in Airteagal 44(5), pointe (a), agus in Airteagal 44(8), pointe (a).

I gcás ina bhfágfaidh úsáid na scéime ráthaíochta taiscí de bhun mhír 1, an dara fomhír, mar aon leis an rannchuidiú le hionsú caillteanais agus le hathchaipitliú a dhéanfaidh na scairshealbhóirí agus sealbhóirí ionstraimí úinéireachta eile, sealbhóirí ionstraimí caipitil ábhartha agus sealbhóirí dliteanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu, gur féidir an socrú um maoiniú réitigh a úsáid, beidh ranníocaíocht na scéime ráthaíochta taiscí teoranta don mhéid is gá chun na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 44(5), pointe (a) agus in Airteagal 44(8), pointe (a) a chomhlíonadh. Tar éis ranníocaíocht na scéime ráthaíochta taiscí, úsáidfear an socrú um maoiniú réitigh i gcomhréir leis na prionsabail lena rialaítear úsáid an tsocraithe um maoiniú réitigh a leagtar amach in Airteagal 44 agus in Airteagal 101.

Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ná ag an dara fomhír maidir le hinstitiúidí a sainaithníodh mar eintitis leachtaithe sa phlean réitigh grúpa nó sa phlean réitigh.';

(c) scriostar mír 3;

(d) i mír 5, scriostar an tríú agus an ceathrú fomhír;

(57) in Airteagal 111(1), cuirtear an pointe (e) seo a leanas leis:

'(e) nach ndearnadh an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 45e nó Airteagal 45f a chomhlíonadh.';

(58) leasaítear Airteagal 128 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Comhar agus malartú faisnéise idir institiúidí agus údaráis';

(b) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'Déanfaidh na húdaráis réitigh, na húdaráis inniúla, ÚBE, an Bord Réitigh Aonair, BCE agus comhaltaí eile den Chóras Eorpach Banc Ceannais aon fhaisnéis is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh a bhaineann le forbairt beartais, lena n-áirítear measúnuithe tionchair a dhéanamh, tograí reachtacha a ullmhú agus a bheith rannpháirteach sa phróiseas reachtach, a sholáthar don Choimisiún, arna iarraidh sin dó agus laistigh den tréimhse shonraithe. Beidh an Coimisiún agus foireann an Choimisiúin faoi réir na gceanglas maidir le rúndacht ghairmiúil a leagtar síos in Airteagal 88 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* maidir leis an bhfaisnéis a fhaightear.';

Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

(59) cuirtear an tAirteagal 128a seo a leanas isteach:

'Airteagal 128a

Ionsamhlúcháin bainistithe géarchéime

1. Comhordóidh ÚBE cleachtaí rialta ar fud an Aontais chun tástáil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo, Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus Threoir 2014/49/AE i gcásanna trasteorann ar gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

(a) comhar na n-údarás inniúil le linn na pleanála téarnaimh;

(b) comhar i measc na n-údarás réitigh agus na n-údarás inniúil roimh theip agus le linn réiteach na n-institiúidí airgeadais, lena n-áirítear i gcur chun feidhme scéimeanna réitigh arna nglacadh de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

2. Cuirfidh ÚBE tuarascáil i dtoll a chéile ina leagfar amach príomhthorthaí agus príomhchonclúidí na gcleachtaí. Cuirfear an tuarascáil ar fáil don phobal.'.

Airteagal 2

Trasuí

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 1 lá tar éis dháta trasuite na Treorach leasaithí seo].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach chun tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhoralacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 4

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa *An tUachtarán*	*Thar ceann na Comhairle* *An tUachtarán*